# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 63

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

20 Feabhra 2023

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2023/C 63/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . . . 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2023/C 63/02 Cás C-246/21 P: Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 – Parlaimint na hEorpa v Giulia Moi (Achomharc – Dlí Institiúideach – Feisire de Pharlaimint na hEorpa – Prionsabal ne ultra petita – Ábhar na n-imeachtaí – Ceart chun Cosanta – Airteagal 232 CFAE – Mionsonraithe maidir le feidhmiú na Parlaiminte – an séú mír d’Airteagal 263, CFAE – Tréimhse achomhairc – Cros-achomharc) . . . . . 2

2023/C 63/03 Cás C-279/21: Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Østre Landsret – an Danmhairg) – X v Udlændingenævnet (Tarchur chun réamhrialú – an Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc – Airteagal 9 – Cinneadh Uimh. 1/80 – Airteagal 10(1) – Airteagal 13 – Forálacha neamhghníomhaíochta – Athaontú teaghlaigh – Reachtaíocht náisiúnta lena dtugtar isteach coinníollacha nua níos sriantaí maidir le hathaontú teaghlaigh le haghaidh céilí náisiúnach na Tuirce a bhfuil cead buanchónaithe acu sa Bhallstát lena mbaineann – Ceanglas a fhorchur ar oibrí Turcach pas a fháil i scrúdú lena bhfianaítear leibhéal áirithe eolais ar theanga oifigiúil an Bhallstáit sin – Réasúnú – Cuspóir lena gcinntear comhtháthú rathúil) . . . . . 2

GA

2023/C 63/04 Cás C-288/21 P: Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 – Universität Koblenz-Landau v an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) (Achomharc – Clásal eadrána – Cláir Tempus IV – Comhaontú deontais Ecesis, Diusas agus Deque – Earráidí sistéamacha nó aisfhillteacha – iarraidh ar aisíocaíocht iomlán na suimeanna a íocadh – Ceart éisteacht a fháil – Prionsabal na comhréireachta – Prionsabal an ionchais dhlisteanaigh – Iarraidh ar athoscailt an nós imeachta ó bhéal ag an gcéad chéim – Airteagal 113(2)(c) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta) . . . . . 3

2023/C 63/05 Cás C-332/21: Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunalul Bucureşti – an Rómáin) – Quadrant Amroq Beverages SRL v Agenția Națională de Administrare Fiscală – Direcția Generală de Administrare a Marilor Contribuabili (Tarchur chun réamhrialú – Comhchuibhiú dlí cánach – Treoir 92/83/CEE – Struchtúir dleachtanna máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha a chomhchuibhiú – Dleachtanna máil – Alcól eitile – Díolúintí – Airteagal 27(1)(e) – Táirgeadh blastán atá beartaithe le haghaidh ullmhú earraí bia agus deochanna neamh-mheisciúla nach bhfuil níos mó ná 1,2 % d'ábhar alcóil de réir toirte acu – Raon feidhme – Prionsabail na comhréireachta agus na héifeachtachta) . . . . . 4

2023/C 63/06 Cásanna uamtha C-383/21 agus C-384/21: Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Bheilg) – Sambre & Biesme SCRL (C-383/21), Commune de Farciennes (C-384/21) v Société wallonne du logement (Tarchur chun réamhrialú – Soláthar poiblí – Treoir 2014/24/AE – Dámhachtain an chonartha phoiblí gan nós imeachta tairisceana – Conarthaí poiblí arna dtabhairt i gcrích idir eintitis ar leis an earnáil phoiblí iad – Airteagal 12(3) – Conarthaí poiblí arna ndámhachtain go hinmheánach – Coincheap "faireachán analógach" – Coinníollacha – Ionadaíocht na n-údarás conarthach rannpháirteach go léir – Airteagal 12(4) – Conradh idir údaráis chonarthacha a shaothraíonn comhchuspóirí ar mhaithe le leas an phobail – Coincheap "comhar" – Coinníollacha – Teip trasuímh laistigh de na teorainneacha ama – Éifeacht dhíreach) . . . . . 5

2023/C 63/07 Cás C-392/21: Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Cluj – an Rómáin) – TJ v Inspectoratul General pentru Imigrări (Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint – Treoir 90/270/CEE – Airteagal 9(3) – Obair le trealamh scáileán taispeána – Súile agus radharc na n-oibrithe a chosaint – Feistí ceartúcháin speisialta – Spéaclaí – Éadáil ag an oibrí – socruithe chun na costais a sheasamh ag an bhfostóir) . . . . . 6

2023/C 63/08 Cás C-404/21: Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Ordinario di Asti – an Iodáil) – WP v Istituto nazionale della previdenza sociale, Poblacht na hIodáile (Tarchur chun réamhrialú – Foireann an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) – Cearta pinsin arna bhfáil i scéim pinsean náisiúnta a aistriú chuig scéim phinsin BCE – Airteagal 4(3) CAE – Prionsabal an chomhair dhílis – Coinníollacha fostaíochta BCE – Airteagal 8 d'Iarscríbhinn IIIa – Easpa forála sa dlí náisiúnta ná comhaontaithe arna dhréachtú idir an Ballstát lena mbaineann agus BCE) . . . . . 6

2023/C 63/09 Cás C-553/21: Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof – an Ghearmáin) – Hauptzollamt Hamburg v Shell Deutschland Oil GmbH (Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2003/96/CE – Cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas – Airteagal 5, an ceathrú fleasc – Ráta difreáilte dleachta máil a bhraitheann ar úsáid ghnó nó úsáid neamhghnó na dtáirgí – Díolúintí agus laghduithe cánach roghnacha – Iarratas ar laghdú cánach roghnach arna chur isteach tar éis don tréimhse dá bhforáiltear chun na críche sin dul in éag ach roimh dhul in éag na tréimhse chun an cháin lena mbaineann a mheasúnú – Prionsabal na deimhneachta dlíthiúla – Prionsabal na héifeachtachta – Prionsabal na comhréireachta) . . . . . 7

2023/C 63/10 Cás C-656/21: Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD) – an Phortaingéil) – IM Gestão de Ativos (IMGA) – Sociedade Gestora de Organismos de Investimento Coletivo SA agus páirtithe eile v Autoridade Tributária e Aduaneira (Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2008/7/CE – Airteagal 5(2)(a) – Cánacha indíreacha ar chruinniú caipitil – Dleacht stampa ar sheirbhísí margaíochta ar iontaobhais aonad i ngnóthais chomhinfheistíochta in urrúis inaistrithe le caipiteal inathraithe) . . . . . 8

2023/C 63/11 Cás C-20/22: Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Fhrainc) – Syndicat Les Entreprises du Médicament (LEEM) v Ministre des Solidarités et de la Santé (Tarchur chun réamhrialú – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Treoir 89/105/CEE – Trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsáil táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus iad a chuimsiú faoi raon feidhme córais náisiúnta árachais breoiteachta – Airteagal 4 – Cúngach praghsanna ar gach táirge íocshláinte nó ar chatagóirí áirithe táirgí íocshláinte – Beart náisiúnta a bhaineann le táirgí íocshláinte aonair áirithe – Praghas uasta a shocrú chun táirgí áirithe íocshláinte a dhíol le bunaíochtaí sláinte) . . . . . 9

2023/C 63/12 Cás C-68/22 P: Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 – an Banc Eorpach Infheistíochta v KL (Achomharc – Seirbhís shibhialta – Baill foirne an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) – An coincheap "easláine" – Dearbhú maidir le folláine chun na hoibre – Neamhláithreacht gan chúis – Caingean le haghaidh neamhniú agus le haghaidh damáistí) . . . . . 10

2023/C 63/13 Cás C-98/22: Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Paris – an Fhrainc) – Eurelec Trading SCRL, Scabel SA v Ministre de l'Économie et des Finances (Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Dlínse aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála – Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 – Airteagal 1(1) – An coincheap "ábhair shibhialta agus tráchtála" – Caingean arna tabhairt ag údarás poiblí chun dearbhú a fháil go bhfuil cleachtais shriantacha frithiomaíochta ann, ordú a fháil lena bhforchuirtear pionós maidir leis na cleachtais sin agus ordú a fháil go gcuirfear deireadh leis na cleachtais sin) . . . . . 10

2023/C 63/14 Cás C-204/22: Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Úrad pre verejné obstarávanie – an tSlóvaic) – Úrad pre dohľad nad zdravotnou starostlivosťou, Všeobecná zdravotná poisťovňa, a.s., Dôvera zdravotná poist'ovňa a.s., Union zdravotná poisťovňa, a.s. (Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) de Rialachán Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Airteagal 267 CFAE – An coincheap "cúirt nó binse" – Critéir struchtúracha agus fheidhmiúla – Cúraimí breithiúnacha nó riaracháin a fheidhmiú – Oibleagáid comhair an chomhlachta tarchuir – Treoracha 89/665/CEE agus 2014/24/AE – Soláthar poiblí – Comhlacht náisiúnta um athbhreithniú ar nósanna imeachta soláthair phoiblí – Teidlíocht gníomhú dá thionscnamh féin – Cumhacht pionós a ghearradh – Cinntí a bheith ina gcuid de leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta – Easpa díospóide os comhair an chomhlachta a rinne an tarchur – Do-ghlacthacht fhollasach na hiarrata ar réamhrialú) . . . . . 11

2023/C 63/15 Cás C-464/22: Ordú na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Ard-Chúirt (Éire) – Enniskerry Alliance, Enniskerry Demesne Management Company CLG agus Protect East Meath Limited v An Bord Pleanála, An tArd-Aighne, Éire agus Comhairle Contae Lú (An Comhshaol – Coinbhinsiún Aarhus – Rochtain ar an gceartas – Ceanglas maidir le nós imeachta nach bhfuil róchostasach – Raon feidhme – Oibleagáid léiriú a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta) . . . . . 11

2023/C 63/16 Cás C-543/22: Ordú na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón High Court – Éire) – Save Roscam Peninsula CLG, SC-F, MF, PH, Abbey Park and District Residents Association Baldoyle v An Bord Pleanála, Galway City Council, The Minister for Housing, Local Government and Heritage, Ireland, The Attorney General agus Fingal County Council (Coinbhinsiún Aarhus – Rochtain ar an gceartas – An ceanglas nach mbeidh imeachtaí róchostasach – Raon feidhme – Oibleagáid an dlí náisiúnta nós imeachta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais) . . . . . 12

2023/C 63/17 Cás C-616/22: Ordú na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón High Court – Éire) – GY v An Bord Pleanála, The Minister for Housing, Local Government and Heritage, Ireland agus The Attorney General (Coinbhinsiún Aarhus – Rochtain ar an gceartas – An ceanglas nach mbeidh imeachtaí róchostasach – Raon feidhme – Oibleagáid an dlí náisiúnta nós imeachta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais) . . . . . 12

2023/C 63/18 Cás C-662/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 — Airbnb Ireland UC v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni . . . . . 13

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 63/19 | Cás C-663/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 — Expedia Inc. v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni | 14 |
| 2023/C 63/20 | Cás C-664/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 21 Deireadh Fómhair 2022 — Google Ireland Limited v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni | 14 |
| 2023/C 63/21 | Cás C-665/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 21 Deireadh Fómhair 2022 — Amazon Services Europe Sàrl v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni | 15 |
| 2023/C 63/22 | Cás C-666/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 21 Deireadh Fómhair 2022 — Eg Vacation Rentals Ireland Limited v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni | 16 |
| 2023/C 63/23 | Cás C-667/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 21 Deireadh Fómhair 2022 — Amazon Services Europe Sàrl v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni | 17 |
| 2023/C 63/24 | Cás C-671/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 25 Deireadh Fómhair 2022 – T GmbH v Bezirkshauptmannschaft Spittal an der Drau | 19 |
| 2023/C 63/25 | Cás C-714/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 22 Samhain 2022 – S.R.G. v Profi Credit Bulgaria EOOD | 19 |
| 2023/C 63/26 | Cás C-727/22: Iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Uachtarach (Éire) a taisceadh an 25 Samhain 2022 – Friends of the Irish Environment CLG v Rialtas na hÉireann, an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Éire agus an tArd-Aighne | 20 |
| 2023/C 63/27 | Cás C-733/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 29 Samhain 2022 – Direktor na Direktsia "Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika" – Sofia pri Tsentralno upravlenie na NAP v "Valentina Heights" EOOD | 21 |
| 2023/C 63/28 | Cás C-737/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Østre Landsret (an Danmhairg) a taisceadh an 1 Nollaig 2022 – Staten og Kommunernes Indkøbsservice A/S v BibMedia A/S | 22 |
| 2023/C 63/29 | Cás C-740/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Itä-Suomen hovioikeus (an Fhionlainn) a taisceadh an 2 Nollaig 2022 – Endemol Shine Finland Oy | 22 |
| 2023/C 63/30 | Cás C-746/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék (an Ungáir) an 6 Nollaig 2022 — Slovenské Energetické Strojárne A. S. v Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága | 23 |
| 2023/C 63/31 | Cás C-777/22 P: Achomharc arna thabhairt ag an mBanc Ceannais Eorpach an 21 Nollaig 2022 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra, Comhdhéanamh leathnaithe) an 12 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-502/19 Francesca Corneli v BCE | 24 |
| 2023/C 63/32 | Cás C-781/22 P: Achomharc arna thabhairt an 23 Nollaig 2022 ag LE i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Chéad Dlísheomra) a tugadh an 26 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-475/20, LE v an Coimisiún | 25 |
| 2023/C 63/33 | Cás C-787/22 P: Achomharc arna thabhairt an 29 Nollaig 2022 ag "Sistem ecologica" production, trade and services d.o.o. Srbac i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra) a tugadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-81/21, "Sistem ecologica" production, trade and services d.o.o. v an Coimisiún | 26 |

2023/C 63/34 Cás C-789/22 P: Achomharc arna thabhairt ag an gCoimisiún Eorpach an 22 Nollaig 2022 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra méadaithe) an 12 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-502/19 Francesca Corneli v an Banc Ceannais Eorpach (BCE) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 27

2023/C 63/35 Cás C-797/22 P: Achomharc arna thabhairt ag an bPhoblacht Heilléanach an 27 Nollaig 2022 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Chéad Dlísheomra) an 19 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-850/19 An Phoblacht Heilléanach v an Coimisiún Eorpach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 28


**Chúirt Ghinearálta**

2023/C 63/36 Cás T-586/14 RENV II: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Xinyi PV Products (Anhui) Holdings v an Coimisiún (Dumpáil – Allmhairí gloine gréine de thionscnamh na Síne – Airteagail 2(8) go (10), 19 agus 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 [Airteagail 2(8) go (10), 19 agus 20 de Rialachán (AE) 2016/1036 anois] – Ceart rochtana ar dhoiciméid rúnda – Earráid fhollasach measúnaithe – Cearta na cosanta) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 30

2023/C 63/37 Cás T-111/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – PT Wilmar Bioenergi Indonesia agus páirtithe eile v an Coimisiún (Fóirdheontais – Allmhairí bithdhíosail de thionsnamh na hIndinéise – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 – Dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha – Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/1037 – Ranníocaíocht airgeadais – Airteagal 3(2) de Rialachán 2016/1037 – Buntáiste – Airteagal 7(1)(a) de Rialachán 2016/1037 – Méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe a ríomh – Pointe 1(a)(iv) agus pointe 2 d'Airteagal 3 de Rialachán 2016/1037 – Gníomh comhdhéanta de comhlacht príobháideach a choimisiúnú chun feidhm ranníocaíochta airgeadais a chomhlíonadh, nó é a ordú lena dhéanamh – Luach saothair nach leordhóthanach – Tacaíocht ioncaim nó praghais – Airteagal 28(5) de Rialachán 2016/1037 – Úsáid na sonraí atá ar fáil – Airteagail 3(2) agus 6(d) de Rialachán 2016/1037 – Buntáiste – Airteagal 8(8) de Rialachán 2016/1037 – Baol díobhála ábhartha do thionscal an Aontais – Airteagal 8(5) agus (6) de Rialachán 2016/1037 – Nasc cúisíoch – Anailís aitreabúideachta – Anailís neamh-aitreabúideachta) . 31

2023/C 63/38 Cás T-126/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Autoridad Portuaria de Bilbao v an Coimisiún (Státchabhair – Earnáil na gcalafort – Scéim díolúine ó cháin chorparáide arna cur chun feidhme ag an Spáinn i bhfabhar calafort i gcúige na Bioscáine – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an státchabhair ar neamhréir leis an margadh inmheánach – Cabhair atá ann cheana – Buntáiste – Dualgas cruthúnais – Cineál roghnaitheach – Éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit – Saobhadh iomaíochta – Bearta iomchuí) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 31

2023/C 63/39 Cás T-138/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – PT Ciliandra Perkasa v an Coimisiún (Fóirdheontais – Allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 – Dleacht frithchúitimh chinntitheach – Airteagal 8(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/1037 – Sladghearradh praghsanna – Brú praghsanna – Airteagal 8(5) de Rialachán 2016/1037 – Nasc cúisíoch – Airteagal 3(2) agus Airteagal 6(d) de Rialachán 2016/1037 – Sochar – Airteagal 3(1)(a)(i) agus (2) de Rialachán 2016/1037 – Aistriú díreach cistí – Airteagal 7 de Rialachán 2016/1037 – Méid an tsochair a ríomh – Airteagal 8(1) agus (8) de Rialachán 2016/1037 – Bagairt díobhála ábhartha – Cearta na cosanta) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 32

2023/C 63/40 Cás T-143/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – PT Pelita Agung Agrindustri agus PT Permata Hijau Palm Oleo v an Coimisiún (Fóirdheontais – Allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 – Dleacht frithchúitimh chinntitheach – Airteagal 8(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/1037 – Sladghearradh praghsanna – Brú praghsanna – Airteagal 8(5) de Rialachán 2016/1037 – Nasc cúisíoch – Airteagal 3(1)(a)(iv) agus (2) de Rialachán 2016/1037 – Gníomh arb ionann é agus "dul ar iontaoibh" comhlachta phríobháidigh chun feidhm ar ranníocaíocht airgeadais í a chur i gcrích nó arb ionann é agus "ordú" dó é sin a dhéanamh – Luach saothair nach bhfuil leordhóthanach – Tacaíocht ioncaim nó praghsanna – Airteagal 3(2) agus 6(d), de Rialachán 2016/1037 – Sochar – Airteagal 3(1)(a)(i) agus (2) de Rialachán 2016/1037 – Aistriú díreach cistí – Airteagal 7 de Rialachán 2016/1037 – Méid an tsochair a ríomh – Airteagal 8(1) agus (8) de Rialachán 2016/1037 – Bagairt díobhála ábhartha – Cearta na cosanta) . . . . . . . . . . . . . . . . . . 33

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 63/41 | Cás T-526/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Devin v EUIPO – Haskovo Chamber of Commerce and Industry (DEVIN) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "DEVIN" – Dearbhfhorais le diúltú – Cineál tuairisciúil – Ainm geografach – Easpa coimhlinte leis an mbeartas poiblí – Easpa mairc de chineál a chuirfeadh dallamullóg ar an bpobal, – Airteagal 7(1)(c), (f) agus (g) de Rialachán Uimh. 207/2009 [Airteagal 7(1)(c), (f) agus (g) de Rialachán 2017/1001 anois] – Sainiúlacht a fuarthas trí úsáid – Airteagal 7(3) agus Airteagal 52(2) de Rialachán Uimh. 207/2009 [Airteagal 7(3) agus Airteagal 52(2) de Rialachán 2017/1001 anois] – Frithéileamh) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 33 |
| 2023/C 63/42 | Cás T-533/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Green Power Technologies v an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (Clásal eadrána – Seachtú clár réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 – 2013) – Conarthaí deontais – Costais incháilithe – Tuarascáil ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) inar aimsíodh go raibh caiteachas áirithe neamh-incháilithe – Aisíocaíocht suimeanna a íocadh – Dualgas cruthúnais – Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013 – Frithéileamh) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 34 |
| 2023/C 63/43 | Cás T-687/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Jinan Meide Casting agus páirtithe eile v an Coimisiún (Dumpáil – Allmhairí d'fheistithe feadáin agus píopa snáithithe, múnlaithe, déanta as iarann teilgthe intuargainte, de thionscnamh na Síne – Dleacht frithdhumpála chinntitheach a athchur – Deimhneacht dhlíthiúil – Ionchas dlisteanach – Neamh-aisghníomhaíocht – Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 [Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/1036 anois] – Comhréireacht – Clárú allmhairí – Airteagal 14(5) de Rialachán Uimh. 1225/2009 [Airteagal 14(5) de Rialachán 2016/1036 anois]) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 35 |
| 2023/C 63/44 | Cás T-753/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Green Power Technologies v an Coimisiún (Clásal eadrána – Seachtú clár réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 – 2013) – Conarthaí deontais – Costais incháilithe – Tuarascáil ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) inar aimsíodh go raibh caiteachas áirithe neamh-incháilithe – Aisíocaíocht suimeanna a íocadh – Dualgas cruthúnais – Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013 – Oibleagáid cúiseanna a lua – Saibhriú éagórach – Caingean le haghaidh neamhniú – Tuarascáil OLAF – Acht nach bhfuil faoi réir achomhairc – Do-ghlacthacht) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 36 |
| 2023/C 63/45 | Cás T-182/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – PKK v an Chomhairle (Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i gcoinne PKK i gcomhthéacs an chomhraic in aghaidh na sceimhlitheoireachta – Reo na gcistí – Comhsheasamh 2001/931/CBES – Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 – Infheidhmeacht maidir le cásanna coinbhleachta armtha – Grúpa sceimhlitheoireachta – Bunús fíorasach na gcinntí cistí a reo – Cinneadh arna ghlacadh ag údarás inniúil – Údarás tríú Stáit – Athbhreithniú – Oibleagáid cúiseanna a lua – Comhréireacht – Cearta na cosanta – Ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 36 |
| 2023/C 63/46 | Cás T-296/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – SU v ÚEÁPC (Státseirbhís – Gníomhairí sealadacha – Conradh ar théarma seasta – Neamh-athnuachan – Próiseas athnuachana – Tuarascálacha meastóireachta a bhreithniú – Tuarascáil mheastóireachta neamhchríochnaithe – Cuntasacht – Damáiste airgid – Deis a chailleadh – Damáiste neamhábhartha – Dlínse neamhtheoranta – Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta a fhorghníomhú) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 37 |
| 2023/C 63/47 | Cás T-312/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – SY v an Coimisiún (Seirbhís Shibhialta – Earcaíocht – Fógra comórtais – Comórtas oscailte EPSO/AD/374/19 – Cinneadh gan ainm an iarratasóra a chur ar an liosta ionadaithe don chomórtas – Caingean le haghaidh neamhniú – Leasú ar an bhfógra comórtais tar éis na tástálacha iontrála a reáchtáil go páirteach – Easpa bunús dlí – Ionchais dhlisteanacha – Deimhneacht dhlíthiúil – Force majeure – Cóir chomhionann – Teideal chun socruithe speisialta – Eagraíocht na dtrialacha go cianda – Ráta ard pas na n-iarrthóirí inmheánacha – Caingean a bhaineann le mainneachtain gníomhú) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 38 |
| 2023/C 63/48 | Cás T-346/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 11 Eanáir 2023 – Hecht Pharma v EUIPO – Gufic BioSciences (Gufic) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Gufic – Fíorúsáid an trádmhairc – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Úsáid phoiblí agus amach – Tábhacht na húsáide – Cineál agus foirm na húsáide – Úsáid i ndáil leis na hearraí a bhfuil an trádmharc cláraithe ina leith) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 39 |
| 2023/C 63/49 | Cás T-358/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Hotel Cipriani v EUIPO – Altunis (CIPRIANI FOOD) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "CIPRIANI FOOD" – Fíorúsáid a bhaint as an trádmharc – Cineál úsáide – Airteagal 18(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Tábhacht a bhaineann le húsáid – Airteagal 58(1)(a) agus (2) de Rialachán 2017/1001) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 40 |

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 63/50 | Cás T-440/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – TM v BCE (Seirbhís Shibhialta – Baill foirne BCE – Earcaíocht – Fógra folúntais – Nós imeachta chun post [sonraí rúnda fágtha ar lár] a líonadh – Critéir roghnúcháin – Taithí ghairmiúil – Diúltú d'iarratas – Ceapadh iarrthóra eile – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráid fhollasach measúnaithe – Mí-úsáid cumhachtaí – Leas na seirbhíse – Dliteanas – Damáiste airgid agus neamhairgid) | 40 |
| 2023/C 63/51 | Cás T-490/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Vanhoudt v BEI (Seirbhís Shibhialta – Baill foirne BEI – Earcaíocht – Fógra folúntais – Diúltú d'iarratas – Ceapadh iarrthóra eile – Oibleagáid cúiseanna a lua – Sárú nós imeachta earcaíochta – Earráid fhollasach measúnaithe – Dliteanas) | 41 |
| 2023/C 63/52 | Cás T-530/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Pierre Lannier v EUIPO – Pierre Lang Trading (PL) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear na ceannlitreacha "P" agus "L" forshuite – Marc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear teaglaim scáthánaithe de cheannlitreacha "P" agus "L" forshuite – Inghlacthacht an achomhairc os comhair an Bhoird Achomhairc – Seasamh chun imeachtaí a thionscnamh – Forais choibhneasta le diúltú – Dóchúlacht mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) den Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 [Airteagal 8(1)(b) den Rialachán (AE) 2017/1001 anois]) | 42 |
| 2023/C 63/53 | Cás T-553/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Agrarfrost v EUIPO – McCain (Cruth straoiseoige) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Trádmharc tríthoiseach de chuid an Aontais Eorpaigh – Cruth straoiseoige – Fíorúsáid an trádmhairc – Airteagal 18(1), dara fomhír, (a) agus Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Cineál úsáide – Gan athrú ar shaintréith) | 42 |
| 2023/C 63/54 | Cás T-636/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Eurol v EUIPO – Pernsteiner (eurol LUBRICANTS) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach – Marc fíortha eurol LUBRICANTS – Focalmharc náisiúnta níos luaithe "EUROLLUBRICANTS" – Fianaise maidir le fíorúsáid an trádmhairc níos luaithe – Airteagail 15 agus 57 de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 [Airteagail 18 agus 64 de Rialachán (AE) 2017/1001 anois] – Úsáid le toiliú dhílseánach an trádmhairc – Easpa athraithe ar shaintréith – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 [Airteagal 8 (1)(b) de Rialachán 2017/1001 anois]) | 43 |
| 2023/C 63/55 | Cás T-18/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Nemport Liman İşletmeleri Ve Özel Antrepo Nakliye Ticaret v EUIPO – Newport Europe (NEMPORT LİMAN İŞLETMELERİ) (Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "NEMPORT LİMAN İŞLETMELERİ" – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe "Newport" – Foras coibhneasta le diúltú – Éagmas riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001) | 44 |
| 2023/C 63/56 | Cás T-46/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Esedra v an Pharlaimint (Conradh seirbhíse poiblí – Nós imeachta tairisceana – Bainistiú iomlán ar ionad luath-óige na Parlaiminte sa Bhruiséil – Diúltú do thairiscint an tairgeora – Tairiscint thar a bheith íseal – Comhréireacht tairisceana leis na coinníollacha atá leagtha síos sna sonraíochtaí tairisceana – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráidí follasacha measúnaithe) | 44 |
| 2023/C 63/57 | Cás T-735/16: Ordú na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2022 – CX v an Choimisiún (Státseirbhís – Oifigigh – Imeachtaí araíonachta – Dífhostú – Cinneadh luach saothair an iarratasóra a laghdú – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais) | 45 |
| 2023/C 63/58 | Cás T-52/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2022 – CX v an Choimisiún (Státseirbhís – Oifigigh – Imeachtaí araíonachta – Dífhostú – Cinneadh ath-lánpháirtiú – Iarraidh ar neamhniú – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais – Éileamh ar chúiteamh – Deis ardú céime a chailliúint – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach) | 45 |
| 2023/C 63/59 | Cás T-280/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2022 – CX v an Choimisiún (Státseirbhís – Oifigigh – Imeachtaí araíonachta – Dífhostú – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais) | 46 |

2023/C 63/60 Cás T-675/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Nollaig 2022 – Leonardo v Frontex (Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Nós imeachta tairisceana – Seirbhís aerfhaireachais – Córas aerárthaigh chianrialaithe – Diúltú rochtana – Iarraidh ón dá phríomhpháirtí nach gá breith a thabhairt – Neamhláithreacht tarraingthe siar – Riar cuí an cheartais – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais) . . . . . . . . 47

2023/C 63/61 Cás T-522/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 19 Nollaig 2022 – XH v an Coimisiún (Seirbhís Shibhialta – Oifigigh – Ardú céime – Cleachtadh um ardú céime 2020 – Cinneadh lena ndiúltaítear comhad Sysper an iarratasóra a leasú – Cinneadh gan ardú céime a bhronnadh ar an iarratasóir – Teorainneacha ama le haghaidh achomhairc – Ceist leasa poiblí – Pointe tosaigh – Iarratas ar chúnamh dlí – Teorainneacha ama a chur ar fionraí – Ríomh na dteorainneacha ama – Moille – Foiche Dé nó force majeure – Earráid inmhaite – Do-ghlacacht) . . . . . . . . 47

2023/C 63/62 Cás T-709/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – WhatsApp Ireland v an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (Caingean le haghaidh neamhniú – sonraí pearsanta a chosaint – Dréachtchinneadh ón bpríomhúdarás – Réiteach díospóidí idir údaráis mhaoirseachta ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí – Cinneadh ceangailteach – Airteagal 60(4) agus Airteagal 65(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/679 – Acht nach bhfuil faoi réir achomhairc – Gníomh ullmhúcháin – Easpa cúraim dhírigh) 48

2023/C 63/63 Cás T-717/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – ICA Traffic v an Coimisiún (Caingean le haghaidh neamhniú – Soláthar poiblí – Nós imeachta caibidlithe gan réamhfhoilsiú fógra tairisceana – Soláthar róbait díghalraithe d'ospidéil Eorpacha i gcomhthéacs na géarchéime COVID-19 – Uaschainníocht táirgí le soláthar faoi chonradh réime – Beart is cuid de réim conarthach amháin – Beart do – chaingne – Doghlacacht) . . . . . . . . 49

2023/C 63/64 Cás T-721/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – Sunrise Medical agus Sunrise Medical Logistics v an Choimisiún (Caingean le haghaidh neamhniú – Aontas custaim – Comhtharaif chustaim – Ainmníocht taraife agus staidrimh – Aicmiú san Ainmníocht Chomhcheangailte – Ceannteideal taraife – Gníomh rialála lena bhforáiltear bearta cur chun feidhme – Easpa cúraim aonair – Do-ghlacthacht) . . . . . . . . 49

2023/C 63/65 Cás T-717/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 16 Nollaig 2022 – EMS v EUIPO (AIRFLOW) (Caingean le haghaidh neamhniú – Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach – Focalmharc AIRFLOW – Dearbhfhorais le diúltú – Easnamh saintréith – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach) . . . . . . . . 50

2023/C 63/66 Cás T-110/22: Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Kremer v an Coimisiún (Státsheirbhís – Ball foirne ar conradh – Pinsin scoir – Cearta pinsin a fuarthas roimh dhul isteach i seirbhís an Aontais Eorpaigh – Aistriú go scéim an Aontais – Blianta de sheirbhís inphinsin sa bhreis – Caingean le haghaidh neamhniú – Iarratas ar aisíocaíocht an chaipitil a aistríodh nár eascair bónas as – Teorainn ama chun gearán a dhéanamh – Saibhriú éagórach – Do-ghlacthacht fhollasach) . . . . . . . . 50

2023/C 63/67 Cás T-111/22: Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Baert v an Coimisiún (Seirbhís shibhialta – Pinsean scoir – Cearta pinsin a fuarthas roimh dhul isteach i seirbhís an Aontais Eorpaigh – Aistriú chuig scéim AE – Blianta breise de sheirbhís inphinsin a chreidiúnú – Caingean le haghaidh neamhniú – Iarratas ar aisíocaíocht an chaipitil aistrithe nach bhfuil blianta breise sochair tagtha chun cinn dá bharr – Teorainn ama chun gearán a dhéanamh – Saibhriú éagórach – Do-ghlacthacht fhollasach) . . . . . . . . 51

2023/C 63/68 Cás T-116/22 R: Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Samhain 2022 – Belavia v an Chomhairle (Bearta idirlinne – An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne) . . . . . . . . 52

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 63/69 | Cás T-264/22: Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Suicha v EUIPO – Michael Kors (Switzerland) International (“MK MARKTOMI MARKTOMI”) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “MK MARKTOMI MARKTOMI” – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “MK MICHAEL KORS” roimhe seo – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) agus Airteagal 60(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach) | 52 |
| 2023/C 63/70 | Cás T-311/22: Ordú na Cúirte Ginearálta an 9 Nollaig 2022 – AMO Development v EUIPO (Uirlisí Leighis) (Dearadh Comhphobail – Dearaí Comhphobail lena léirítear uirlisí leighis – Éagmais iarratas ar athnuachan – Díchlárú na ndearaí ar dhul in éag an chláraithe – Iarratas ar restitutio in integrum – Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 – Dualgas cúram cuí a ghlacadh – Caingean atá gan bhunús sa dlí go follasach) | 53 |
| 2023/C 63/71 | Cás T-713/22: Caingean arna tabhairt an 14 Samhain 2022 — Portumo Madeira agus Páirtithe Eile v an Coimisiún | 54 |
| 2023/C 63/72 | Cás T-720/22: Caingean arna tabhairt an 15 Samhain 2022 — Nova Ship Invest v an Coimisiún | 55 |
| 2023/C 63/73 | Cás T-724/22: Caingean arna tabhairt an 15 Samhain 2022 — Neottolemo v an Coimisiún | 56 |
| 2023/C 63/74 | Cás T-725/22: Caingean arna tabhairt an 15 Samhain 2022 — Register.com v an Coimisiún | 56 |
| 2023/C 63/75 | Cás T-760/22: Caingean arna tabhairt an 6 Nollaig 2022 – TB v ENISA | 57 |
| 2023/C 63/76 | Cás T-786/22: Caingean arna tabhairt an 18 Nollaig 2022 — Frajese v an Coimisiún | 58 |
| 2023/C 63/77 | Cás T-788/22: Caingean arna tabhairt an 19 Nollaig 2022 – PT v an Coimisiún | 60 |
| 2023/C 63/78 | Cás T-790/22: Caingean arna tabhairt an 1 Nollaig 2022 – Sberbank Europe v BCE | 60 |
| 2023/C 63/79 | Cás T-797/22: Caingean arna tabhairt an 26 Nollaig 2022 – Ordre néerlandais des avocats du barreau de Bruxelles agus páirtithe eile v an Chomhairle | 61 |
| 2023/C 63/80 | Cás T-798/22: Caingean arna tabhairt an 28 Nollaig 2022 – Ordre des avocats à la cour de Paris agus Couturier v an Chomhairle | 62 |
| 2023/C 63/81 | Cás T-803/22: Caingean arna tabhairt an 30 Nollaig 2022 – TZ v an Chomhairle | 64 |
| 2023/C 63/82 | Cás T-830/22: Caingean arna tabhairt an 22 Nollaig 2022 — an Pholainn v an Coimisiún Eorpach | 64 |
| 2023/C 63/83 | Cás T-831/22: Caingean arna tabhairt an 22 Nollaig 2022 – TO v EUAA | 65 |
| 2023/C 63/84 | Cás T-3/23: Caingean arna tabhairt an 9 Eanáir 2023 – UA v EUAA | 66 |
| 2023/C 63/85 | Cás T-5/23: Caingean arna tabhairt an 10 Eanáir 2023 – Illumina v an Coimisiún | 67 |
| 2023/C 63/86 | Cás T-780/19: Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Smith & Nephew USD agus Smith & Nephew USD One v an Coimisiún | 68 |
| 2023/C 63/87 | Cás T-76/22: Ordú na Cúirte Ginearálta an 19 Nollaig 2022 – Schwa-Medico v EUIPO – Med-El Elektromedizinische Geräte (STIWELL) | 68 |
| 2023/C 63/88 | Cás T-443/22: Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Nollaig 2022 – PV v Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh | 68 |

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

## Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2023/C 63/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 54, 13.2.2023

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 45, 6.2.2023

IO C 35, 30.1.2023

IO C 24, 23.1.2023

IO C 15, 16.1.2023

IO C 7, 9.1.2023

IO C 482, 19.12.2022

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 – Parlaimint na hEorpa v Giulia Moi**

**(Cás C-246/21 P)** [1]

***(Achomharc – Dlí Institiúideach – Feisire de Pharlaimint na hEorpa – Prionsabal ne ultra petita – Ábhar na n-imeachtaí – Ceart chun Cosanta – Airteagal 232 CFAE – Mionsonraithe maidir le feidhmiú na Parlaiminte – an séú mír d'Airteagal 263, CFAE – Tréimhse achomhairc – Cros-achomharc)***

(2023/C 63/02)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: T. Lazian, S. Seyr agus M. Windisch, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Giulia Moi (ionadaithe: M. Pisano agus P. Setzu, avvocati)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don phríomh-achomharc agus don chros-achomharc.

2) Ordaítear do Pharlaimint na hEorpa na costais a bhaineann leis an bpríomh-achomharc a íoc.

3) Ordaítear do Giulia Moi na costais a bhaineann leis an gcros-achomharc a íoc.

---

(1) IO C 228, 14.06.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Østre Landsret – an Danmhairg) – X v Udlændingenævnet**

**(Cás C-279/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – an Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc – Airteagal 9 – Cinneadh Uimh. 1/80 – Airteagal 10(1) – Airteagal 13 – Forálacha neamhghníomhaíochta – Athaontú teaghlaigh – Reachtaíocht náisiúnta lena dtugtar isteach coinníollacha nua níos sriantaí maidir le hathaontú teaghlaigh le haghaidh céilí náisiúnach na Tuirce a bhfuil cead buanchónaithe acu sa Bhallstát lena mbaineann – Ceanglas a fhorchur ar oibrí Turcach pas a fháil i scrúdú lena bhfianaítear leibhéal áirithe eolais ar theanga oifigiúil an Bhallstáit sin – Réasúnú – Cuspóir lena gcinntear comhtháthú rathúil)***

(2023/C 63/03)

*Teanga an cháis: an Danmhairgis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Østre Landsret

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* X

*Cosantóir:* Udlændingenævnet

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 13 de Chinneadh Uimh. 1/80 ón gComhairle Comhlachais an 19 Meán Fómhair 1980, maidir le forbairt an chomhlachais idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Tuirc,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

is ionann reachtaíocht náisiúnta arna thabhairt isteach tar éis teacht i bhfeidhm an chinnidh seo sa Bhallstát lena mbaineann, a chuireann athaontú teaghlaigh idir oibrí Turcach a bhfuil cónaí air go dleathach sa Bhallstát sin agus a chéilí faoi réir an choinníll go n-éireoidh leis an oibrí sin i scrúdú lena bhfianaítear leibhéal áirithe eolais ar theanga oifigiúil an Bhallstáit sin, agus "srian nua" de réir bhrí na forála seo. Ní féidir le cuspóir comhtháthú rathúil an chéile sin a chinntiú údar a thabhairt le srian den sórt sin, ós rud é nach gceadaítear leis an reachtaíocht do na húdaráis inniúla cumas an chéile féin comhtháthú ná fachtóirí, seachas scrúdú den sórt sin a rith, lena bhfianaítear comhtháthú éifeachtach an oibrí sin sa Bhallstát lena mbaineann, agus dá bhrí sin, a chumas chun cabhrú lena chéile comhtháthú sa Bhallstát sin, a chur san áireamh.

(1) IO C 278, 12.7.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 – Universität Koblenz-Landau v an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)**

**(Cás C-288/21 P)** (1)

***(Achomharc – Clásal eadrána – Cláir Tempus IV – Comhaontú deontais Ecesis, Diusas agus Deque – Earráidí sistéamacha nó aisfhillteacha – iarraidh ar aisíocaíocht iomlán na suimeanna a íocadh – Ceart éisteacht a fháil – Prionsabal na comhréireachta – Prionsabal an ionchais dhlisteanaigh – Iarraidh ar athoscailt an nós imeachta ó bhéal ag an gcéad chéim – Airteagal 113(2)(c) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta)***

(2023/C 63/04)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Universität Koblenz-Landau (ionadaithe: R. Di Prato agus C. von der Lühe, Rechtsanwälte)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) (ionadaithe: H. Monet agus N. Sbrilli, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó R. van der Hout, advocaat, agus C. Wagner, Rechtsanwalt)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Universität Koblenz-Landau na costais a íoc.

(1) IO C 278, 12.7.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunalul Bucureşti – an Rómáin) – Quadrant Amroq Beverages SRL v Agenția Națională de Administrare Fiscală – Direcția Generală de Administrare a Marilor Contribuabili**

**(Cás C-332/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhchuibhiú dlí cánach – Treoir 92/83/CEE – Struchtúir dleachtanna máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha a chomhchuibhiú – Dleachtanna máil – Alcól eitile – Díolúintí – Airteagal 27(1)(e) – Táirgeadh blastán atá beartaithe le haghaidh ullmhú earraí bia agus deochanna neamh-mheisciúla nach bhfuil níos mó ná 1,2 % d'ábhar alcóil de réir toirte acu – Raon feidhme – Prionsabail na comhréireachta agus na héifeachtachta)***

(2023/C 63/05)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunalul Bucureşti

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Quadrant Amroq Beverages SRL

*Cosantóir:* Agenția Națională de Administrare Fiscală – Direcția Generală de Administrare a Marilor Contribuabili

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagal 27(1)(e) de Threoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992, maidir le struchtúir na ndleachtanna máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha a chomhchuibhiú,

ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar seo a leanas:

tagann alcól eitile a úsáidtear chun blastáin a tháirgeadh a úsáidtear ina seal ina dhiaidh sin le haghaidh ullmhú deochanna neamh-mheisciúla nach bhfuil níos mó ná 1,2 % d'ábhar alcóil de réir toirte acu, agus alcól eitile a úsáideadh cheana chun blastáin den sórt sin a tháirgeadh, faoin díolúine dá bhforáiltear san fhoráil sin.

2) Maidir le hAirteagal 27(1)(e) de Threoir 92/83,

ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar seo a leanas:

i gcás inar scaoileadh alcól eitile lena thomhailt i mBallstát ina bhfuil sé díolmhaithe ó dhleacht mháil, ar an bhforas gur úsáideadh é chun blastáin a tháirgeadh atá beartaithe le haghaidh ullmhú deochanna neamh-mheisciúla nach bhfuil níos mó ná 1,2 % d'ábhar alcóil de réir toirte acu, agus go ndéanfar é a mhargú i mBallstát eile ansin, ceanglófar ar an mBallstát sin an t-alcól eitile sin a chóireáil ar an mbealach céanna ina chríoch, ar an bhforas gur chuir an chéad Bhallstát an díolúine dá bhforáiltear san fhoráil sin i bhfeidhm i gceart agus nach bhfuil aon fhianaise imghabhála, seachanta nó mí-úsáide ann.

3) Maidir le hAirteagal 27(1)(e) de Threoir 92/83,

ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar seo a leanas:

cuirtear bac leis ar reachtaíocht Ballstáit a dheonaíonn d'oibreoir eacnamaíoch a dhéanann margaíocht ar tháirgí a cheannaítear ina chríoch ó dhíoltóir atá suite i gcríoch Ballstáit eile inar monaraíodh iad, ina ndearnadh iad a scaoileadh lena dtomhailt agus a dhíolmhaíodh ó dhleacht mháil i gcomhréir leis an bhforáil sin, tairbhe na díolúine dá bhforáiltear san fhoráil sin ar choinníoll gur coinsíní cláraithe é an t-oibreoir sin agus go bhfuil stádas coimeádaí údaraithe stórais ag an díoltóir, mura léir ó fhianaise shonrach, oibiachtúil agus infhíoraithe go bhfuil na coinníollacha sin riachtanach chun cur i bhfeidhm ceart agus díreach na díolúine sin a áirithiú agus chun aon imghabháil, seachaint nó mí-úsáid a chosc.

([1]) IO C 357, 6. 9.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Bheilg) – Sambre & Biesme SCRL (C-383/21), Commune de Farciennes (C-384/21) v Société wallonne du logement**

**(Cásanna uamtha C-383/21 agus C-384/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Soláthar poiblí – Treoir 2014/24/AE – Dámhachtain an chonartha phoiblí gan nós imeachta tairisceana – Conarthaí poiblí arna dtabhairt i gcrích idir eintitis ar leis an earnáil phoiblí iad – Airteagal 12(3) – Conarthaí poiblí arna ndámhachtain go hinmheánach – Coincheap "faireachán analógach" – Coinníollacha – Ionadaíocht na n-údarás conarthach rannpháirteach go léir – Airteagal 12(4) – Conradh idir údaráis chonarthacha a shaothraíonn comhchuspóirí ar mhaithe le leas an phobail – Coincheap "comhar" – Coinníollacha – Teip trasuímh laistigh de na teorainneacha ama – Éifeacht dhíreach)***

(2023/C 63/06)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: Sambre & Biesme SCRL (C-383/21), Commune de Farciennes (C-384/21)

*Cosantóir:* Société wallonne du logement

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagal 12(3) agus (4) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014, maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE,

ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar seo a leanas:

bíonn éifeachtaí díreacha aici in imeachtaí idir daoine dlítheanacha a rialaítear leis an dlí poiblí maidir le dámhachtain dhíreach conarthaí poiblí, cé gur mhainnigh an Ballstát lena mbaineann an Treoir sin a thrasuí sa dlí náisiúnta laistigh den tréimhse fhorordaithe.

2) Maidir le fomhír (i) den dara mír d' Airteagal 12(3) de Threoir 2014/24

ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar seo a leanas:

chun a shuí go ndéanann údarás conarthach, i gcomhpháirt le húdaráis chonarthacha eile, rialú ar an duine dlítheanach conarthach a fheidhmiú cosúil leis an rialú a fheidhmíonn siad ar a gcuid seirbhísí féin, níl an ceanglas a leagtar síos san fhoráil sin, a bhaineann le hionadaíocht a bheith á dhéanamh ar údarás conarthach i gcomhlachtaí cinnteoireachta an duine dhlítheanaigh rialaithe, sásta ar an bhforas amháin go bhfuil suíomh ionadaí údaráis chonarthaigh eile, atá ina chomhalta de bhord stiúrthóirí an chéad údaráis chonarthaigh freisin, ar bhord stiúrthóirí an duine dhlítheanaigh sin.

3) Maidir le hAirteagal 12(4) de Threoir 2014/24

ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar seo a leanas:

ní bhíonn conradh poiblí lena gcuirtear cúraimí seirbhíse poiblí de chúram ar údarás conarthach, ar cuid iad de chaidreamh comhoibritheach idir údaráis chonarthacha eile eisiata ó raon feidhme na Treorach sin i gcás nach bhféachann an t-údarás conarthach ar cuireadh na cúraimí sin air, trí chúraimí den sórt sin a chur i gcrích, le cuspóirí a roinneann sé leis na húdaráis chonarthacha eile a bhaint amach, ach tá sé teoranta do rannchuidiú le cuspóirí nach bhfuil i gcoiteann acu ach ag na húdaráis chonarthacha eile sin a bhaint amach.

([1]) IO C 357, 6.9.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Cluj – an Rómáin) – TJ v Inspectoratul General pentru Imigrări**

**(Cás C-392/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint – Treoir 90/270/CEE – Airteagal 9(3) – Obair le trealamh scáileán taispeána – Súile agus radharc na n-oibrithe a chosaint – Feistí ceartúcháin speisialta – Spéaclaí – Éadáil ag an oibrí – socruithe chun na costais a sheasamh ag an bhfostóir)***

(2023/C 63/07)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Curtea de Apel Cluj

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* TJ

*Cosantóir:* Inspectoratul General pentru Imigrări

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagal 9(3) de Threoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990, maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taisealbhtha (cúigiú Treoir leithleach de réir bhrí Airteagal 16(14) de Threoir 89/391/CEE),

ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar seo a leanas:

áirítear le "feistí ceartúcháin speisialta", dá bhforáiltear san fhoráil sin, spéaclaí atá dírithe go sonrach chun neamhoird amhairc a cheartú agus a chosc i dtaca le hobair a bhaineann le trealamh scáileáin taispeána. Ina theannta sin, níl na "feistí ceartúcháin speisialta" sin teoranta d'fheistí a úsáidtear go heisiach i gcomhthéacs gairmiúil.

2) Maidir le hAirteagal 9(3) agus (4) de Threoir 90/270,

ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar seo a leanas:

is féidir an oibleagáid atá ar an bhfostóir feiste ceartúcháin speisialta a sholáthar do na hoibrithe lena mbaineann, dá bhforáiltear san fhoráil sin, a chomhlíonadh trí sholáthar díreach na feiste sin ag an bhfostóir, nó trí aisíoc an chaiteachais is gá a arna dtabhú ag an oibrí, ach ní trí phréimh pá ghinearálta a íoc leis an oibrí.

[1] IO C 391, 27.9.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Ordinario di Asti – an Iodáil) – WP v Istituto nazionale della previdenza sociale, Poblacht na hIodáile**

**(Cás C-404/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Foireann an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) – Cearta pinsin arna bhfáil i scéim pinsean náisiúnta a aistriú chuig scéim phinsin BCE – Airteagal 4(3) CAE – Prionsabal an chomhair dhílis – Coinníollacha fostaíochta BCE – Airteagal 8 d'Iarscríbhinn IIIa – Easpa forála sa dlí náisiúnta ná comhaontaithe arna dhréachtú idir an Ballstát lena mbaineann agus BCE)***

(2023/C 63/08)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale Ordinario di Asti

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* WP

*Cosantóirí:* Istituto nazionale della previdenza sociale, Poblacht na hIodáile

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagail 45 agus 48 CFAE, Airteagal 11(2) d'Iarscríbhinn VIII le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 8(a) d'Iarscríbhinn IIIa de Cinneadh an Bhainc Cheannais Eorpaigh an 9 Meitheamh 1998, maidir le glacadh coinníollacha fostaíochta fhoireann an Bhainc Cheannais Eorpaigh, arna leasú an 31 Márta 1999,

ní mór léiriú a dhéanamh ar na forálacha sin mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo, ina éagmais comhaontaithe arna dhréachtú idir an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus an Ballstát lena mbaineann, ar reachtaíocht ná ar chleachtas riaracháin an Bhallstáit sin nach gceadaíonn ball foirne BCE aistriú chuig scéim phinsin BCE méid a fhreagraíonn do theidlíochtaí pinsin a fuarthas ó le scéim pinsean an Bhallstáit sin. Mar sin féin, ceanglaítear le hAirteagal 4(3) CAE, de bhun phrionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear san fhoráil sin, nach mór do Bhallstát atá molta ag BCE comhaontú a thabhairt i gcrích faoi Airteagal 8(a) d'Iarscríbhinn IIIa maidir le cearta pinsin a bhfaightear ag baill foirne BCE ó scéim pinsin an Bhallstáit sin a aistriú chuig scéim pinsin BCE, páirt a ghlacadh, ar bhonn gníomhach agus de mheon macánta sa chaibidlíocht arb é is aidhm di comhaontú den sórt sin a thabhairt i gcrích le BCE tar éis tús a chur leis an gcaibidlíocht.

2) Ní mór dlí an Aontais a léiriú sa chaoi nach n-údaraítear do chúirt Ballstáit ar thug ball foirne den Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) iarraidh os a comhair a ordú go n-aistreofaí cearta pinsin a fuair an duine lena mbaineann faoi scéim pinsin an Bhallstáit sin chuig scéim pinsin BCE, in éagmais foráil den dlí náisiúnta nó de chomhaontú, arna thabhairt i gcrích idir an Ballstát lena mbaineann agus BCE, lena bhforáiltear d'aistriú den sórt sin. Ar an taobh eile, más rud é, mar thoradh ar shárú ag an mBallstát sin ar a oibleagáid, a eascraíonn as prionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear in Airteagal 4(3) CAE, páirt a ghlacadh, ar bhonn gníomhach agus de mheon macánta sa chaibidlíocht le BCE d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le cearta pinsin a aistriú, nach bhfuil an ball foirne BCE in ann na cearta pinsin a fuair sé faoi scéim pinsin an Bhallstáit sin a aistriú chuig scéim pinsin BCE, ceanglaítear leis an bhforáil sin go ndéanfaidh cúirt den sórt sin na bearta go léir dá bhforáiltear leis na rialacha nós imeachta náisiúnta chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta an oibleagáid sin.

(1) IO C 357, 6.9.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof – an Ghearmáin) – Hauptzollamt Hamburg v Shell Deutschland Oil GmbH**

**(Cás C-553/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2003/96/CE – Cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas – Airteagal 5, an ceathrú fleasc – Ráta difreáilte dleachta máil a bhraitheann ar úsáid ghnó nó úsáid neamhghnó na dtáirgí – Díolúintí agus laghduithe cánach roghnacha – Iarratas ar laghdú cánach roghnach arna chur isteach tar éis don tréimhse dá bhforáiltear chun na críche sin dul in éag ach roimh dhul in éag na tréimhse chun an cháin lena mbaineann a mheasúnú – Prionsabal na deimhneachta dlíthiúla – Prionsabal na héifeachtachta – Prionsabal na comhréireachta)***

(2023/C 63/09)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesfinanzhof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Hauptzollamt Hamburg

*Cosantóir:* Shell Deutschland Oil GmbH

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór prionsabal na héifeachtachta agus prionsabal na comhréireachta, mar phrionsabal ginearálta de dhlí an Aontais, a léiriú amhail, i gcomhthéacs chur chun feidhme forála amhail an ceathrú fleasc d'Airteagal 5 de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus leictreachais, lena gceadaítear do na Ballstáit rátaí difreáilte cánachais a chur i bhfeidhm, faoi choinníollacha áirithe, idir úsáid ghnó agus úsáid neamhghnó na dtáirgí fuinnimh agus an leictreachais a chumhdaítear leis an Treoir sin, go gcuirtear bac leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina gceanglaítear ar údaráis inniúla Ballstáit diúltú go huathoibríoch agus gan eisceacht d'iarratas ar dhíolúine ó cháin arna chur isteach laistigh den tréimhse chun an cháin lena mbaineann a mheasúnú, dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta, ar an bhforas amháin nár chomhlíon an t-iarratasóir an tréimhse ama a leagtar síos leis an dlí sin chun iarratas den sórt sin a chur isteach.

(1) IO C 490, 06.12.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD) – an Phortaingéil) – IM Gestão de Ativos (IMGA) – Sociedade Gestora de Organismos de Investimento Coletivo SA agus páirtithe eile v Autoridade Tributária e Aduaneira**

**(Cás C-656/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2008/7/CE – Airteagal 5(2)(a) – Cánacha indíreacha ar chruinniú caipitil – Dleacht stampa ar sheirbhísí margaíochta ar iontaobhais aonad i ngnóthais chomhinfheistíochta in urrúis inaistrithe le caipiteal inathraithe)***

(2023/C 63/10)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* IM Gestão de Ativos (IMGA) – Sociedade Gestora de Organismos de Investimento Coletivo SA, IMGA Rendimento Semestral, IMGA Ações Portugal Cat A, IMGA Ações América Cat A, IMGA Mercados Emergentes, IMGA Eurofinanceiras, IMGA Eurocarteira, IMGA Rendimento Mais, IMGA Investimento PPR, IMGA Alocação Moderada Cat A, IMGA Alocação Dinâmica Cat A, IMGA Global Equities Selection Cat A, IMGA Liquidez Cat A, IMGA Money Market Cat A, IMGA Euro Taxa Variável Cat A, IMGA Dívida Pública Europeia, IMGA Retorno Global Cat A, IMGA Poupança PPR, IMGA Alocação Conservadora Cat A, IMGA Iberia Equities ESG Cat A, IMGA Iberia Fixed Income ESG Cat A, IMGA Alternativo, CA Curto Prazo, IMGA Ações Europa, IMGA Flexível Cat A, CA Monetário, CA Rendimento, Eurobic PPR/OICVM Ciclo Vida 35-44, Eurobic PPR/OICVM Ciclo Vida 45-54, Eurobic PPR/OICVM Ciclo Vida + 55, Eurobic Seleção Top, IMGA European Equities Cat A

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 5(2)(a) de Threoir 2008/7/CE ón gComhairle an 12 Feabhra 2008 maidir le cánacha indíreacha ar chruinniú caipitil,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar foráil maidir le dleacht stampa a fhorchur, ar an gcéad dul síos, ar an luach saothair a fhaigheann institiúid airgeadais ó chuideachta bainistíochta ar iontaobhais aonad chun seirbhísí margaíochta a sholáthar chun críocha ranníocaíochtaí caipitil nua chun scaireanna nua-eisithe i gcistí a shuibscríobh agus, ar an dara dul síos, ar na méideanna a fhaigheann an chuideachta bainistíochta sin ó iontaobhais aonad sa mhéid go n-áirítear leis na méideanna sin an luach saothair a d'íoc an chuideachta bainistíochta sin le hinstitiúidí airgeadais i leith na seirbhísí margaíochta sin.

(1) IO C 37, 24.01.2022

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Fhrainc) – Syndicat Les Entreprises du Médicament (LEEM) v Ministre des Solidarités et de la Santé**

**(Cás C-20/22)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Treoir 89/105/CEE – Trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsáil táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus iad a chuimsiú faoi raon feidhme córais náisiúnta árachais breoiteachta – Airteagal 4 – Cúngach praghsanna ar gach táirge íocshláinte nó ar chatagóirí áirithe táirgí íocshláinte – Beart náisiúnta a bhaineann le táirgí íocshláinte aonair áirithe – Praghas uasta a shocrú chun táirgí áirithe íocshláinte a dhíol le bunaíochtaí sláinte)***

(2023/C 63/11)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Syndicat Les Entreprises du Médicament (LEEM)

*Cosantóir:* Ministre des Solidarités et de la Santé

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 4(1) de Threoir 89/105/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir le trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsáil táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus maidir lena gcuimsiú faoi raon feidhme córais náisiúnta árachais breoiteachta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

níl feidhm ag an gcoincheap "cúngach praghsanna ar gach táirge íocshláinte nó ar chatagóirí áirithe táirgí íocshláinte" maidir le beart arb é an cuspóir atá leis praghsanna táirgí íocshláinte aonair áirithe a rialú.

(1) IO C 119 an 14.03.2022

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 – an Banc Eorpach Infheistíochta v KL**

**(Cás C-68/22 P)** [1]

***(Achomharc – Seirbhís shibhialta – Baill foirne an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) – An coincheap "easláine" – Dearbhú maidir le folláine chun na hoibre – Neamhláithreacht gan chúis – Caingean le haghaidh neamhniú agus le haghaidh damáistí)***

(2023/C 63/12)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: G. Faedo agus I. Zanin, Gníomhairí, le cúnamh ó A. Duron, avocate)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* KL (ionadaithe: A. Champetier agus L. Levi, avocates)

**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don achomharc.

(2) Ordaítear don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI), de bhreis ar a chostais féin, na costais a thabhaigh KL a íoc.

---

[1] IO C 213 an 30.05.2022

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Paris – an Fhrainc) – Eurelec Trading SCRL, Scabel SA v Ministre de l'Économie et des Finances**

**(Cás C-98/22)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Dlínse aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála – Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 – Airteagal 1(1) – An coincheap "ábhair shibhialta agus tráchtála" – Caingean arna tabhairt ag údarás poiblí chun dearbhú a fháil go bhfuil cleachtais shriantacha frithiomaíochta ann, ordú a fháil lena bhforchuirtear pionós maidir leis na cleachtais sin agus ordú a fháil go gcuirfear deireadh leis na cleachtais sin)***

(2023/C 63/13)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour d'appel de Paris

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Eurelec Trading SCRL, Scabel SA

*Cosantóir:* Ministre de l'Économie et des Finances

*Tríú páirtithe:* Groupement d'achat des centres Édouard Leclerc (GALEC), Association des centres distributeurs Édouard Leclerc (ACDLEC),

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní áirítear sa choincheap "ábhair shibhialta agus tráchtála", de réir bhrí na forála sin, caingean arna tabhairt ag údarás poiblí de chuid Ballstáit i gcoinne cuideachtaí atá bunaithe i mBallstát eile chun dearbhú a fháil go bhfuil cleachtais shriantacha frithiomaíochta ann, ordú a fháil lena bhforchuirfear pionós maidir leis na cleachtais sin agus ordú a fháil go gcuirfear deireadh leis na cleachtais sin i ndáil le soláthróirí atá bunaithe sa chéad Bhallstát, i gcás ina bhfeidhmíonn an t-údarás poiblí sin cumhachtaí chun imeachtaí breithiúnacha a thabhairt nó cumhachtaí imscrúdaithe nach dtagann faoi na gnáthrialacha dlíthiúla a bhfuil feidhm acu maidir leis na caidrimh idir daoine aonair.

(1) IO C 198 an 16.05.2022

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Úrad pre verejné obstarávanie – an tSlóvaic) – Úrad pre dohľad nad zdravotnou starostlivosťou, Všeobecná zdravotná poisťovňa, a.s., Dôvera zdravotná poisťovňa a.s., Union zdravotná poisťovňa, a.s.**

**(Cás C-204/22)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) de Rialachán Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Airteagal 267 CFAE – An coincheap "cúirt nó binse" – Critéir struchtúracha agus fheidhmiúla – Cúraimí breithiúnacha nó riaracháin a fheidhmiú – Oibleagáid comhair an chomhlachta tarchuir – Treoracha 89/665/CEE agus 2014/24/AE – Soláthar poiblí – Comhlacht náisiúnta um athbhreithniú ar nósanna imeachta soláthair phoiblí – Teidlíocht gníomhú dá thionscnamh féin – Cumhacht pionós a ghearradh – Cinntí a bheith ina gcuid de leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta – Easpa díospóide os comhair an chomhlachta a rinne an tarchur – Do-ghlacthacht fhollasach na hiarrata ar réamhrialú)***

(2023/C 63/14)

*Teanga an cháis: an tSlóvaicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Úrad pre verejné obstarávanie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Imeachtaí a tionscnaíodh i gcoinne:* Úrad pre dohľad nad zdravotnou starostlivosťou, Všeobecná zdravotná poisťovňa, a.s., Dôvera zdravotná poisťovňa a.s., Union zdravotná poisťovňa, a.s.

**An chuid oibríochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú arna tabhairt ag an Úrad pre verejné obstarávanie (an t-údarás um sholáthar poiblí, an tSlóvaic) le cinneadh an 16 Márta 2022, do-ghlactha go follasach.

(1) Dáta an taiscthe: 16.3.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Ard-Chúirt (Éire) – Enniskerry Alliance, Enniskerry Demesne Management Company CLG agus Protect East Meath Limited v An Bord Pleanála, An tArd-Aighne, Éire agus Comhairle Contae Lú**

**(Cás C-464/22)** (1)

***(An Comhshaol – Coinbhinsiún Aarhus – Rochtain ar an gceartas – Ceanglas maidir le nós imeachta nach bhfuil róchostasach – Raon feidhme – Oibleagáid léiriú a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta)***

(2023/C 63/15)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

An Ard-Chúirt (Éire)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Enniskerry Alliance, Enniskerry Demesne Management Company CLG agus Protect East Meath Limited

*Cosantóirí:* An Bord Pleanála, An tArd-Aighne, Éire agus Comhairle Contae Lú

**An chuid oibríochtúil**

Le hordú an 8 Nollaig 2022, d'ordaigh Uachtarán an Naoú Dlísheomra go mbainfí Cás C-464/22 ó chlár na Cúirte Breithiúnais.

---

([1]) Dáta an taisce: 11/07/2022

---

**Ordú na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón High Court – Éire) – Save Roscam Peninsula CLG, SC-F, MF, PH, Abbey Park and District Residents Association Baldoyle v An Bord Pleanála, Galway City Council, The Minister for Housing, Local Government and Heritage, Ireland, The Attorney General agus Fingal County Council**

**(Cás C-543/22)** ([1])

***(Coinbhinsiún Aarhus – Rochtain ar an gceartas – An ceanglas nach mbeidh imeachtaí róchostasach – Raon feidhme – Oibleagáid an dlí náisiúnta nós imeachta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais)***

(2023/C 63/16)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

High Court (Éire)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Save Roscam Peninsula CLG, SC-F, MF, PH agus Abbey Park and District Residents Association Baldoyle

*Cosantóirí:* An Bord Pleanála, Galway City Council, The Minister for Housing, Local Government and Heritage, Ireland, The Attorney General agus Fingal County Council

**An chuid oibríochtúil**

Le hordú an 8 Nollaig 2022, d'ordaigh Uachtarán an Naoú Dlísheomra Cás C-543/22 a bhaint de chlár na Cúirte.

---

([1]) Dáta taisce: 11/08/2022

---

**Ordú na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón High Court – Éire) – GY v An Bord Pleanála, The Minister for Housing, Local Government and Heritage, Ireland agus The Attorney General**

**(Cás C-616/22)** ([1])

***(Coinbhinsiún Aarhus – Rochtain ar an gceartas – An ceanglas nach mbeidh imeachtaí róchostasach – Raon feidhme – Oibleagáid an dlí náisiúnta nós imeachta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais)***

(2023/C 63/17)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

High Court (Éire)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* GY

*Cosantóirí:* An Bord Pleanála, The Minister for Housing, Local Government and Heritage, Ireland agus The Attorney General

**An chuid oibríochtúil**

Le hordú an 8 Nollaig 2022, d'ordaigh Uachtarán an Naoú Dlísheomra Cás C-616/22 a bhaint de chlár na Cúirte.

---

([1]) Dáta taiscthe: 23/09/2022

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 — Airbnb Ireland UC v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni**

**(Cás C-662/22)**

(2023/C 63/18)

*Teanga an chais: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Airbnb Ireland UC

*Cosantóir:* Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcuirtear cosc le Rialachán (AE) 2019/1150 ([1]) ar fhoráil náisiúnta lena gceanglaítear, chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i bhfabhar úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne, lena n-áirítear trí threoirlínte a ghlacadh, cóid iompair a chur chun cinn agus faisnéis ábhartha a bhailiú, go gclárófar soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus inneall cuardaigh ar líne i gclár, lena mbaineann tarchur faisnéise ábhartha faoina n-eagrúchán agus íocaíocht ranníocaíochta eacnamaíche, chomh maith le pionóis a fhorchur mar gheall ar mhainneachtain í a chomhlíonadh?

2) An gceanglaítear le Treoir (AE) 2015/1535 ([2]) ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus inneall cuardaigh ar líne a chur isteach i gclár, lena mbaineann tarchur faisnéise ábhartha faoina n-eagrúchán agus íocaíocht ranníocaíochta airgeadais, chomh maith le pionóis a fhorchur mar gheall ar mhainneachtain í a chomhlíonadh? Más amhlaidh atá, an gceadaítear leis an Treoir do dhuine aonair cur i gcoinne bearta nár cuireadh in iúl don Choimisiún a chur i bhfeidhm air?

3) An gcuirtear cosc le hAirteagal 3 de Threoir 2000/31/CE ([3]) ar údaráis náisiúnta forálacha a ghlacadh, chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i bhfabhar úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne, lena n-áirítear trí threoirlínte a ghlacadh, cóid iompair a chur chun cinn agus faisnéis ábhartha a bhailiú, lena bhforchuirtear ualaí breise riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí atá bunaithe i dtír Eorpach eile, amhail clárú i gclár, lena mbaineann faisnéis ábhartha faoina n-eagrúchán a tharchur agus ranníocaíocht airgeadais a íoc, sa bhreis ar phionóis a fhorchur mar gheall ar mhainneachtain í a chomhlíonadh?

4) An gcuirtear cosc le prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a leagtar síos in Airteagal 56 CFAE agus in Airteagal 16 de Threoir 2006/123/CE ([4]) ar údaráis náisiúnta forálacha a ghlacadh lena bhforchuirtear ualaí breise riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí atá bunaithe i dtír Eorpach eile, amhail clárú i gclár, a bhaineann le faisnéis ábhartha a tharchur faoina n-eagraíocht agus ranníocaíocht eacnamaíoch a íoc, chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i bhfabhar úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne, lena n-áirítear trí threoirlínte a ghlacadh, cóid iompair a chur chun cinn agus faisnéis ábhartha a bhailiú, sa bhreis ar phionóis a fhorchur mar gheall ar mhainneachtain í a chomhlíonadh?

5) An gceanglaítear le hAirteagal 3(4)(b) de Threoir 2000/31/CE ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi bhearta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus inneall cuardaigh ar líne a bheith cláraithe i gclár, lena n-áirítear faisnéis ábhartha a sholáthar faoina n-eagrúchán agus ranníocaíocht airgeadais a íoc, mar aon le pionóis mar gheall ar mhainneachtain í a chomhlíonadh?? Más amhlaidh atá, an gceadaítear leis an Treoir do dhuine aonair cur i gcoinne bearta nár cuireadh in iúl don Choimisiún a chur i bhfeidhm air?

(1) Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn le haghaidh úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne (IO 2019 L 186, lch. 57).

(2) Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, lch. 1).

(3) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (IO 2000 L 178, lch. 1).

(4) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO 2006 L 376, lch. 36).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 — Expedia Inc. v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**(Cás C-663/22)**

(2023/C 63/19)

*Teanga an chais: an Iodáilis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Expedia Inc.

*Cosantóir:* Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1) An gcuirtear cosc le Rialachán (AE) 2019/1150 [1] agus, go háirithe, le hAirteagal 15 de, agus le prionsabal na comhréireachta, ar reachtaíocht Ballstáit nó ar bheart arna ghlacadh ag údarás náisiúnta neamhspleách — amhail iad siúd dá dtagraítear i bhforais an ordaithe tarchuir – lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála eachtracha ar líne faisnéis a nochtadh nach mbaineann le cuspóir an rialacháin sin?

2) Más rud é, in aon chás, an féidir a mheas go bhfuil an fhaisnéis a iarrtar trí IES (Informativa economica di sistema – Córas Faisnéis Eacnamaíoch) a tharchur ábhartha agus ríthábhachtach chun Rialachán (AE) 2019/1150 a chur chun feidhme go cuí agus go héifeachtach?

(1) Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn le haghaidh úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne (IO 2019 L 186, lch. 57).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 21 Deireadh Fómhair 2022 — Google Ireland Limited v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**(Cás C-664/22)**

(2023/C 63/20)

*Teanga an chais: an Iodáilis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Google Ireland Limited

*Cosantóir:* Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar chur i bhfeidhm forálacha náisiúnta, amhail na forálacha sin dá dtagraítear in Airteagal 1 (515), (516) agus (517) de Dhlí Uimh. 178 an 30 Nollaig 2020, lena bhforchuirtear muirir bhreise riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí atá bunaithe i dtír Eorpach eile ach a fheidhmíonn san Iodáil, amhail iontráil i gclár sonrach agus ranníocaíocht airgeadais a fhorchur? Go háirithe, an sáraítear leis an bhforáil náisiúnta sin Airteagal 3 den Treoir maidir le tráchtáil leictreonach (Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000) ([1]) faoina bhfuil soláthraí sheirbhísí na sochaí faisnéise – sa chás seo Google Ireland Limited – faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe go heisiach?

2) An gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar chur i bhfeidhm forálacha náisiúnta, amhail na forálacha sin dá dtagraítear in Airteagal 1 (515), (516) agus (517) de Dhlí Uimh. 178 an 30 Nollaig 2020, lena bhforchuirtear muirir bhreise riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí atá bunaithe i dtír Eorpach eile amhail iontráil i gclár sonrach agus ranníocaíocht airgeadais a fhorchur? Go háirithe, an gcuirtear cosc leprionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a leagtar síos in Airteagal 56 [CFAE] agus prionsabail chomhchosúla a eascraíonn as Treoracha 2006/123/CE ([2]) agus 2000/31/CE ar bheart náisiúnta lena bhforchuirtear muirir bhreise ar idirghabhálaithe a fheidhmíonn san Iodáil, ach nach bhfuil bunaithe ann, ansin i ndáil leo siúd a leagtar síos sa tír thionscnaimh chun an ghníomhaíocht chéanna a fheidhmiú?

3) An gcuirtear le dlí an Aontais, agus go háirithe le Treoir 2015/1535, ([3]) de cheangal ar an Stát Iodálach fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le tabhairt isteach oibleagáide clárú leis an gClár na nOibreoirí Cumarsáide (ROC), le haghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus inneall cuardaigh ar líne? Go háirithe, an gá an dara fleasc d'Airteagal 3(4)(b) de Threoir 2000/31 a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé go bhféadfaidh duine aonair atá bunaithe i mBallstát seachas an Iodáil cur i gcoinne cur i bhfeidhm beart arna nglacadh ag reachtas na hIodáile (faoi Airteagal 1 (515), (516) agus (517) de Dhlí Uimh. 178 an 30 Nollaig 2020) a d'fhéadfadh srian a chur le saorghluaiseacht seirbhíse sochaí faisnéise, i gcás nár tugadh fógra faoi na bearta sin i gcomhréir leis an bhforáil sin?

4) An gcuirtear cosc le Rialachán (AE) 2019/1150 ([4]) agus, go háirithe, le hAirteagal 15 de, agus le prionsabal na comhréireachta, ar reachtaíocht Ballstáit nó ar bheart arna ghlacadh ag údarás náisiúnta neamhspleách lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne atá ag oibriú i mBallstát clárú i gClár na nOibreoirí Cumarsáide (ROC), agus ina dhiaidh sin sraith oibleagáidí foirmiúla agus nós imeachta, oibleagáidí ranníocacha agus toirmisc chun brabúis de bhreis ar mhéid áirithe a dhéanamh?

([1]) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach. (IO 2000 L 178, lch. 1).
([2]) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO 2006 L 376, lch. 36).
([3]) Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO 2015 L 241, lch. 1).
([4]) Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn le haghaidh úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne (IO 2019 L 186, lch. 57).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 21 Deireadh Fómhair 2022 — Amazon Services Europe Sàrl v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**(Cás C-665/22)**

(2023/C 63/21)

*Teanga an chais: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Amazon Services Europe Sàrl

*Cosantóir:* Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcuirtear cosc le Rialachán (AE) 2019/1150 [1] ar fhoráil náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne faisnéis ábhartha maidir lena n-ioncam a sholáthar ar bhonn rialta, chun críche sonrach cur chun feidhme cuí agus éifeachtach an rialacháin sin a áirithiú, lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha a bhailiú?

2) Ar bhonn Rialachán (AE) 2019/1150, an féidir a mheas go bhfuil an fhaisnéis ina ceangal i gcomhthéacs Córas Faisnéis Eacnamaíoch, a bhaineann go príomha leis an ioncam a fhaightear, ábhartha agus ríthábhachtach i ndáil leis an gcuspóir a shaothraítear leis an Rialachán sin;

3) An gceanglaítear le Treoir (AE) 2015/1535 [2] ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus inneall cuardaigh ar líne tuarascáil a chur isteach ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir lena n-ioncam, as neamhchomhlíonadh a ghearrtar fíneáil? Más amhlaidh atá, an gceadaítear leis an treoir do dhuine aonair cur i gcoinne bearta nár cuireadh in iúl don Choimisiún a chur i bhfeidhm air?

4) An gcuirtear cosc le hAirteagal 3 de Threoir 2000/31/CE [3] ar údaráis náisiúnta forálacha a ghlacadh, ar forálacha iad, chun a áirithiú go gcuirfear Rialachán (AE) 2019/1150 chun feidhme, lena bhforchuirtear ualaí breise riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí atá bunaithe i dtír Eorpach eile ach atá ag feidhmiú san Iodáil, amhail tarchur tuarascála ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir lena n-ioncam, agus as neamhchomhlíonadh a ghearrtar fíneáil?

5) An gcuirtear cosc le prionsabal na saoirse seirbhísí a sholáthar atá cumhdaithe in Airteagal 56 CFAE agus Airteagal 16 de Threoir 2006/123/CE agus Treoir 2000/31/CE [4] ar údaráis náisiúnta forálacha a ghlacadh, ar forálacha iad, chun a áirithiú go gcuirfear Rialachán (AE) 2019/1150 chun feidhme, lena bhforchuirtear ualaí breise riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí atá bunaithe i dtír Eorpach eile, amhail tíolacadh tuarascála ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir lena n-ioncam, agus as neamhchomhlíonadh a ghearrtar fíneáil?

6) An gceanglaítear le hAirteagal 3(4)(b) de Threoir 2000/31/CE ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus inneall cuardaigh ar líne tuarascáil a chur isteach ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir lena n-ioncam, as neamhchomhlíonadh a ghearrtar fíneáil? Más amhlaidh atá, an gceadaítear leis an treoir do dhuine aonair cur i gcoinne bearta nár cuireadh in iúl don Choimisiún a chur i bhfeidhm air?

(1) Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn le haghaidh úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne (IO 2019 L 186, lch. 57).
(2) Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO 2015 L 241, lch. 1).
(3) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (IO 2000 L 178, lch. 1).
(4) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO 2006 L 376, lch. 36).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 21 Deireadh Fómhair 2022 — Eg Vacation Rentals Ireland Limited v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**(Cás C-666/22)**

(2023/C 63/22)

*Teanga an chais: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Eg Vacation Rentals Ireland Limited

*Cosantóir:* Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar chur i bhfeidhm forálacha náisiúnta, amhail na forálacha sin dá dtagraítear in Airteagal 1(515), (516) agus (517) de legge 30 dicembre 2020, n. 178 (Dhlí Uimh. 178 an 30 Nollaig 2020), lena bhforchuirtear muirir bhreise riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí atá bunaithe i dtír Eorpach eile ach a fheidhmíonn san Iodáil, amhail an oibleagáid a bheith cláraithe i gclár sonrach agus ranníocaíocht airgeadais a íoc? Go háirithe, an sáraítear leis an bhforáil náisiúnta sin Airteagal 3 den Treoir maidir le tráchtáil leictreonach (Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000) ([1]) faoina bhfuil soláthraí sheirbhísí na sochaí faisnéise (…) faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe go heisiach?

2) An gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar chur i bhfeidhm forálacha náisiúnta, amhail na forálacha sin dá dtagraítear in Airteagal 1(515), (516) agus (517) de Dhlí Uimh. 178 an 30 Nollaig 2020, lena bhforchuirtear muirir bhreise riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí atá bunaithe i dtír Eorpach eile? Go háirithe, an gcuirtear cosc le prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a leagtar síos in Airteagal 56 [CFAE] agus prionsabail chomhchosúla a eascraíonn as Treoracha 2006/123/CE ([2]) agus 2000/31/CE ar bheart náisiúnta lena bhforchuirtear muirir bhreise ar idirghabhálaithe a fheidhmíonn san Iodáil, ach nach bhfuil bunaithe ann, clárú i gclár a bhaineann leis ansin a leagtar síos sa tír thionscnaimh chun an ghníomhaíocht chéanna a fheidhmiú?

3) An gceanglaítear le dlí an Aontais, agus go háirithe le Treoir 2015/1535, ([3]) ar an Stát Iodálach fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le tabhairt isteach oibleagáide clárú le Clár na nOibreoirí Cumarsáide (ROC), le haghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus inneall cuardaigh ar líne? Go háirithe, an gá an dara fleasc d’Airteagal 3(4)(b) de Threoir 2000/31 a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé go bhféadfaidh duine aonair atá bunaithe i mBallstát seachas an Iodáil cur i gcoinne cur i bhfeidhm beart arna nglacadh ag reachtas na hIodáile (faoi Airteagal 1(515), (516) agus (517) de Dhlí Uimh. 178 an 30 Nollaig 2020) a d’fhéadfadh srian a chur le saorghluaiseacht seirbhíse sochaí faisnéise, i gcás nár tugadh fógra faoi na bearta sin i gcomhréir leis an bhforáil sin?

4) An gcuirtear cosc le Rialachán (AE) 2019/1150 ([4]) agus, go háirithe, le hAirteagal 15 de, agus le prionsabal na comhréireachta, ar reachtaíocht Ballstáit nó ar bheart arna ghlacadh ag údarás náisiúnta neamhspleách lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne atá ag oibriú i mBallstát clárú i gClár na nOibreoirí Cumarsáide (ROC), agus ina dhiaidh sin sraith oibleagáidí foirmiúla agus nós imeachta, oibleagáidí ranníocacha agus toirmisc chun brabúis de bhreis ar mhéid áirithe a dhéanamh?

([1]) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach. (IO 2000 L 178, lch. 1).

([2]) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO 2006 L 376, lch. 36).

([3]) Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO 2015 L 241, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn le haghaidh úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne (IO 2019 L 186, lch. 57).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 21 Deireadh Fómhair 2022 — Amazon Services Europe Sàrl v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**(Cás C-667/22)**

(2023/C 63/23)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Amazon Services Eoraip Sàrl

*Cosantóir:* Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcuirtear cosc le Rialachán (AE) 2019/1150 ([1]) ar fhoráil náisiúnta lena gceanglaítear, chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i bhfabhar úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne, lena n-áirítear trí threoirlínte a ghlacadh, cóid iompair a chur chun cinn agus faisnéis ábhartha a bhailiú, go n-iontrálfar soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus inneall cuardaigh ar líne i gclár, lena mbaineann tarchur faisnéise ábhartha faoina n-eagrúchán agus íocaíocht ranníocaíochta eacnamaíche, chomh maith le bheith faoi réir pionóis i gcás neamhchomhlíonta?

2) An gceanglaítear le Treoir (AE) 2015/1535 ([2]) ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus inneall cuardaigh ar líne a chur isteach i gclár, lena mbaineann tarchur faisnéise ábhartha faoina n-eagrúchán agus íocaíocht ranníocaíochta airgeadais, chomh maith le bheith faoi réir pionóis i gcás neamhchomhlíonta? Más amhlaidh atá, an gceadaítear leis an Treoir do dhuine aonair cur i gcoinne bearta nár cuireadh in iúl don Choimisiún a chur i bhfeidhm air?

3) An gcuirtear cosc le hAirteagal 3 de Threoir 2000/31/CE ([3]) ar údaráis náisiúnta forálacha a ghlacadh, chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i bhfabhar úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne, lena n-áirítear trí threoirlínte a ghlacadh, cóid iompair a chur chun cinn agus faisnéis ábhartha a bhailiú, lena bhforchuirtear ualaí breise riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí atá bunaithe i dtír Eorpach eile, amhail clárú i gclár, lena mbaineann faisnéis ábhartha faoina n-eagrúchán a tharchur agus ranníocaíocht airgeadais a íoc, sa bhreis ar phionóis a fhorchur mar gheall ar mhainneachtain í a chomhlíonadh?

4) An gcuirtear cosc le prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a leagtar síos in Airteagal 56 CFAE agus in Airteagal 16 de Threoir 2006/123/CE ([4]) ar údaráis náisiúnta forálacha a ghlacadh lena bhforchuirtear ualaí breise riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí atá bunaithe i dtír Eorpach eile, amhail clárú i gclár, a bhaineann le faisnéis ábhartha a tharchur faoina n-eagraíocht agus ranníocaíocht eacnamaíoch a íoc, chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i bhfabhar úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne, lena n-áirítear trí threoirlínte a ghlacadh, cóid iompair a chur chun cinn agus faisnéis ábhartha a bhailiú, sa bhreis ar phionóis a fhorchur mar gheall ar mhainneachtain í a chomhlíonadh?

5) An gceanglaítear le hAirteagal 3(4)(b) de Threoir 2000/31/CE ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi bhearta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus inneall cuardaigh ar líne a bheith cláraithe i gclár, lena n-áirítear faisnéis ábhartha a sholáthar faoina n-eagrúchán agus ranníocaíocht airgeadais a íoc, mar aon le pionóis mar gheall ar mhainneachtain í a chomhlíonadh? Más amhlaidh atá, an gceadaítear leis an Treoir do dhuine aonair cur i gcoinne bearta nár cuireadh in iúl don Choimisiún a chur i bhfeidhm air?

---

([1]) Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn le haghaidh úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne (IO 2019 L 186, lch. 57).

([2]) Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, lch. 1).

([3]) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (IO 2000 L 178, lch. 1).

([4]) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO 2006 L 376, lch. 36).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 25 Deireadh Fómhair 2022 – T GmbH v Bezirkshautpmannschaft Spittal an der Drau**

**(Cás C-671/22)**

(2023/C 63/24)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* T GmbH

*Cosantóir:* Bezirkshautpmannschaft Spittal an der Drau

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear pointe 1.2.2 d’Iarschríbhinn V (sainmhínithe ar stádas ard, maith agus measartha éiceolaíoch ag baint le lochanna) a ghabhann le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce [1] a léiriú sa chaoi go dtagraíonn “dálaí suaite” sa tábla “gnéithe cáilíochta bitheolaíochta”, sa ró “fauna éisc” faoin gcolún “stádas ard”, go heisiach do thionchair antrapaigineacha ar ghnéithe cáilíochta fisiceimiceacha agus hidreamhoirfeolaíocha é?

   I gcás go dtabharfar freagra diúltach ar an gcéad cheist:

2. An gcaithfear an fhoráil sin a léiriú sa chaoi nach féidir, i gcás ina bhfuil ndiallann gné cáilíochta bitheolaíochta “fauna éisc” ón “stádas ard” mar gheall ar dhálaí suaite nach tionchair cáilíochta fisiceimeacha ná hidreamhoirfeolaíocha iad, “stádas ard” ná “stádas measartha” a thabhairt don ghné cáilíochta bitheolaíochta “fauna éisc” ach oiread?

[1] IO 2000 L 327, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 22 Samhain 2022 – S.R.G. v Profi Credit Bulgaria EOOD**

**(Cás C-714/22)**

(2023/C 63/25)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski rayonen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* S.R.G.

*Cosantóir:* Profi Credit Bulgaria EOOD

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 3(g) de Threoir 2008/48/CE [1] a léiriú sa chaoi gurb ionann costais i ndáil le seirbhísí coimhdeacha arna gcomhaontú i ndáil le conradh creidmheasa tomhaltóra, ar nós táillí maidir leis an deis chun tráthchodanna a chur ar athlá nó a laghdú, agus cuid den ráta céatadánach bliantúil don chreidmheas?

2. An gcaithfear Airteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48/CE a léiriú sa chaoi nach mór caitheamh le fógra mícheart faoin ráta céatadánach bliantúil i gconradh creidmheasa idir trádálaí agus tomhaltóir is iasachtaí mar easpa fógra faoin ráta céatadánach bliantúil sa chonradh creidmheasa agus nach mór don chúirt náisiúnta na hiarmhairtí dlí dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta i ndáil le heaspa fógra den ráta céatadánach bliantúil i gconradh tomhaltóra a chur i bhfeidhm?

3. An gcaithfear Airteagal [23] de Threoir 2008/48/CE a léiriú sa chaoi go bhfuil pionós dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta, arb ionann é agus an conradh creidmheasa tomhaltóra a chur ar neamhní, ar dá réir níl ach an tsuim chaipitiúil a cuireadh ar fáil le haisíoc, comhréireach i gcás nach raibh an ráta céatadánach bliantúil luaite go cruinn sa chonradh creidmheasa tomhaltóra?

4. An gcaithfear Airteagal 4(1) agus (2) de Threoir 93/13/CEE [2] a léiriú sa chaoi nach mór caitheamh le táillí i ndáil le pacáiste seirbhísí coimhdeacha dá bhforáiltear i gcomhaontú ar leith lena bhforlíontar an príomhchonradh, ar conradh creidmheasa tomhaltóra é, mar chuid de phríomhábhar an chonartha agus nach bhféadfadh sé, dá bhrí sin, a bheith ina ábhar den mheasúnú maidir le héagóir?

5. An gcaithfear Airteagal 3(1) de Threoir 93/13/CEE, arna léamh i gcomhar le pointe 1(o) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin, a léiriú sa chaoi go bhfuil téarma i gconradh maidir le seirbhísí coimhdeacha i ndáil le creidmheas tomhaltóra éagórach má tá deis theibí tugtha ann don tomhaltóir íocaíochtaí a chur ar athlá agus a athsceidealú agus é faoi dhliteanas i leith táillí fiú mura mbaineann sé úsáid as an deis sin?

6. An gcaithfear Airteagal 6(1) agus 7(1) de Threoir 93/13 agus prionsabal na héifeachtachta a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar fhoráil dlí faoina bhféadfaí cuid de na costais a chur ar an tomhaltóir i dtaobh imeachtaí sna cásanna seo a leanas: (1) i gcás ina seastar i bpáirt leis an iarratas ar dhearbhú nach bhfuil suimeanna dlite mar gheall ar éagóir téarma atá cruthaithe […]; (2) i gcás ina bhfuil sé beagnach dodhéanta nó thar a bheith deacair don tomhaltóir, agus a chearta á bhfeidhmiú aige, méid an éilimh a ríomh; agus (3) i ngach cás ina bhfuil téarma éagórach, lena n-áirítear na cásanna nach bhfuil tionchar díreach, go hiomlán nó i bpáirt, ag an téarma éagórach ar mhéid éileamh an chreidiúnaí nó nach mbaineann an téarma go díreach le hábhar na n-imeachtaí?

(1) Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO 2008 L 133, lch. 66).
(2) Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29).

**Iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Uachtarach (Éire) a taisceadh an 25 Samhain 2022 – Friends of the Irish Environment CLG v Rialtas na hÉireann, an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Éire agus an tArd-Aighne**

**(Cás C-727/22)**

(2023/C 63/26)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

An Chúirt Uachtarach

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Friends of the Irish Environment CLG

*Cosantóirí:* Rialtas na hÉireann, an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Éire agus an tArd-Aighne

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gá Airteagal 2(a) Threoir SEA [1], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(2)(a), a léiriú sa chaoi go bhféadfadh beart arna ghlacadh ag brainse feidhmiúcháin Ballstáit, seachas de bhíthin iallach reachtach nó riaracháin, agus nár glacadh ar bhonn aon bhirt rialúcháin, riaracháin nó reachtach, a bheith ina phlean nó ina chlár a bhfuil feidhm ag an Treoir maidir leis, i gcás ina leagann an plean nó an clár arna ghlacadh creat chun toiliú forbartha a dheonú go hiartheachtach nó a dhiúltú agus dá bhrí sin go bhfuil sé ag teacht le tástáil Airteagal 3(2) den Treoir?

2. An gá Airteagal 3(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(8) agus (9) de Threoir SEA, a léiriú sa chaoi go bhféadfadh plean nó clár a ndéanann foráil sonrach, cé go gcuirtear síos air mar "táscach", maidir le cistí a leithdháileadh chun tionscadail bhonneagair áirithe a thógáil d'fhonn tacú le straitéis forbartha spásúla i bplean eile, atá mar bhonn do straitéis forbartha spásúla iartheachtach, a bheith ina phlean nó ina chlár féin de réir bhrí Threoir SEA?

I gcás freagra dearfach ar an gceist thuas, an mbeidh plean a bhfuil sé mar chuspóir aige leithdháileadh acmhainní, le deileáil mar phlean buiséadach de réir bhrí Airteagal 3(8)?

3. An gá Airteagal 5, agus Iarscríbhinn 1, de Threoir SEA a léiriú amhail, i gcás ina n-éilítear measúnú comhshaoil faoi Airteagal 3(1), nach mór don tuarascáil chomhshaoil dá bhforáiltear inti, a luaithe a shainaithnítear roghanna réasúnta eile seachas rogha na tosaíochta, measúnú a dhéanamh ar rogha na tosaíochta agus ar roghanna réasúnta eile ar bhonn inchomparáide?

   I gcás freagra dearfach ar an gceist thuas, an gcomhlíontar ceanglas na Treorach má dhéantar measúnú ar na roghanna réasúnta ar bhonn inchomparáide sula roghnaítear an rogha thosaíochta, agus ina dhiaidh sin go ndéantar measúnú ar an dréachtphlean nó ar an dréachtchlár agus go ndéantar measúnú níos iomláine ar an SEA ansin maidir leis an rogha thosaíochta?

---

([1]) Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag pleananna agus cláir áirithe ar an gcomhshaol (IO 2001 L 197, lch. 30).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 29 Samhain 2022 – Direktor na Direktsia "Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika" – Sofia pri Tsentralno upravlenie na NAP v "Valentina Heights" EOOD**

**(Cás C-733/22)**

(2023/C 63/27)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven administrativen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* Direktor na Direktsia "Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika" – Sofia pri Tsentralno upravlenie na NAP

*Freagróir ar an achomharc:* "Valentina Heights" EOOD

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 98(2), arna léamh i gcomhar le pointe 12 d'Iarscríbhinn III, de Threoir 2006/112/CE ([1]) ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léiriú sa chaoi go bhféadfaí an ráta laghdaithe cánach breisluacha dá bhforáiltear san fhoráil sin i ndáil le cóiríocht in óstáin agus bunachais chosúla a chur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil na bunachais sin aicmithe i gcomhréir leis na forálacha dlí náisiúnta de Bhallstát [na cúirte] atá ag iarraidh an réamhrialaithe?

2. I gcás go dtabharfar freagra diúltach ar an gceist sin, an gcaithfear Airteagal 98(2), arna léamh i gcomhar le pointe 12 d'Iarscríbhinn III, de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léiriú sa chaoi go gceadaítear cur i bhfeidhm an ráta laghdaithe ar bhonn roghnach maidir le gnéithe nithiúla agus sonracha de chatagóir sholáthair ar leith, i gcás ina bhfuil coinníoll nach dtarlóidh an chóiríocht sin in óstáin agus bunachais chosúla ach amháin i saoráidí cóiríochta atá aicmithe i gcomhréir leis na forálacha dlí náisiúnta de Bhallstát [na cúirte] atá ag iarraidh an réamhrialaithe nó a bhfuil teastas sealadach eisithe ina leith maidir le tús a bheith curtha le himeachtaí aicmithe i gcatagóir.

---

([1]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Østre Landsret (an Danmhairg) a taisceadh an 1 Nollaig 2022 – Staten og Kommunernes Indkøbsservice A/S v BibMedia A/S

**(Cás C-737/22)**

(2023/C 63/28)

*Teanga an cháis: an Danmhairgis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Østre Landsret

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Staten og Kommunernes Indkøbsservice A/S

*Cosantóir:* BibMedia A/S

**An cheist a tharchuirtear**

An gcuirtear cosc le prionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne in Airteagal 18 den Treoir maidir le Soláthar Poiblí [1] agus an toirmeasc ar chaibidlíochtaí dá bharr sin ar thairgeoir a thíolaic an dara tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch i ndáil le nós imeachta oscailte do luchtóga ar leith (féach Airteagail 27 agus 46 den Treoir maidir le Soláthar Poiblí) an fhéidearthacht na seirbhísí arna dtairiscint a sholáthar, tar éis don spriocdháta chun an tairiscint a chur isteach dul in éag, agus i gcomhréir leis na téarmaí réamhshocraithe sna sonraíochtaí, laistigh de luchtóg ar na téarmaí céanna le tairgeoir a thíolaic an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch agus, dá bhrí sin, dámhadh luchtóg eile air nó uirthi a cuireadh amach ar tairiscint ag an am céanna?

(1) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Itä-Suomen hovioikeus (an Fhionlainn) a taisceadh an 2 Nollaig 2022 – Endemol Shine Finland Oy

**(Cás C-740/22)**

(2023/C 63/29)

*Teanga an cháis: an Fhionlainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Itä-Suomen hovioikeus

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir:* Endemol Shine Finland Oy

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An ionann nochtadh ó bhéal de shonraí pearsanta agus próiseáil sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 2(1) agus Airteagal 4, pointe 2, den Rialachán Ginearálta maidir le Sonraí Pearsanta a Chosaint [1]?

2. An féidir rochtain phoiblí ar dhoiciméid oifigiúla agus an ceart maidir le cosaint sonraí pearsanta a réiteach lena chéile, sa chiall dá dtagraítear in Airteagal 86 den Rialachán, sa chaoi go bhfuil faisnéis ar fáil gan srian ón gclár daoine atá ag cúirt maidir le ciontuithe coiriúla agus coireanna duine nádúrtha i gcás ina n-iarrtar go ndéanfar an fhaisnéis sin a nochtadh ó bhéal don iarratasóir?

3. An mbaineann se le hábhar don fhreagra ar Cheist 2 cé acu an cuideachta nó duine aonair an t-iarratasóir?

(1) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék (an Ungáir) an 6 Nollaig 2022 — Slovenské Energetické Strojárne A. S. v Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága

**(Cás C-746/22)**

(2023/C 63/30)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

### An chúirt a rinne an tarchur

Fővárosi Törvényszék

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Slovenské Energetické Strojárne A. S.

*Cosantóir:* Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1) An gcaithfear Airteagal 23(2) de Threoir 2008/9/CE ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le haisíoc cánach breisluacha, dá bhforáiltear i dTreoir 2006/112/CE, do dhaoine inchánach nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát aisíocaíochta ach atá bunaithe i mBallstát eile [1] ("Treoir 2008/9") a léiriú sa chaoi go mbeadh reachtaíocht náisiúnta —go sonrach, Airteagal 124(3) den az adóigazgatási rendtartásról szóló 2017. évi CLI. törvény (Dlí CLI de 2017, Rialáil ar an Riarachán Cánach; "Dlí um Riarachán Cánach")— nach gceadaítear léi, chun críocha measúnú a dhéanamh ar iarratais ar aisíocaíocht cánach breisluacha de bhun Threoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha [2] ("Treoir CBL"), ag céim an achomhairc, fíorais nua a líomhain nó fianaise nua a agairt nó a léiriú a raibh an t-iarratasóir feasach orthu roimh ghlacadh an chinnidh ag an gcéad chéim, ach nár chuir sé in iúl iad, cé gur iarr an t-údarás cánach air a leithéid a dhéanamh, nó nár agair sé iad, agus gur cruthaíodh mar sin srian substainteach a théann thar na ceanglais fhoirmiúla agus na ceanglais i leith tréimhsí ama arna leagan síos le Treoir 2008/9, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa Treoir sin maidir le hachomhairc?

2) An gciallaíonn freagra dearfach ar an gcéad cheist nach mór an tréimhse ama de mhí amháin arna leagan síos in Airteagal 20(2) de Threoir 2008/9 a mheas a bheith sainordaitheach? An bhfuil an méid sin thuas i gcomhréir leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt"), chomh maith le bheith i gcomhréir le hAirteagail 167, 169, 170 agus 171(1) de Threoir CBL agus leis na prionsabail bhunúsacha maidir le neodracht chánach, éifeachtacht agus comhréireacht arna bhforbairt ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh?

3) An gcaithfear an méid a leagtar síos in Airteagal 23(1) de Threoir 2008/9 maidir le hiarratas ar aisíocaíocht a dhiúltú ina iomláine nó i bpáirt a léiriú sa chaoi go mbeadh reachtaíocht náisiúnta —go sonrach, Airteagal 49(1)(b) den Dlí um Riarachán Cánach— ar dá réir a chuirfidh an t-údarás cánach clabhsúr ar na himeachtaí i gcás nach gcomhlíonfadh an duine inchánach is iarratasóir ceanglas de chuid an údaráis cánach nó nach gcomhlíonfadh sé a oibleagáid um cheartú agus, in éagmais sin, nach bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar an iarratas, gan leanúint leis na himeachtaí *ex officio*, i gcomhréir leis an bhforáil sin?

(1) IO 2008 L 44, lch. 23.
(2) IO 2006 L 347, lch. 1.

**Achomharc arna thabhairt ag an mBanc Ceannais Eorpach an 21 Nollaig 2022 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra, Comhdhéanamh leathnaithe) an 12 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-502/19 Francesca Corneli v BCE**

**(Cás C-777/22 P)**

(2023/C 63/31)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* An Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: C. Hernández Saseta, A. Pizzolla, Ghníomhairí, agus M. Lamandini, avvocato)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Francesca Corneli, an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

1) breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 a chur ar ceal in *Francesca Corneli* v *BCE* (-T 502/19, nár foilsíodh, EU:T:2022:627), a mhéid a chuir sé cinntí BCE an 1 Eanáir 2019 agus an 29 Márta 2019 ar neamhní; agus chun na críche sin,

2) a dhearbhú go bhfuil an chaingean a thug Francesca Corneli os comhair na Cúirte Ginearálta neamh-inghlactha faoi Airteagal 263(4) CFAE agus, dá bhrí sin, í a dhíbhe ina hiomláine.

3) mar mhalairt air sin, a dhearbhú go bhfuil cinntí BCE dleathach a mhéid a bhaineann siad leis na himeachtaí reatha agus gur gá an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun rialú ar na pléadálacha dlí nár scrúdaíodh sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus.

4) a ordú do Francesca Corneli na costais arna dtabhú ag BCE sa dá chéim imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena achomharc, maíonn an Banc Ceannais Eorpach dhá shaincheist dlí.

Maidir leis a chéad shaincheist dlí, maíonn BCE go ndearna an Chúirt Ghinearálta roinnt earráid í dlí, bunaithe i bpáirt ar earráidí fíorais, sa mheasúnú ar sheasamh Francesca Corneli imeachtaí a thionscnamh agus ar leas Francesca Corneli in imeachtaí a thionscnamh, rud nach gcomhlíonfadh ceanglais Airteagal 263(4) CFAE. Go háirithe, áitíonn an BCE go ndearna an Chúirt Ghinearálta an méid seo a leanas:

i. na fíorais ábhartha a shaobhadh trína áitiú go raibh tionchar ag na cinntí a cuireadh ar neamhní ar na “cearta” a líomhnaítear a bhí ag Francesca Corneli mar scairshealbhóir de chuid Banca Carige, nach raibh ann i ndáiríre nó nach raibh tionchar ag na cinntí sin orthu;

ii earráid dlí trí éifeacht dhíreach a thabhairt do na cinntí a cuireadh ar neamhní ar staid dhlíthiúil Francesca Corneli, duine den líon is mó ná 35 000 scairshealbhóirí beaga de chuid Banca Carige tráth a tionscnaíodh an chaingean;

iii. earráid dlí agus í ag glacadh leis go raibh tionchar aonair ag na cinntí a cuireadh ar neamhní ar Francesca Corneli toisc go ndearnadh difear dó i gceann dá cáil — ar scairshealbhóir de chuid Banca Carige í — lenar sainaithníodh, de réir na Cúirte Ginearálta, í go heisiach agus dá bhrí sin gur bhain sé go leithleach leis na cinntí a cuireadh ar neamhní;

iv. earráid dlí agus í ag glacadh leis go raibh leas ag Francesca Corneli i neamhniú na gcinntí a cuireadh ar neamhní ar leithligh ó sin de chuid sheolaí na gcinntí sin, eadhon Banca Carige, ós rud é nach mbeadh an chonclúid sin i gcomhréir leis an gcásdlí seanbhunaithe maidir leis na cásanna eisceachtúla inar féidir leas an scairshealbhóra i dtionscnamh imeachtaí a aithint.

Maidir leis a dara saincheist dlí, maíonn BCE go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí ina measúnú ar an mbunús dlí a d'úsáid BCE chun na cinntí a cuireadh ar neamhní a ghlacadh, ós rud é go bhfuil "an meath suntasach ar institiúid chreidmheasa", mar léiriú ar na himthosca tromchúiseacha a bhfuil tuairisc anailíseach orthu sna cinntí a cuireadh ar neamhní, ar cheann de na coinníollacha chun beart riaracháin urghnách a ghlacadh. Go háirithe, measann an BCE go ndearna an Chúirt Ghinearálta an méid seo a leanas:

i neamhaird a thabhairt ar an léiriú a thug na cúirteanna náisiúnta ar Airteagal 70 d'Acht Baincéireachta an Iodáil agus dá bhrí sin go ndearna sí earráid dlí agus an fhoráil sin agus raon feidhme a tagartha d'Airteagal 69-octiesdieces (1) (b) den Acht Baincéireachta a léiriú;

ii. earráid dlí mar gur theip uirthi an dlí náisiúnta ina iomláine a chur san áireamh, ónar léir go raibh sé beartaithe ag reachtas na hIodáile Treoir 2014/59/AE [1] a thrasuí go hiomlán agus i gceart;

iii. earráid dlí mar gur theip uirthi léiriú comhthéacsúil agus teileolaíoch ar Airteagail 69-bhásanna agus 70 den Acht Baincéireachta Comhdhlúite a chur san áireamh i bhfianaise chuspóir na mbeart luath-idirghabhála, lena n-áirítear riarachán urghnách;

iv. earráid dlí lena gcinneadh gurb ionann léiriú Airteagal 70 den Acht Bhaincéireachta Chomhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 2014/59/AE agus léiriú ar dhlí na hIodáile.

([1]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2007/36/CE, 2012/30/AE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2011/35/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

---

**Achomharc arna thabhairt an 23 Nollaig 2022 ag LE i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Chéad Dlísheomra) a tugadh an 26 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-475/20, LE v an Coimisiún**

**(Cás C-781/22 P)**

(2023/C 63/32)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* LE (ionadaí: M. Straus, advocaat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas na Cúirte Ginearálta a chur ar leataobh ar bhonn iarratais ar neamhniú breithiúnas eile a bhaineann leis an díospóid i ndáil leis an gCinneadh C(2020)3988 final;

— an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh imeachtaí breise maidir le pléadálacha agus agóidí arna ndéanamh ag LE, thar ceann a pháirtithe lena mbaineann chomh maith, i gcoinne agus i ndáil leis an gCinneadh atá faoi chonspóid;

Mar mhalairt air sin

— breithiúnas idirbhreitheach a rialú nó a ghlacadh i ndiaidh éisteacht le finnéithe nó fianaise a sholáthar a thacaíonn leis an gcás sula ndéantar na príomhéilimh a bhreithniú;

— breithiúnas na Cúirte Ginearálta a chur ar leataobh ar bhonn iarratais ar neamhniú breithiúnas eile a bhaineann leis an díospóid i ndáil leis an gCinneadh C(2020)3988 final, agus dá ndéanfadh an Chúirt breithniú amhlaidh, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh imeachtaí breise maidir le pléadálacha agus agóidí i gcoinne agus i ndáil leis an gCinneadh atá faoi chonspóid;

Nó mar mhalairt air sin

— breithniú a dhéanamh nó cibé bearta eile a ghlacadh a mheasfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a bheith cóir agus iomchuí.

Saincheist nós imeachta

— a ordú don Choimisiún Eorpach costais na n-imeachtaí sin a íoc, lena n-airítear táillí an dlíodóra.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí, agus tá roinnt codanna ag cuid acu. Leis na saincheisteanna sin, áitíonn LE go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí sa bhreithiúnas atá faoi achomharc:

— trína measúnú a bhunú ar shubstaint an chinnidh atá faoi chonspóid ar an ráiteas agóidí a chuir an Coimisiún Eorpach ar fáil;

— trí rialacha fianaise atá ró-dhian agus mícheart a chur i bhfeidhm ar chinntí;

— trí athbhreithniú breithiúnach atá le déanamh ag an gCúirt Ghinearálta a theorannú a mhéid is féidir;

— trí mhainneachtain aird a thabhairt ar na critéir dlí is infheidhme maidir le prionsabail nós imeachta dlí agus neamhaird a thabhairt ar phrionsabail dlí, amhail imeachtaí sáraíochta, prionsabail na córa comhionainne, dea-riaracháin, ionchais dhlisteanacha agus cásdlí i bhfabhar an iarratasóra;

— trína bhraith ar fhianaise líomhnaithe nár cuireadh ar fáil don iarratasóir ná nár cuireadh faoi bhráid an iarratasóra roimh ghlacadh an chinnidh ag an gCoimisiún.

---

**Achomharc arna thabhairt an 29 Nollaig 2022 ag “Sistem ecologica” production, trade and services d.o.o. Srbac i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra) a tugadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-81/21, “Sistem ecologica” production, trade and services d.o.o. v an Coimisiún**

**(Cás C-787/22 P)**

(2023/C 63/33)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* “Sistem ecologica” production, trade and services d.o.o. Srbac (ionadaithe: D. Diris, advocaat, D. Rjabynina, advocaat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— a dhearbhú go bhfuil an t-achomharc inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis;

— an breithiúnas a thug an Chúirt Ghinearálta an 19 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-81/21 a chur ar leataobh;

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 263 CFAE, Rialachán Uimh. 883/2013 ([1]) agus Rialachán Uimh. 1049/2001 ([2]), chomh maith le mainneachtain cúiseanna a lua agus réasúnaíocht fhrithráiteach maidir leis an scrúdú ar inghlacthacht na caingne le haghaidh neamhniú;

An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 124 de Chomhaontú na Boisnia agus na hEorpa, Airteagal 7(2) agus (4) de Phrótacal 5, Airteagal 21 i gcomhar le 51 CFR agus Rialachán Uimh. 883/2013 agus an dlí is infheidhme agus inniúlacht OLAF i gcoitinne á scrúdú agus go háirithe i rith an imscrúdaithe an 4 Nollaig 2019;

An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phribhléid an achomharcóra in aghaidh féin-ionchoiriú i rith an imscrúdaithe an 4 Nollaig 2019;

An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear cur i bhfeidhm nó léiriú mícheart ar Rialachán Uimh. 883/2013 maidir le sásra inmheánach comhairleach agus rialaithe OLAF agus ceart an achomharcóra gearán a thaisceadh;

An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear mainneachtain cúiseanna a lua agus réasúnaíocht fhrithráiteach maidir le ceart an achomharcóra éisteacht a fháil;

An séú saincheist dlí lena n-éilítear mainneachtain cúiseanna a lua maidir le neamhchlaontacht Ard-Stiúrthóir OLAF;

An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú agus réasúnaíocht fhrithráiteach ar chearta cosanta an achomharcóra agus go háirithe Airteagal 9(1) de Rialachán Uimh. 883/2013 maidir leis an tsampláil arna ndéanamh ag Custaim na Cróite arna iarraidh sin do OLAF.

(1) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO 2013 L 248, lch. 1).

(2) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO 2001 L 145, lch. 43).

---

## Achomharc arna thabhairt ag an gCoimisiún Eorpach an 22 Nollaig 2022 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra méadaithe) an 12 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-502/19 Francesca Corneli v an Banc Ceannais Eorpach (BCE)

**(Cás C-789/22 P)**

(2023/C 63/34)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

### Páirtithe

*Achomharcóir*: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: V. Di Bucci, D. Triantafyllou, A. Nijenhuis, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Francesca Corneli, an Banc Ceannais Eorpach

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

1) breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra méadaithe) an 12 Deireadh Fómhair a chur ar neamhní, ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún an lá céanna, i gCás T-502/19 *Francesca Corneli* v *an Banc Ceannais Eorpach*;

2) an t-achomharc a chuireadh isteach ag an gcéad chéim a dhíbhe toisc é a bheith do-ghlactha agus gan bhunús agus a ordú don achomharcóir costais an dá chéim a íoc;

3) mar mhalairt air sin, breithiúnas na Cúirte Ginearálta a chur ar neamhní agus an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena achomharc, maíonn an Coimisiún cúig shaincheist dlí.

Leis an gcéad saincheist dlí, éilíonn an Coimisiún gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 263 CFAE trína chinneadh go mícheart gur bhain na cinntí atá faoi chonspóid ag an gcéad chéim leis an achomharcóir go díreach agus go leithleach agus go raibh leas neamhspleách ag an achomharcóir imeachtaí a thionscnamh chun iad a neamhniú, agus go ndearna sé na fíorais a shaobhadh.

Leis an dara saincheist dlí, éilíonn an Coimisiún, agus scrúdú á dhéanamh aige ar fhorais atá le tuiscint ón sárú líomhnaithe ar an gcéad mhír d'Airteagal 70 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 385 an 1 Meán Fómhair 1993 lena leagtar síos téacs comhdhlúite na ndlíthe baincéireachta agus creidmheasa ("Acht Baincéireachta Comhdhlúite") gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 84 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta. Níor ardaíodh an phléadáil sin san iarratas ar an achomharc ag an gcéad chéim agus nárbh fhéidir í a ardú as am sa fhreagra toisc nach raibh sí bunaithe ar chúrsaí dlí nó fíorais a tháinig chun solais le linn an nós imeachta. Más iomchuí, sháraigh an Chúirt Ghinearálta an prionsabal go ndéantar ábhar na caingne a theorannú agus an toirmeasc ar neamhniú a tharraingt anuas *ex officio* a bhaineann le dlíthiúlacht shubstainteach an ghnímh atá faoi chonspóid.

Leis an tríú saincheist dlí, éilíonn an Coimisiún gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ([1]) agus an chéad mhír d'Airteagal 70 den Acht Baincéireachta Comhdhlúite trí mhíthuiscint a bhaint as na coinníollacha a leagtar síos sa dara ceann de na forálacha sin maidir le comhlachtaí riaracháin agus maoirseachta institiúide creidmheasa a dhíscaoileadh, ar an gcaoi chéanna leis na rialacha maidir le léiriú dhlí na hIodáile. Líomhnaítear go ndearna an Chúirt earráid sa léiriú téacs ar Airteagal 70 mar níor chuir sí san áireamh an gá atá le léiriú córasach, stairiúil agus teileolaíoch a chur i gcrích i gcomhréir le Bunreacht Phoblacht na hIodáile agus níor chuir sí an cásdlí náisiúnta san áireamh freisin.

Leis an gceathrú saincheist dlí, éilíonn an Coimisiún gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta an tríú mír d'Airteagal 288 CFAE trína chinneadh go mícheart nach bhféadfaí an chéad mhír d'Airteagal 70 den Ionstraim Baincéireachta a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach le hAirteagal 29 de Threoir 2014/1059/AE. ([2]) Go háirithe, mhainnigh an Chúirt Ghinearálta a dualgas a chomhlíonadh, laistigh de theorainneacha a cumhachta, chun corpas iomlán an dlí baile a chur san áireamh agus chun na modhanna léirmhínithe a aithnítear sa dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm, d'fhonn a áirithiú go bhfuil an treoir atá i gceist lánéifeachtach agus chun toradh a bhaint amach atá ag luí leis an gcuspóir atá á shaothrú aici.

Leis an gcúigiú saincheist dlí, éilíonn an Coimisiún gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus an dara agus an tríú mír d'Airteagal 288 CFAE trí thoirmeasc a chur ar an mBanc Ceannais Eorpach a ghníomhaíocht a bhunú ar fhorálacha a bhfuil éifeacht dhíreach acu ar threoracha agus trína cheangal air reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm lena dtrasuitear treoracha ar neamhréir leis na treoracha sin.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa (IO 2013 L 287, lch. 63).

([2]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2012/30/AE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

---

## Achomharc arna thabhairt ag an bPoblacht Heilléanach an 27 Nollaig 2022 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Chéad Dlísheomra) an 19 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-850/19 An Phoblacht Heilléanach v an Coimisiún Eorpach

**(Cás C-797/22 P)**

(2023/C 63/35)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

### Páirtithe

*Achomharcóir:* An Phoblacht Heilléanach (ionadaithe: E. Leftheriotou, A.-E. Vasilopoulou)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

### An t-ordú atá á lorg

Maíonn an t-achomharcóir gur cheart seasamh leis an achomharc agus an cinneadh ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 19 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-850/19, ar diúltaíodh d'achomharc na Poblachta Heilléanaí, a tíolacadh an 12 Nollaig 2019 ([1]) ag lorg neamhniú an Chinnidh Cur Chun Feidhme C (2019) 7094 final ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2022 maidir le bearta SA.39119 (2016/C) (ex 2015/NN) (ex 2014/CP) a chuir an Phoblacht Heilléanach chun feidhme i bhfoirm fóirdheontas ráta úis agus ráthaíochtaí a bhaineann le dóiteáin 2007, a bhaineann le hearnáil na talmhaíochta amháin (IO L 76/2020, lch. 4), d'fhonn an t-achomharc thuasluaite a ghlacadh agus cinneadh an Choimisiúin a neamhniú.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Chun tacú leis an achomharc, maíonn an t-achomharcóir dhá shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear léiriú agus cur i bhfeidhm go mícheart Airteagal 107(1) CFAE, agus réasúnaíocht leordhóthanach nó leormhaith sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus tá sé roinnte ina dhá chuid.

Sa chéad chuid den chéad saincheist dlí, líomhnaítear, trí léiriú agus cur i bhfeidhm go mícheart forálacha d'Airteagal 107(1) CFAE, chinn an Chúirt Ghinearálta go bhfuair gnóthais talmhaíochta sna limistéir atá buailte ag dóiteáin agus a fuair iasachtaí arna ráthú ag Stát na Gréige (agus na gnóthais seo amháin) buntáiste eacnamaíoch.

Thairis sin, theip air cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt leis an gcinneadh sin.

Sa dara chuid den chéad saincheist dlí, líomhnaítear gur léirigh an Chúirt Ghinearálta

Airteagal 107(1) CFAE go mícheart agus gur chuir siad i bhfeidhm go mícheart é, trína chinneadh go raibh na bearta a chonspóidtear roghnaitheach.

Leis an dara saincheist dlí, líomhnaítear míthuiscint agus mífheidhmiú choincheap na n-imthosca eisceachtúla a fhágann nach féidir cabhair a aisghabháil, i gcomhréir le prionsabail ghinearálta na comhréireachta agus dea-riaracháin, agus ráiteas ar chúiseanna neamhleor agus contrártha.

---

(1) ECLI: ECLI:EU:T:2022:638

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Xinyi PV Products (Anhui) Holdings v an Coimisiún**

**(Cás T-586/14 RENV II)** [1]

***(Dumpáil – Allmhairí gloine gréine de thionscnamh na Síne – Airteagail 2(8) go (10), 19 agus 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 [Airteagail 2(8) go (10), 19 agus 20 de Rialachán (AE) 2016/1036 anois] – Ceart rochtana ar dhoiciméid rúnda – Earráid fhollasach measúnaithe – Cearta na cosanta)***

(2023/C 63/36)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Xinyi PV Products (Anhui) Holdings Ltd (Anhui, an tSín) (ionadaithe: Y. Melin agus B. Vigneron, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Flynn agus T. Maxian Rusche, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* GMB Glasmanufaktur Brandenburg GmbH (Tschernitz, an Ghearmáin) (ionadaí: R. MacLean, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 470/2014 ón gCoimisiún an Bealtaine 2014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chur ar neamhní (IO 2014 L 142, lch. 1, ceartúchán IO 2014 L 253, lch. 4).

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Xinyi PV Products (Anhui) Holdings Ltd a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an Coimisiún Eorpach a íoc.

3) Íocfaidh GMB Glasmanufaktur Brandenburg GmbH as a chostais féin.

(1) IO C 372, 20.10.2014.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – PT Wilmar Bioenergi Indonesia agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-111/20)** [1]

***(Fóirdheontais – Allmhairí bithdhíosail de thionsnamh na hIndinéise – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 – Dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha – Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/1037 – Ranníocaíocht airgeadais – Airteagal 3(2) de Rialachán 2016/1037 – Buntáiste – Airteagal 7(1)(a) de Rialachán 2016/1037 – Méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe a ríomh – Pointe 1(a)(iv) agus pointe 2 d'Airteagal 3 de Rialachán 2016/1037 – Gníomh comhdhéanta de comhlacht príobháideach a choimisiúnú chun feidhm ranníocaíochta airgeadais a chomhlíonadh, nó é a ordú lena dhéanamh – Luach saothair nach leordhóthanach – Tacaíocht ioncaim nó praghais – Airteagal 28(5) de Rialachán 2016/1037 – Úsáid na sonraí atá ar fáil – Airteagail 3(2) agus 6(d) de Rialachán 2016/1037 – Buntáiste – Airteagal 8(8) de Rialachán 2016/1037 – Baol díobhála ábhartha do thionscal an Aontais – Airteagal 8(5) agus (6) de Rialachán 2016/1037 – Nasc cúisíoch – Anailís aitreabúideachta – Anailís neamh-aitreabúideachta)***

(2023/C 63/37)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóirí:* PT Wilmar Bioenergi Indonesia (Medan, an Indinéis), PT Wilmar Nabati Indonesia (Medan), PT Multi Nabati Sulawesi (Sulawesi Thuaidh, an Indinéis) (ionadaithe: P. Vander Schueren agus T. Martin-Brieu, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Kienapfel, G. Luengo agus P. Němečková, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Bord Bithdhíosail na hEorpa (EBB) (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: M.-S. Dibling agus L. Amiel, Dlíodóirí)

## Ábhar

Trína gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019, lena bhforchuirtear dleachteanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí bithdhíosail de thionsnamh na hIndinéise (IO 2019 L 317, lch. 42), a mhéid a bhaineann an rialachán sin leo, ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do PT Wilmar Bioenergi Indonesia, PT Wilmar Nabati Indonesia agus PT Multi Nabati Sulawesi na costais a íoc.

[1] IO C 129, 20.4.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Autoridad Portuaria de Bilbao v an Coimisiún**

**(Cás T-126/20)** [1]

***(Státchabhair – Earnáil na gcalafort – Scéim díolúine ó cháin chorparáide arna cur chun feidhme ag an Spáinn i bhfabhar calafort i gcúige na Bioscáine – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an státchabhair ar neamhréir leis an margadh inmheánach – Cabhair atá ann cheana – Buntáiste – Dualgas cruthúnais – Cineál roghnaitheach – Éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit – Saobhadh iomaíochta – Bearta iomchuí)***

(2023/C 63/38)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Autoridad Portuaria de Bilbao (Bilbao, an Spáinn) (ionadaithe: D. Sarmiento Ramírez-Escudero agus X. Codina García-Andrade, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaí: B. Stromsky, Gníomhaire)

**Maidir le**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní, ar an gcéad dul síos, Cinneadh C(2018) 8676 final ón gCoimisiún Eorpach an 8 Eanáir 2019 maidir le Státchabhair SA.38397 (2018/E) – Cánachas ar chalafoirt sa Spáinn, inar chinn an Coimisiún gurb ionannan státchabhair i bhfoirm díolúintí ó cháin chorparáideach arna ndeonú ag Ríocht na Spáinne dá húdaráis chalafoirt agus cabhair atá ann cheana atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus inar mhol sé "bearta iomchuí" i gcomhréir le hAirteagal 108(1) CFAE, ar an dara dul síos, Cinneadh C(2019) 1765 final ón gCoimisiún an 7 Márta 2019 maidir le Státchabhair SA.38397 (2018/E) – Cánachas ar chalafoirt sa Spáinn, lenar cheartaigh an Coimisiún a thogra le haghaidh bearta iomchuí, agus, ar an tríú dul síos, Cinneadh C(2019) 8068 final ón gCoimisiún an 15 Samhain 2019 maidir le Státchabhair SA.38397 (2018/E) – Díolúine ó cháin chorparáideach is infheidhme maidir le húdaráis chalafoirt sa Spáinn – Cinneadh glacadh na mbeart iomchuí atá beartaithe (cabhair atá ann cheana féin) a thaifeadadh, i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 108 CFAE (IO 2015 L 248, lch. 9), lenar thug an Coimisiún dá aire gur ghlac Ríocht na Spáinne leis na bearta iomchuí arna moladh.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Autoridad Portuaria de Bilbao na costais a íoc.

---

([1]) IO C 129, 20.4.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – PT Ciliandra Perkasa v an Coimisiún**

**(Cás T-138/20)** ([1])

***(Fóirdheontais – Allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 – Dleacht frithchúitimh chinntitheach – Airteagal 8(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/1037 – Sladghearradh praghsanna – Brú praghsanna – Airteagal 8(5) de Rialachán 2016/1037 – Nasc cúisíoch – Airteagal 3(2) agus Airteagal 6(d) de Rialachán 2016/1037 – Sochar – Airteagal 3(1)(a)(i) agus (2) de Rialachán 2016/1037 – Aistriú díreach cistí – Airteagal 7 de Rialachán 2016/1037 – Méid an tsochair a ríomh – Airteagal 8(1) agus (8) de Rialachán 2016/1037 – Bagairt díobhála ábhartha – Cearta na cosanta)***

(2023/C 63/39)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* PT Ciliandra Perkasa (Iacárta Thiar, an Indinéis) (ionadaithe: F. Graafsma, J. Cornelis agus E. Rogiest, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Kienapfel, G. Luengo agus P. Němečková, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* European Biodiesel Board (EBB) (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: M.-S. Dibling agus L. Amiel, Dlíodóirí)

**Maidir le**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise (IO 2019 L 317, lch. 42) a neamhniú, a mhéid a bhaineann an Rialachán sin leis.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do PT Ciliandra Perkasa na costais a íoc.

---

([1]) IO C 129, 20.4.2020.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – PT Pelita Agung Agrindustri agus PT Permata Hijau Palm Oleo v an Coimisiún**

**(Cás T-143/20)** [1]

***(Fóirdheontais – Allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 – Dleacht frithchúitimh chinntitheach – Airteagal 8(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/1037 – Sladghearradh praghsanna – Brú praghsanna – Airteagal 8(5) de Rialachán 2016/1037 – Nasc cúisíoch – Airteagal 3(1)(a)(iv) agus (2) de Rialachán 2016/1037 – Gníomh arb ionann é agus "dul ar iontaoibh" comhlachta phríobháidigh chun feidhm ar ranníocaíocht airgeadais í a chur i gcrích nó arb ionann é agus "ordú" dó é sin a dhéanamh – Luach saothair nach bhfuil leordhóthanach – Tacaíocht ioncaim nó praghsanna – Airteagal 3(2) agus 6(d), de Rialachán 2016/1037 – Sochar – Airteagal 3(1)(a)(i) agus (2) de Rialachán 2016/1037 – Aistriú díreach cistí – Airteagal 7 de Rialachán 2016/1037 – Méid an tsochair a ríomh – Airteagal 8(1) agus (8) de Rialachán 2016/1037 – Bagairt díobhála ábhartha – Cearta na cosanta)***

(2023/C 63/40)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* PT Pelita Agung Agrindustri (Medan, an Indinéis), PT Permata Hijau Palm Oleo (Medan) (ionadaithe: F. Graafsma, J. Cornelis agus E. Rogiest, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Kienapfel, G. Luengo agus P. Němečková, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* European Biodiesel Board (EBB) (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: M-S. Dibling agus L. Amiel, Dlíodóirí)

**Maidir le**

Lena gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise (IO 2019 L 317, lch. 42) a neamhniú, a mhéid a bhaineann an Rialachán sin leo.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do PT Pelita Agung Agrindustri agus PT Permata Hijau Palm Oleo na costais a íoc.

[1] IO C 129, 20.4.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Devin v EUIPO – Haskovo Chamber of Commerce and Industry (DEVIN)**

**(Cás T-526/20)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "DEVIN" – Dearbhfhorais le diúltú – Cineál tuairisciúil – Ainm geografach – Easpa coimhlinte leis an mbeartas poiblí – Easpa mairc de chineál a chuirfeadh dallamullóg ar an bpobal, – Airteagal 7(1)(c), (f) agus (g) de Rialachán Uimh. 207/2009 [Airteagal 7(1)(c), (f) agus (g) de Rialachán 2017/1001 anois] – Sainiúlacht a fuarthas trí úsáid – Airteagal 7(3) agus Airteagal 52(2) de Rialachán Uimh. 207/2009 [Airteagal 7(3) agus Airteagal 52(2) de Rialachán 2017/1001 anois] – Frithéileamh)***

(2023/C 63/41)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Devin EAD (Devin, an Bhulgáir) (ionadaithe: B. Van Asbroeck, G. de Villegas, agus C. Haine, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: A. Folliard-Monguiral, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Haskovo Chamber of Commerce and Industry (Haskovo, an Bhulgáir) (ionadaithe: D. Dimitrova agus I. Pakidanska, Gníomhairí)

**Maidir le**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 28 Bealtaine 2020 ar neamhní (Cás R 2535/2019-1).

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 28 Bealtaine 2020 (Cás R 2535/2019-1) ar neamhní a mhéid a dhearbhaíodh go bhfuil trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 9 408 865 neamhbhailí i leith na n-earraí go léir a chumhdaítear seachas an táirge "uisce mianraí a chomhlíonann sonraíochtaí [tásc geografach faoi chosaint] Uisce Mianraí Nádúrtha Devin" in Aicme 32;

2) Diúltaítear don fhrithéileamh.

3) Maidir leis na príomhimeachtaí, ordaítear do EUIPO a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Devin EAD a íoc agus ordaítear do Haskovo Chamber of Commerce and Industry a chostais féin a íoc.

4) Maidir leis an bhfrithéileamh, ordaítear do Haskovo Chamber of Commerce and Industry, a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Devin agus EUIPO a íoc.

(1) IO C 339, 12.10.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Green Power Technologies v an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha**

**(Cás T-533/20)** (1)

***(Clásal eadrána – Seachtú clár réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 – 2013) – Conarthaí deontais – Costais incháilithe – Tuarascáil ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) inar aimsíodh go raibh caiteachas áirithe neamh-incháilithe – Aisíocaíocht suimeanna a íocadh – Dualgas cruthúnais – Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013 – Frithéileamh)***

(2023/C 63/42)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Green Power Technologies, SL (Bollullos de la Mitación, an Spáinn) (ionadaithe: A. León González agus A. Martínez Solís, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha ar a dtugtaí Comhghnóthas ECSEL roimhe seo (ionadaithe: O. Lambinet agus A. Salaun, Gníomhairí, le cúnamh ó M. Troncoso Ferrer, Dlíodóir)

**Ábhar**

Trína chaingean de bhun Airteagal 272 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndearbhófaí go gcomhfhreagraíonn do chostais incháilithe na suimeanna a deonaíodh ag an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha i bhforghníomhú na gconarthaí Pollux (Uimh. 100205), IoE (Uimh. 269374), Motorbrain (Uimh 270693) agus AGATE (Uimh 325630), a tugadh i gcrích i gcomhthéacs an seachtú clár réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 – 2013), chun na tionscadail chomhfhreagracha a mhaoiniú, agus a bhfuil a n-aisíocaíocht iarrtha trí nóta dochair Uimh. 4440200016 a eisiúint.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Is díol sásaimh an frithéileamh ón gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

3) Ordaítear do Green Power Technologies, SL suim EUR 204 302,13 a íoc leis an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha, a éilítear ag an dara ceann seo mar chuid den fhrithéileamh.

4) Ordaítear do Green Power Technologies na costais a íoc.

(1) IO C 371, 3.11.2020.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Jinan Meide Casting agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-687/20)** (1)

***(Dumpáil – Allmhairí d'fheistithe feadáin agus píopa snáithithe, múnlaithe, déanta as iarann teilgthe intuargainte, de thionscnamh na Síne – Dleacht frithdhumpála chinntitheach a athchur – Deimhneacht dhlíthiúil – Ionchas dlisteanach – Neamh-aisghníomhaíocht – Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 [Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/1036 anois] – Comhréireacht – Clárú allmhairí – Airteagal 14(5) de Rialachán Uimh. 1225/2009 [Airteagal 14(5) de Rialachán 2016/1036 anois])***

(2023/C 63/43)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Jinan Meide Casting Co. Ltd (Jinan, an tSín), agus na 10 n-iarratasóir eile atá ainmnithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an mbreithiúnas (ionadaithe: R. Antonini, E. Monard agus B. Maniatis, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Blanck agus G. Luengo, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go neamhnófaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1210 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2020, lena n-athfhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheistithe feadáin agus píopa snáithithe, múnlaithe, déanta as iarann teilgthe intuargainte agus as iarann teilgthe graifít sféaróideach, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna monarú ag Jinan Meide Casting Co. Ltd tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-650/17 (IO 2020 L 274, lch. 20).

**An Chuid Oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Jinan Meide Casting Co. Ltd agus do na hiarratasóirí eile atá ainmnithe san Iarscríbhinn na costais a íoc.

(1) IO C 19, 18.1.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Green Power Technologies v an Coimisiún**

**(Cás T-753/20)** [1]

***(Clásal eadrána – Seachtú clár réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 – 2013) – Conarthaí deontais – Costais incháilithe – Tuarascáil ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) inar aimsíodh go raibh caiteachas áirithe neamh-incháilithe – Aisíocaíocht suimeanna a íocadh – Dualgas cruthúnais – Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013 – Oibleagáid cúiseanna a lua – Saibhriú éagórach – Caingean le haghaidh neamhniú – Tuarascáil OLAF – Acht nach bhfuil faoi réir achomhairc – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 63/44)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Green Power Technologies, SL (Bollullos de la Mitación, an Spáinn) (ionadaithe: A. León González agus A. Martínez Solís, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Araujo Arce agus J. Estrada de Solà, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Ríocht na Spáinne, (ionadaithe: L. Aguilera Ruiz agus Á. Ballesteros Panizo, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean, iarrann an t-iarratasóir, ar dtús, de bhun Airteagal 263 CFAE, go gcuirfí tuarascáil ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) an 9 Iúil 2018 lena ngabhann tagairt B.4(2017)4393 ar neamhní, agus, anuas air sin, de bhun Airteagal 272 CFAE, go ndearbhófaí, ar an gcéad dul síos, go gcomhfhreagraíonn do chostais incháilithe na suimeanna a deonaíodh ag an gCoimisiún Eorpach i bhforghníomhú conartha deontais Uimh. 2567509, a tugadh i gcrích i gcomhthéacs an seachtú clár réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 – 2013), chun roinnt tionscadail chomhfhreagracha a mhaoiniú, lena n-áirítear, go háirithe, an tionscadal Powair, maidir le forbairt "ceallraí since – aershreibhe le haghaidh líonra dáileacháin cumhachta leictreachais", agus a bhfuil a n-aisíocaíocht iarrtha trí nóta dochair Uimh. 3242010798 a eisiúint agus, ar an dara dul síos, nach raibh na suimeanna arna n-éileamh ag an gCoimisiún le héisiúint nóta dochair Uimh. 3242010800, maidir le pionóis chonarthacha, iníoctha.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Green Power Technologies, SL a chostais féin, agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach, a íoc.

3) Ordaítear do Ríocht na Spáinne a costais féin a íoc.

[1] IO C 53, 15.2.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – PKK v an Chomhairle**

**(Cás T-182/21)** [1]

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i gcoinne PKK i gcomhthéacs an chomhraic in aghaidh na sceimhlitheoireachta – Reo na gcistí – Comhsheasamh 2001/931/CBES – Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 – Infheidhmeacht maidir le cásanna coinbhleachta armtha – Grúpa sceimhlitheoireachta – Bunús fíorasach na gcinntí cistí a reo – Cinneadh arna ghlacadh ag údarás inniúil – Údarás tríú Stáit – Athbhreithniú – Oibleagáid cúiseanna a lua – Comhréireacht – Cearta na cosanta – Ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil)***

(2023/C 63/45)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Kurdistan Workers' Party (PKK) (ionadaithe: A. van Eik agus T. Buruma, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: B. Driessen agus S. Van Overmeire, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an méid seo a leanas ar neamhní:

— Cinneadh (CBES) 2021/142 ón gComhairle an 5 Feabhra 2021 lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1132 (IO 2021 L 43, lch. 14);

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/138 ón gComhairle an 5 Feabhra 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha a dhírítear i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1128 (IO 2021 L 43, lch. 1);

— Cinneadh (CBES) 2021/1192 ón gComhairle an 19 Iúil 2021, lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/142 (IO 2021 L 258, lch. 42);

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1188 ón gComhairle an 19 Iúil 2021, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha a dhírítear i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/138 (IO 2021 L 258, lch. 14);

— Cinneadh (CBES) 2022/152 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022, lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1192 (IO 2022 L 25, lch. 13);

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/147 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha a dhírítear i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1188 (IO 2022 L 25, lch. 1), a mhéid a bhaineann na gníomhartha seo leis.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 217, 7.6.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – SU v ÚEÁPC**

**(Cás T-296/21)** ([1])

***(Státseirbhís – Gníomhairí sealadacha – Conradh ar théarma seasta – Neamh-athnuachan – Próiseas athnuachana – Tuarascálacha meastóireachta a bhreithniú – Tuarascáil mheastóireachta neamhchríochnaithe – Cuntasacht – Damáiste airgid – Deis a chailleadh – Damáiste neamhábhartha – Dlínse neamhtheoranta – Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta a fhorghníomhú)***

(2023/C 63/46)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* SU (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ionadaithe: C. Coucke agus E. Karatza, Gníomhairí, le cúnamh ó B. Wägenbaur, Dlíodóir)

**Ábhar**

Trína chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar dtús, go gcuirfí cinneadh ón Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) an 15 Iúil 2020 nach ndearna a chonradh a athnuachan agus, a mhéid is gá, cinneadh an 11 Feabhra 2021 lenar dhiúltaigh ÚEÁPC dá ghearán, ar neamhní agus, anuas air sin, ar chúiteamh as an damáiste airgid agus neamhábhartha a líomhnaítear go bhfulaingíodh dá bharr.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear cinneadh ón Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) an 15 Iúil 2020 nach ndearna conradh SU mar ghníomhaire sealadach a athnuachan ar neamhní.

2) Cuirtear cinneadh ó ÚEÁPC an 11 Feabhra 2021 lenar diúltaíodh do ghearán SU ar neamhní.

3) Ordaítear do ÚEÁPC EUR 10 000 a íoc mar chúiteamh ar an damáiste airgid a rinneadh do SU.

4) Ordaítear do ÚEÁPC EUR 5 000 a íoc mar chúiteamh ar an damáiste neamhábhartha a rinneadh do SU.

5) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

6) Ordaítear do ÚEÁPC na costais a íoc.

(1) IO C 320, 9.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – SY v an Coimisiún**

**(Cás T-312/21)** (1)

***(Seirbhís Shibhialta – Earcaíocht – Fógra comórtais – Comórtas oscailte EPSO/AD/374/19 – Cinneadh gan ainm an iarratasóra a chur ar an liosta ionadaithe don chomórtas – Caingean le haghaidh neamhniú – Leasú ar an bhfógra comórtais tar éis na tástálacha iontrála a reáchtáil go páirteach – Easpa bunús dlí – Ionchais dhlisteanacha – Deimhneacht dhlíthiúil – Force majeure – Cóir chomhionann – Teideal chun socruithe speisialta – Eagraíocht na dtrialacha go cianda – Ráta ard pas na n-iarrthóirí inmheánacha – Caingean a bhaineann le mainneachtain gníomhú)***

(2023/C 63/47)

*Teanga an cháis: an Gearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* SY (ionadaí: T. Walberer, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Hohenecker, T. Lilamand agus D. Milanowska, Gníomhairí)

**Maidir le**

Trína chaingean faoi Airteagal 270 CFAE agus Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, go gcuirfear ar neamhní, ar dtús, an t-aguisín a ghabhann leis an bhfógra comórtais oscailte EPSO/AD/374/19 (IO 2020 C 374 A, lch. 3), lenar leasaíodh na rialacha maidir leis na tástálacha sa chomórtas sin mar gheall ar ráig phaindéim COVID-19, an cuireadh ón gCoimisiún Eorpach an 20 Samhain 2020 tástáil a dhéanamh, an liosta ionadaithe arna tharraingt suas ag deireadh an chomórtais sin i réimse dhlí na hiomaíochta, agus na cinntí maidir le hearcú iarrthóirí ar bhonn an liosta ionadaithe sin agus cinneadh athbhreithnithe an bhoird roghnúcháin lena ndearbhaítear an cinneadh gan a ainm a chur ar an liosta. Ar an dara dul síos, mar mhalairt air sin, iarrann sé go sonróidh an Chúirt sa bhreithiúnas a thabharfar na ceanglais shonracha atá le comhlíonadh ag an gCoimisiún chun an t-iarratasóir a thabhairt ar ais chuig an seasamh dlíthiúil ina raibh sé roimh an neamhdhleathacht a rinne an bord roghnúcháin sin, d'fhonn a chur ar a chumas a ainm a chur ar an liosta ionadaithe. Ar an tríú dul síos, iarrann sé go gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 265 CFAE, toisc gur theip air cinneadh a eisiúint maidir le gearán riaracháin an iarratasóra an 17 Eanáir 2021.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do SY a chostais féin chomh maith le leath na gcostas arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.

3) Íocfaidh an Coimisiún leath dá chostais féin.

---

([1]) IO C 310, 2.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 11 Eanáir 2023 – Hecht Pharma v EUIPO – Gufic BioSciences (Gufic)**

**(Cás T-346/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Gufic – Fíorúsáid an trádmhairc – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Úsáid phoiblí agus amach – Tábhacht na húsáide – Cineál agus foirm na húsáide – Úsáid i ndáil leis na hearraí a bhfuil an trádmharc cláraithe ina leith)***

(2023/C 63/48)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hecht Pharma GmbH (Bremervörde, an Ghearmáin) (ionadaithe: C. Sachs agus J. Sachs, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Schäfer, D. Hanf agus A. Ringelhann, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Gufic BioSciences Ltd. (Mumbai, an India) (ionadaithe: A. Wehlau agus T. Uhlenhut, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 3 Meitheamh 2021 (Cás R 2738/2019-2) a neamhniú go páirteach agus a athrú go páirteach.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Hecht Pharma GmbH a chostais féin agus na costais sin arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

3) Íocfaidh Gufic BioSciences Ltd as a chostais féin.

---

([1]) IO C 329, 16.8.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Hotel Cipriani v EUIPO – Altunis (CIPRIANI FOOD)**

**(Cás T-358/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "CIPRIANI FOOD" – Fíorúsáid a bhaint as an trádmharc – Cineál úsáide – Airteagal 18(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Tábhacht a bhaineann le húsáid – Airteagal 58(1)(a) agus (2) de Rialachán 2017/1001)***

(2023/C 63/49)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hotel Cipriani SpA (an Veinéis, an Iodáil) (ionadaithe: M. Rieger-Jansen, D. Op de Beeck agus W. Pors, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Altunis-Trading, Gestão e Serviços, Sociedade unipessoal, Lda (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: M. Pomares Caballero, E. Salis agus T. Barber Giner, Dlíodóirí)

**Maidir le**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 27 Aibreán 2021 ar neamhní (Cás R 1599/2020-4).

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Hotel Cipriani SpA a chostais féin agus i gcomhthéacs na n-imeachtaí seo, na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus Altunis-Trading, Gestão e Serviços, Sociedade unipessoal, Lda a íoc.

([1]) IO C 338, 23.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – TM v BCE**

**(Cás T-440/21)** ([1])

***(Seirbhís Shibhialta – Baill foirne BCE – Earcaíocht – Fógra folúntais – Nós imeachta chun post [sonraí rúnda fágtha ar lár] a líonadh – Critéir roghnúcháin – Taithí ghairmiúil – Diúltú d'iarratas – Ceapadh iarrthóra eile – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráid fhollasach measúnaithe – Mí-úsáid cumhachtaí – Leas na seirbhíse – Dliteanas – Damáiste airgid agus neamhairgid)***

(2023/C 63/50)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TM (ionadaithe: L. Levi agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: B. Ehlers agus D. Nessaf, Gníomhairí, le cúnamh ó B. Wägenbaur, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE agus ar Airteagal 50a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfaí cinneadh an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) an 15 Nollaig 2020 gan é a cheapadh chuig post mar [sonraí rúnda fágtha ar lár] agus [sonraí rúnda fágtha ar lár] a cheapadh chuig an bpost sin a neamhniú agus, ar an dara dul síos, go gcúiteofar an damáiste airgid agus neamhairgid a líomhnaítear a d'fhulaing an t-iarratasóir mar gheall ar an gcinneadh seo.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do TM na costais a íoc.

(1) IO C 391, 27.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Vanhoudt v BEI**

**(Cás T-490/21)** (1)

***(Seirbhís Shibhialta – Baill foirne BEI – Earcaíocht – Fógra folúntais – Diúltú d'iarratas – Ceapadh iarrthóra eile – Oibleagáid cúiseanna a lua – Sárú nós imeachta earcaíochta – Earráid fhollasach measúnaithe – Dliteanas)***

(2023/C 63/51)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Patrick Vanhoudt (Gonderange, Lucsamburg) (ionadaithe: L. Levi agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: T. Gilliams, G. Faedo agus K. Carr, Gníomhairí, le cúnamh ó A. Dal Ferro, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE agus ar Airteagal 50a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go neamhnófaí cinneadh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) an 16 Nollaig 2020, lenar dhiúltaigh an Banc sin a iarratas ar phost 6/5-D/E, agus an cinneadh lenar ceapadh an t-iarrthóir a fuair an post sin agus, ar an dara dul síos, go gcúiteofar an damáiste a líomhnaíonn sé a bheith fulaingthe aige mar thoradh ar na cinntí sin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do M. Patrick Vanhoudt na costais a íoc.

(1) IO C 422, 18.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Pierre Lannier v EUIPO – Pierre Lang Trading (PL)**

**(Cás T-530/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear na ceannlitreacha “P” agus “L” forshuite – Marc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear teaglaim scáthánaithe de cheannlitreacha “P” agus “L” forshuite – Inghlacthacht an achomhairc os comhair an Bhoird Achomhairc – Seasamh chun imeachtaí a thionscnamh – Forais choibhneasta le diúltú – Dóchúlacht mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) den Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 [Airteagal 8(1)(b) den Rialachán (AE) 2017/1001 anois])***

(2023/C 63/52)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Pierre Lannier (Ernolsheim-lès-Saverne, an Fhrainc) (ionadaí: N. Boespflug, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: E. Markakis, Gníomhaire)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Pierre Lang Trading GmbH (Vín, an Ostair) (ionadaí: A. Ginzburg, Dlíodóir)

## Ábhar

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d’Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 11 Meitheamh 2021 (Cás R 1915/2020-5) a neamhniú.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Pierre Lannier na costais a íoc.

[1] IO C 422, 18.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Agrarfrost v EUIPO – McCain (Cruth straoiseoige)**

**(Cás T-553/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Trádmharc tríthoiseach de chuid an Aontais Eorpaigh – Cruth straoiseoige – Fíorúsáid an trádmhairc – Airteagal 18(1), dara fomhír, (a) agus Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Cineál úsáide – Gan athrú ar shaintréith)***

(2023/C 63/53)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Agrarfrost GmbH & Co. KG (Wildeshausen, an Ghearmáin) (ionadaithe: A. Ebert-Weidenfeller agus H. Förster, Dlíodóirí)

*Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh* (ionadaithe: E. Nicolás Gómez agus D. Hanf, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* McCain GmbH (Eschborn, an Ghearmáin) (ionadaithe: C. Schmitt agus M. Kinkeldey, Dlíodóirí)

**Maidir le**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 28 Meitheamh 2021 (Cás R1088/2020-5) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Agrarfrost GmbH & Co. KG na costais a íoc.

---

([1]) IO C 422, 18.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Eurol v EUIPO – Pernsteiner (eurol LUBRICANTS)**

**(Cás T-636/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach – Marc fíortha eurol LUBRICANTS – Focalmharc náisiúnta níos luaithe “EUROLLUBRICANTS” – Fianaise maidir le fíorúsáid an trádmhairc níos luaithe – Airteagail 15 agus 57 de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 [Airteagail 18 agus 64 de Rialachán (AE) 2017/1001 anois] – Úsáid le toiliú dhílseánach an trádmhairc – Easpa athraithe ar shaintréith – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 [Airteagal 8(1)(b) de Rialachán 2017/1001 anois])***

(2023/C 63/54)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Eurol BV (Nijverdal, an Ísiltír) (ionadaithe: M. Driessen agus G. van Roeyen, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* August Wolfgang Pernsteiner (Feldkirchen an der Donau, an Ostair) (ionadaí: J. Öhlböck, Dlíodóir)

**Objet**

Trína chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 25 Iúil 2021 (Cás R 2403/2020-2) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Eurol BV na costais a íoc.

---

([1]) IO C 471, 22.11.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Nemport Liman İşletmeleri Ve Özel Antrepo Nakliye Ticaret v EUIPO – Newport Europe (NEMPORT LİMAN İŞLETMELERİ)**

**(Cás T-18/22)** [1]

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "NEMPORT LİMAN İŞLETMELERİ" – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe "Newport" – Foras coibhneasta le diúltú – Éagmas riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 63/55)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Nemport Liman İşletmeleri Ve Özel Antrepo Nakliye Ticaret AŞ (Izmir, an Tuirc) (ionadaí: V. Martín Santos, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, Gníomhaire)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Newport Europe BV (Moerdijk, an Ísiltír)

**Maidir le:**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 11 Samhain 2021 (Cás R 562/2021-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear cinneadh an Cheathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 11 Samhain 2021 (Cás R 562/2021-4) ar neamhní.
2. Ordaítear do EUIPO na costais a íoc.

(1) IO C 84, 21.2.2022.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Esedra v an Pharlaimint**

**(Cás T-46/22)** [1]

***(Conradh seirbhíse poiblí – Nós imeachta tairisceana – Bainistiú iomlán ar ionad luath-óige na Parlaiminte sa Bhruiséil – Diúltú do thairiscint an tairgeora – Tairiscint thar a bheith íseal – Comhréireacht tairisceana leis na coinníollacha atá leagtha síos sna sonraíochtaí tairisceana – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráidí follasacha measúnaithe)***

(2023/C 63/56)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Esedra (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaí: M. Vastmans, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: M. Pencheva agus M. Kazek, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, de bhun Airteagal 263 CFAE, go ndéanfar an cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2021 dar teideal "Nós imeachta soláthair phoiblí PE PERS 2021 027 – Bainistiú iomlán ar ionad luath-óige Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil, atá suite ar Rue Wayenberg", lena ndiúltaítear don tairiscint a chuir an t-iarratasóir isteach i gcomhthéacs an éilimh ar thairiscintí agus lena mbronntar an conradh ar thairgeoir eile, a chur ar neamhní, agus, ar an dara dul síos, de bhun Airteagal 268 CFAE, cúiteamh as an damáiste a mhaíonn sé a tharla dó mar gheall ar an gcinneadh sin.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Esedra, chomh maith lena chostais féin, na costais arna dtabhú ag Parlaimint na hEorpa, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na himeachtaí le haghaidh bearta idirlinne, a íoc.

(1) IO C 109, 7.3.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2022 – CX v an Choimisiún**

**(Cás T-735/16)** (1)

***(Státseirbhís – Oifigigh – Imeachtaí araíonachta – Dífhostú – Cinneadh luach saothair an iarratasóra a laghdú – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2023/C 63/57)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* CX (ionadaí: É. Boigelot, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Choimisiún Eorpach (ionadaithe: T. Bohr agus C. Ehrbar, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí, ar thaobh amháin, cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 18 Nollaig 2015, sa mhéid is go laghdaítear leis a luach saothair ar feadh tréimhse sé mhí, chomh maith le, ar an taobh eile, de réir mar is gá, cinneadh an 12 Iúil 2016 ag diúltú dá ghearán, a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní gá a thuilleadh don chaingean dul ar aghaidh chun breithiúnais.

2. Ordaítear do CX agus don Choimisiún a gcostas féin a íoc.

(1) IO C 475, 19.12.2016.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2022 – CX v an Choimisiún**

**(Cás T-52/20)** (1)

***(Státseirbhís – Oifigigh – Imeachtaí araíonachta – Dífhostú – Cinneadh ath-lánpháirtiú – Iarraidh ar neamhniú – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais – Éileamh ar chúiteamh – Deis ardú céime a chailliúint – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach)***

(2023/C 63/58)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* CX (ionadaí: É. Boigelot, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Choimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Vernier, L. Radu Bouyon agus T. Bohr, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfaí an cinneadh ón gCoimisiún Eorpach é a chur ar ais i ngrád AD 8, leibhéal 5, i bhforghníomhú bhreithiúnas an 13 Nollaig 2018, *CX* v *an Choimisiún* (T-743/16 RENV, nár foilsíodh, EU:T:2018:937), a mhaíonn sé gur tháinig sé ar an eolas faoi le nóta an 21 Márta, 2019, chomh maith le, de réir mar is gá, cinneadh an 21 Deireadh Fómhair 2019 ag diúltú dá ghearán agus, ar an taobh eile, cúiteamh as na damáistí a líomhnaítear a d'fhulaing sé as na cinntí.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá a thuilleadh rialú a dhéanamh ar na héilimh le haghaidh neamhniú.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean mar go bhfuil sé soiléir nach bhfuil aon bhunús dlí leis.

3) Ordaítear do CX agus don Choimisiún a gcostas féin a íoc.

---

(1) IO C 95, 23.3.2020.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2022 – CX v an Choimisiún**

**(Cás T-280/20)** (1)

***(Státseirbhís – Oifigigh – Imeachtaí araíonachta – Dífhostú – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2023/C 63/59)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* CX (ionadaí: É. Boigelot, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Choimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Vernier agus T. Bohr, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí, ar thaobh amháin, cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 28 Meitheamh 2019 lena bhforchuirtear smachtbhanna maidir le dífhostú ar an iarratasóir gan a chearta pinsin a laghdú, chomh maith le, ar an taobh eile, de réir mar is gá, cinneadh an 12 Iúil 2016 ag diúltú dá ghearán, a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá a thuilleadh don chaingean dul ar aghaidh chun breithiúnais.

2) Ordaítear do CX agus don Choimisiún a gcostas féin a íoc.

---

(1) IO C 247, 27.7.2020.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Nollaig 2022 – Leonardo v Frontex**

**(Cás T-675/20)** ([1])

***(Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Nós imeachta tairisceana – Seirbhís aerfhaireachais – Córas aerárthaigh chianrialaithe – Diúltú rochtana – Iarraidh ón dá phríomhpháirtí nach gá breith a thabhairt – Neamhláithreacht tarraingthe siar – Riar cuí an cheartais – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2023/C 63/60)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Leonardo SpA (an Róimh, an Iodáil) (ionadaithe: M. Esposito, F. Caccioppoli agus G. Calamo, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (ionadaithe: H. Caniard, T. Knäbe agus W. Szmidt, Gníomhairí, le cúnamah ó B. Wägenbaur, Dlíodóir)

**Ábhar**

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir, go bunúsach, go ndéanfaí an cinneadh ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) an 5 Deireadh Fómhair 2020, lenar dhiúltaigh an Ghníomhaireacht an t-iarratas dearbhúcháin ar rochtain ar dhoiciméid arna dtíolacadh ag an iarratasóir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO 2001 L 145, lch. 43) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá a thuilleadh don chaingean dul ar aghaidh chun breithiúnais.

2) Ordaítear do Leonardo SpA a chostais féin agus costais na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) a íoc.

([1]) IO C 19, 18.1.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 19 Nollaig 2022 – XH v an Coimisiún**

**(Cás T-522/21)** ([1])

***(Seirbhís Shibhialta – Oifigigh – Ardú céime – Cleachtadh um ardú céime 2020 – Cinneadh lena ndiúltaítear comhad Sysper an iarratasóra a leasú – Cinneadh gan ardú céime a bhronnadh ar an iarratasóir – Teorainneacha ama le haghaidh achomhairc – Ceist leasa poiblí – Pointe tosaigh – Iarratas ar chúnamh dlí – Teorainneacha ama a chur ar fionraí – Ríomh na dteorainneacha ama – Moille – Foiche Dé nó force majeure – Earráid inmhaite – Do-ghlacacht)***

(2023/C 63/61)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* XH (ionadaí: K. Górny-Salwarowska, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Brauhoff, L. Hohenecker agus L. Vernier, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar gcéad dul síos, go gcuirfí Cinneadh an Choimisiúin an 24 Samhain 2020 lena ndiúltaítear a comhad Sysper a leasú, arna dheimhniú le Cinneadh an 16 Meitheamh 2021 lena ndiúltaítear dá héileamh ar neamhní, agus ar an dara dul síos, go gcuirfí Cinneadh an Choimisiúin an 12 Samhain 2020 gan a hainm a chur leis an liosta d'oifigigh a bhain ardú céime amach in 2020, arna dheimhniú an 8 Meitheamh 2021 lena ndiúltaítear dá héileamh, ar neamhní, agus ar an tríú dul síos, cúiteamh as an damáiste a bhain di.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean mar gheall ar a bheith do-ghlactha.

2. Ordaítear do XH na costais a íoc.

---

([1]) IO C 237, an 20.6.2022

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – WhatsApp Ireland v an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí**

**(Cás T-709/21)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – sonraí pearsanta a chosaint – Dréachtchinneadh ón bpríomhúdarás – Réiteach díospóidí idir údaráis mhaoirseachta ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí – Cinneadh ceangailteach – Airteagal 60(4) agus Airteagal 65(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/679 – Acht nach bhfuil faoi réir achomhairc – Gníomh ullmhúcháin – Easpa cúraim dhírigh)***

(2023/C 63/62)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* WhatsApp Ireland Ltd (Baile Átha Cliath, Éire) (ionadaithe: H.-G. Kamann, F. Louis, A. Vallery, Dlíodóirí, P. Nolan, B. Johnston, C. Monaghan, Aturnaetha, P. Sreenan, D. McGrath, SC, C. Geoghegan agus E. Egan McGrath, Abhcóidí)

*Cosantóir:* an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (ionadaithe: I. Vereecken agus G. Le Grand, Gníomhairí, le cúnamh ó G. Ryelandt, E. de Lophem agus P. Vernet, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ceangailteach 1/2021 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí an 28 Iúil 2021, a bhaineann leis an díospóid idir na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann a d'eascair as an dréachtchinneadh maidir le Whatsapp arna dhréachtú ag an Data Protection Commission (údarás maoirseachta um chosaint sonraí pearsanta do dhaoine nádúrtha, Éire) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean toisc é a bheith do-ghlactha.

2) Ní gá a thuilleadh rialú a dhéanamh ar na hiarrataí ar idiragairt ó Phoblacht na Fionlainne, ón gCoimisiún Eorpach, ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ón Computer & Communication Industry Association, ná maidir leis na hiarrataí ar rúndacht a ba chúis leo.

3) Ordaítear do WhatsApp Ireland Ltd a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, cé is moite de na costais a bhaineann leis na hiarrataí ar idiragairt, a íoc.

4) Ordaítear don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí, Poblacht na Fionlainne, an Coimisiún, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus Computer & Communication Industry Association faoi seach a gcostas féin a bhaineann leis na hiarratais ar idiragairt a íoc.

---

([1]) IO C 2, 3.1.2022.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – ICA Traffic v an Coimisiún**

**(Cás T-717/21)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Soláthar poiblí – Nós imeachta caibidlithe gan réamhfhoilsiú fógra tairisceana – Soláthar róbait díghalraithe d'ospidéil Eorpacha i gcomhthéacs na géarchéime COVID-19 – Uaschainníocht táirgí le soláthar faoi chonradh réime – Beart is cuid de réim conarthach amháin – Beart do – chaingne – Doghlacacht)***

(2023/C 63/63)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ICA Traffic GmbH (Dortmund, an Ghearmáin) (ionadaithe: S. Hertwig agus C. Vogt, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Mantl, B. Araujo Arce agus M. Ilkova, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh airbheartaithe an Choimisiúin, arna fhógairt go poiblí i bpreasráiteas an 21 Meán Fómhair 2021, 105 róbat díghalraithe le solas ultraivialait breise a ordú d'ospidéil Eorpacha (COVID-19) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean mar gheall ar a bheith do-ghlactha.

2. Ordaítear do ICA Traffic GmbH na costais a íoc, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis na himeachtaí eatramhacha.

([1]) IO C 2, an 3.1.2022

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – Sunrise Medical agus Sunrise Medical Logistics v an Choimisiún**

**(Cás T-721/21)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Aontas custaim – Comhtharaif chustaim – Ainmníocht taraife agus staidrimh – Aicmiú san Ainmníocht Chomhcheangailte – Ceannteideal taraife – Gníomh rialála lena bhforáiltear bearta cur chun feidhme – Easpa cúraim aonair – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 63/64)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Sunrise Medical BV (Amstardam, an Ísiltír), Sunrise Medical Logistics BV (Amstardam) (ionadaithe: L. Ruessmann agus J. Beck, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Choimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Hradil agus M. Salyková, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína gcaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1367 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2021 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO 2021 L 294, lch. 1) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean toisc é a bheith do-ghlactha.

2) Ordaítear do Sunrise Medical BV agus Sunrise Medical Logistics BV na costais a íoc.

---

(1) IO C 24, 17.1.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 16 Nollaig 2022 – EMS v EUIPO (AIRFLOW)**

**(Cás T-717/21)** (1)

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach – Focalmharc AIRFLOW – Dearbhfhorais le diúltú – Easnamh saintréith – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach)***

(2023/C 63/65)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* EMS Electro Medical Systems GmbH (München, an Ghearmáin) (ionadaithe: K. Scheib agus C. Schulte, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: T. Klee agus E. Nicolás Gómez, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh an Cheathrú Bord achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 29 Meán Fómhair 2021 (Cás R 546/2021-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do EMS Electro Medical Systems GmbH na costais a íoc.

---

(1) IO C 64, an 7.2.2022

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Kremer v an Coimisiún**

**(Cás T-110/22)** (1)

***(Státsheirbhís – Ball foirne ar conradh – Pinsin scoir – Cearta pinsin a fuarthas roimh dhul isteach i seirbhís an Aontais Eorpaigh – Aistriú go scéim an Aontais – Blianta de sheirbhís inphinsin sa bhreis – Caingean le haghaidh neamhniú – Iarratas ar aisíocaíocht an chaipitil a aistríodh nár eascair bónas as – Teorainn ama chun gearán a dhéanamh – Saibhriú éagórach – Do-ghlacthacht fhollasach)***

(2023/C 63/66)

*Teanga an Cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Christiane Kremer (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: D. Grisay agus A. Ansay, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Mongin, M. Brauhoff agus L. Radu Bouyon, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraithe ag tacú leis an gCosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: J. Van Pottelberge agus M. Windisch, i gcáil Gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Bauer agus I. Demoulin, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt, go bunúsach, ar bhonn príomha, sa chéad áit, neamhniú a dhéanamh ar chinneadh an 24 Feabhra 2022 ón gCoimisiún Eorpach lenar diúltaíodh dá gearán sa mhéid go mbaineann sé le neamhniú fhógra an 13 Eanáir 2017 maidir lena cearta pinsin scoir a chinneadh agus, sa dara háit, a cás a aistriú chuig an údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta an Choimisiún a thabhairt i gcrích d'fhonn an méid atá le haisíoc dó a chinneadh agus, de rogha ar an méid sin, a ordú don Choimisiún EUR 55 401,07 a íoc mar gheall ar shaibhriú éagórach.

## An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean toisc toisc í a bheith doghlactha go follasach.

2. Ordaítear do Christiane Kremer a costais féin a íoc chomh maith le costais an Choimisiúin.

3. Ordaítear do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh a gcuid costas féin a íoc.

---

(1) IO C 158, 11.4.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Baert v an Coimisiún**

**(Cás T-111/22)** (1)

***(Seirbhís shibhialta – Pinsean scoir – Cearta pinsin a fuarthas roimh dhul isteach i seirbhís an Aontais Eorpaigh – Aistriú chuig scéim AE – Blianta breise de sheirbhís inphinsin a chreidiúnú – Caingean le haghaidh neamhniú – Iarratas ar aisíocaíocht an chaipitil aistrithe nach bhfuil blianta breise sochair tagtha chun cinn dá bharr – Teorainn ama chun gearán a dhéanamh – Saibhriú éagórach – Do-ghlacthacht fhollasach)***

(2023/C 63/67)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Rhonny Baert (Deinze, an Bheilg) (ionadaithe: D. Grisay agus A. Ansay, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Mongin, M. Brauhoff agus L. Radu Bouyon, Gníomhairí)

*Idiragraithe chun tacú leis na cosantóirí:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: J. Van Pottelberge agus M. Windisch, Gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Bauer agus I. Demoulin, Gníomhairí)

## Ábhar

Trína chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarann an t-iarratasóir, go bunúsach, go príomha, ar an gcéad dul síos, an cinneadh intuigthe líomhnaithe ón gCoimisiún Eorpach an 28 Feabhra 2022 ag diúltú dá ghearán a mhéid is go mbaineann sé le neamhniú fhógra an 21 Nollaig 2016 maidir le cinneadh a cheart pinsin scoir a chur ar neamhní agus, ar an dara dul síos, a chás a tharchur chuig údarás ceapacháin an Choimisiúin chun an méid a bheidh le haisíoc leis a chinneadh agus, mar mhalairt air sin, a ordú don Choimisiún suim EUR 31 066,80 a íoc, ar fhoras an tsaibhrithe éagóraigh lena mbaineann.

## An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean as í a bheith do-ghlactha go follasach.

2. Ordaítear don Uasal Rhonny Baert a chostais féin agus costais an Choimisiúin Eorpaigh a íoc.

3. Íocfaidh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh a gcostas féin.

---

([1]) IO C 158, 11.4.2022.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Samhain 2022 – Belavia v an Chomhairle**

**(Cás T-116/22 R)**

***(Bearta idirlinne – An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne)***

(2023/C 63/68)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Belavia – Belarusian Airlines AAT (Mionsc, an Bhealarúis) (ionadaithe: N. Tuominen agus L. Engelen, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Boggio-Tomasaz agus A. Antoniadis, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena iarratas atá bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, go gcuirfí ar fionraí forghníomhú Chinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/2125 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021, lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO 2021, L 430 I, lch. 16), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2124 ón gComhairle, an 2 Nollaig 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis (IO 2021, L 430 I, lch. 1), a mhéid a bhaineann siad leis an iarratasóir.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta idirlinne.

2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Suicha v EUIPO – Michael Kors (Switzerland) International ("MK MARKTOMI MARKTOMI")**

**(Cás T-264/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "MK MARKTOMI MARKTOMI" – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "MK MICHAEL KORS" roimhe seo – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) agus Airteagal 60(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach)***

(2023/C 63/69)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Lin Suicha (Wenxi, an tSín) (ionadaí: J. Donoso Romero, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: D. Gája agus I. Stoycheva, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Michael Kors (Switzerland) International GmbH (Manno, an Eilvéis) (ionadaithe: J. van Manen, E. van Gelderen agus L. Fresco, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní an cinneadh ón gCéad Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 10 Márta 2022 (Cás R 1899/2021-1).

**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don chaingean.

(2) Ordaítear do Lin Suicha a costais féin a íoc chomh maith leis na costais arna dtabhú ag Michael Kors (Switzerland) International GmbH.

(3) Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a costais féin a íoc.

---

([1]) IO C 244, 27.6.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 9 Nollaig 2022 – AMO Development v EUIPO (Uirlisí Leighis)**

**(Cás T-311/22)** ([1])

***(Dearadh Comhphobail – Dearaí Comhphobail lena léirítear uirlisí leighis – Éagmais iarratas ar athnuachan – Díchlárú na ndearaí ar dhul in éag an chláraithe – Iarratas ar restitutio in integrum – Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 – Dualgas cúram cuí a ghlacadh – Caingean atá gan bhunús sa dlí go follasach)***

(2023/C 63/70)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* AMO Development LLC (Santa Ana, California, na Stáit Aontaithe) (ionadaithe: J. Day, Aturnae, agus T. de Haan, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: T. Klee agus E. Markakis, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 15 Márta 2022 (Cás R 1433/2021-3).

**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don chaingean toisc í a bheith gan bhunús sa dlí go follasach.

(2) Ordaítear d'AMO Development LLC na costais a íoc.

---

([1]) IO C 276, 18.7.2022.

**Caingean arna tabhairt an 14 Samhain 2022 — Portumo Madeira agus Páirtithe Eile v an Coimisiún**

**(Cás T-713/22)**

(2023/C 63/71)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Portumo — Madeira — Montagem e Manutenção de Tubaria, SA (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil), Ponticelli — Consultadoria Técnica, SA (Zona Franca da Madeira) (Funchal), Ponticelli Angoil — Serviços Para a Indústria Petrolífera, SA (Zona Franca da Madeira) (Funchal) (ionadaithe: M. Muñoz Pérez agus P. Casillas Vázquez, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2020) 8550) a chur ar neamhní; ([1])

— mar mhalairt air sin, Airteagal 4(1) den Chinneadh atá faoi chonspóid agus an t-ordú aisghabhála ar an gcabhair atá san fhoráil sin a chur ar neamhní;

— mar mhalairt air sin, Airteagal 4(1) den Chinneadh atá faoi chonspóid agus an t-ordú aisghabhála ar an gcabhair atá san fhoráil sin a chur ar neamhní, mar gheall ar an modh ríomha mícheart arna úsáid chun bunús na cabhrach a chinneadh;

— a ordú don Institiúid is cosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Chinneadh ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2007 i gCás N421/2006, ar Chinneadh ón gCoimisiún an 2 Iúil 2013 i gCás SA.34160 (2011/N), ar Threoirlínte maidir le Cabhair Naisiúnta Réigiúnach i gcóir 2007-2013 agus ar Airteagail 107(3)(a), 21, 45, 49, 54 agus 56 CFAE mar gheall go ndearna an Coimisiún léiriú ar an gcoincheap "gníomhaíochtaí arna ndéanamh go hiarbhír agus go hábhartha i Maidéara" agus "cruthú agus coinneáil post sa réigiún" ar bhealach sriantach.

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 107(3)(a) CFAE ó tharla nár dearbhaíodh go díreach go raibh an scéim cabhrach comhoiriúnach ar an mbunús céanna.

An tríú saincheist dlí, mar mhalairt air sin, lena n-éilítear neamhbhailíocht Airteagal 4(1) den Chinneadh atá faoi chonspóid, a mhéid go ndéantar sárú leis an ordú aisghabhála atá san fhoráil sin ar Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2015/1589, ós rud é go bhfuil sé ar neamhréir le prionsabail ghinearálta an ionchais dhlisteanaigh agus na deimhneachta dlíthiúla.

An ceathrú saincheist dlí, mar mhalairt air sin, lena n-éilítear neamhbhailíocht Airteagal 4(1) den Chinneadh atá faoi chonspóid a mhéid atá ríomh bhunús cánach an státchabhair líomhnaithe mícheart.

([1]) IO 2022 L 217, lch. 49.

**Caingean arna tabhairt an 15 Samhain 2022 — Nova Ship Invest v an Coimisiún**

**(Cás T-720/22)**

(2023/C 63/72)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Nova Ship Invest, Unipessoal, Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: M. Muñoz Pérez agus P. Casillas Vázquez, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2020) 8550) a chur ar neamhní; ([1])

— mar mhalairt air sin, Airteagal 4(1) den Chinneadh atá faoi chonspóid agus an t-ordú aisghabhála ar an gcabhair atá san fhoráil sin a chur ar neamhní;

— mar mhalairt air sin, Airteagal 4(1) den Chinneadh atá faoi chonspóid agus an t-ordú aisghabhála ar an gcabhair atá san fhoráil sin a chur ar neamhní, mar gheall ar an modh ríomha mícheart arna úsáid chun bunús na cabhrach a chinneadh;

— a ordú don Institiúid is cosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Chinneadh ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2007 i gCás N421/2006, ar Chinneadh ón gCoimisiún an 2 Iúil 2013 i gCás SA.34160 (2011/N), ar Threoirlínte maidir le Cabhair Naisiúnta Réigiúnach i gcóir 2007-2013 agus ar Airteagail 107(3)(a), 21, 45, 49, 54 agus 56 CFAE ó tharla go ndearna an Coimisiún léiriú ar an gcoincheap "gníomhaíochtaí arna ndéanamh go hiarbhír agus go hábhartha i Maidéara" agus "cruthú agus coinneáil post sa réigiún" ar bhealach sriantach.

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 107(3)(a) CFAE ó tharla nár dearbhaíodh go díreach go raibh an scéim cabhrach comhoiriúnach ar an mbunús céanna.

An tríú saincheist dlí, mar mhalairt air sin, lena n-éilítear neamhbhailíocht Airteagal 4(1) den Chinneadh atá faoi chonspóid, a mhéid a dhéantar sárú leis an ordú aisghabhála atá san fhoráil sin ar Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2015/1589, ós rud é go bhfuil sé ar neamhréir le prionsabail ghinearálta an ionchais dhlisteanaigh agus na deimhneachta dlíthiúla.

An ceathrú saincheist dlí, mar mhalairt air sin, lena n-éilítear neamhbhailíocht Airteagal 4(1) den Chinneadh atá faoi chonspóid a mhéid atá aisghabháil na cabhrach neamhréirí bunaithe ar mhodh mícheart chun bunús na cabhrach a chinneadh.

([1]) IO 2022 L 217, lch. 49.

**Caingean arna tabhairt an 15 Samhain 2022 — Neottolemo v an Coimisiún**

**(Cás T-724/22)**

(2023/C 63/73)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Neottolemo, Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: G. Leite de Campos agus M. Clemente, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagail 1 go 3, Airteagal 4(1) go (3) agus an dara cuid de mhír 4, agus Airteagail 5 agus 6 de Chinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2020) 8550) a chur ar neamhní; ([1])

— a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí seo a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 108(2) CFAE agus ar Airteagail 21 go 23 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015.

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go bhfuil an Cinneadh faoi chonspóid ag teacht salach ar na forais ar a bhfuil sé bunaithe ar bhealach doleigheasta.

An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na tabhartha cumhachtaí, a chumhdaítear in Airteagal 5 CFAE.

An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 107 CFAE, ós rud é nach ann do státchabhair i roinnt de na cásanna sa Chinneadh agus gur saibhríodh Stát na Portaingéile go héagórach, de shárú ar an bprionsabal um chosc ar an té atá san éagóir (Stát na Portaingéile) tairbhe a bhaint.

An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 26 CFAE maidir leis an margadh inmheánach a chur chun cinn.

([1]) IO 2022 L 217, lch. 49.

---

**Caingean arna tabhairt an 15 Samhain 2022 — Register.com v an Coimisiún**

**(Cás T-725/22)**

(2023/C 63/74)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Register.com, LP — Sucursal em Portugal (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: G. Leite de Campos agus M. Clemente, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagail 1 go 3, Airteagal 4(1) go (3) agus an dara cuid de mhír 4, agus Airteagail 5 agus 6 de Chinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III a chur ar neamhní; ([1])

— a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí seo a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 108(2) CFAE agus Airteagail 21 go 23 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015.

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go bhfuil an Cinneadh faoi chonspóid ag teacht salach ar na forais ar a bhfuil sé bunaithe ar bhealach doleigheasta.

An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na tabhartha cumhachtaí, a chumhdaítear in Airteagal 5 CFAE.

An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 107 CFAE, ós rud é nach ann do státchabhair i roinnt de na cásanna sa Chinneadh agus gur saibhríodh Stát na Portaingéile go héagórach, de shárú ar an bprionsabal um chosc ar an té atá san éagóir (Stát na Portaingéile) tairbhe a bhaint.

An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 26 CFAE maidir leis an margadh inmheánach a chur chun cinn.

([1]) IO 2022 L 217, lch. 49.

**Caingean arna tabhairt an 6 Nollaig 2022 – TB v ENISA**

**(Cás T-760/22)**

(2023/C 63/75)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TB (iondaithe: L. Levi agus N. Flandin, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— CDR 2020 a eascraíonn as Cinneadh 8/2022 an 3 Feabhra 2022 ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin ENISA a chur ar neamhní a mhéid a bhfuil na barúlacha seo a leanas ann:

— Faoi B.1 "Éifeachtúlacht", leathanach 4 – pointe 2) cuir beartas frithchalaoise ar fáil, nuashonrú ar bheartas sceithireachta agus cód iompair:

— "[…] Rinne PO an beartas sceithireachta a nuashonrú mar dhréachtchoincheap ach níor leanadh iad chun údarú a fháil roimh ré ó sheirbhísí COM, ar réamhchoinníoll sonrach é (clásal athbhreithnithe i gcinneadh MB) maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas sceithireachta. Maidir le cód iompair ENISA, cuireadh cinneadh COM i bhfoirm foilseacháin (leabhar) i gceangal le cinneadh MB maidir le straitéis frithchalaoise. Dá bhrí sin, níor ghlac an MB an cód iompair. Foráiltear sa phlean gníomhaíochta 2021 maidir le straitéis frithchalaoise go n-ullmhófar cód iompair i bhfoirm cinnidh ón MB."

— Faoi B.1 "Éifeachtúlacht", leathanach 4 – pointe 3) An ráta gealltanais is fearr a bhaint amach:

— "[…] ach d'fhéadfaí bainistiú buiséid a fheabhsú fós (go háirithe maidir le faireachán a dhéanamh ar C8 agus aistrithe)."

— Faoi B.2 "Acmhainneacht", leathanach 4:

— "[…]. Mar sin féin, ó thaobh sreafaí airgeadais de in PO, bhí roinnt cásanna ann as ar eascair an clárlann in eisceachtaí, go príomha mar ghealltanas *a posteriori* nó mar mhíúsáid cistí C8 agus C1, ceann acu le hábhartacht os cionn EUR 10 000,00."

— Faoi B.3 "Iompar", leathanach 6:

— "[…] Mar thoradh air sin, áfach, tá roinnt cásanna ann ina ndéanann gníomhaire eatramhach ionadaíocht thar ceann na gníomhaireachta i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta le haghaidh cumarsáid chomhpháirteach (ullmhúcháin do ECSM le comhpháirtithe SAM), mar shampla."

— cinneadh an 26 Lúnasa 2022 lena ndiúltaítear don ghearán arna thaisceadh ag an iarratasóir i gcoinne CDR 2020 agus i gcoinne Chinneadh 8/2022 ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin ENISA an 3 Feabhra 2022 a chur ar neamhní a mhéid is gá;

— a ordú cúiteamh an dochar morálta a d'fhulaing an t-iarratasóir;

— a ordú don chosantóir na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil Tuarascáil Forbartha Gairme 2020 (CDR) agus an cinneadh achomhairc neamhdhleathach a mhéid nach raibh aon fhíor-idirphlé ann agus go bhfuil athrith an nós imeachta breithmheasa curtha ó bhail trí Fhógra Riaracháin 1/2021, leathanach 9, agus Airteagal 6(3) de Chinneadh Uimh. MB/2015/15 a shárú.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil CDR 2020 agus an cinneadh achomhairc curtha ó bhail trí earráidí follasacha measúnachta agus spreagadh neamhleor agus sárú ar Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. MB/2015/15 agus ar Fhógra Riaracháin 1/2021, leathanaigh 11 agus 12.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil CDR 2020 agus an cinneadh achomhairc curtha ó bhail mar gheall ar shárú ar na rialacha oibiachtúlachta agus neamhchlaontachta, trí shárú ar Airteagal 41(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus trí shárú ar an dualgas cúraim agus cúnaimh agus ina líomhnaítear go ndearnadh sárú ar an dualgas spreagtha.

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Nollaig 2022 — Frajese v an Coimisiún**

**(Cás T-786/22)**

(2023/C 63/76)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Giovanni Frajese (An Róimh, an Iodáil) (ionadaithe: O. Milanese agus A. Montanari, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2022 lena ndeonaítear údarú margaíochta faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle do "Spikevax – elasomeran", táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine agus lena n-aisghairtear Cinneadh C(2021) 94(final), a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 30 Samhain 2022; agus

(2) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún Eorpach an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena ndeonaítear údarú margaíochta faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle do *"Comirnaty — tozinameran, vacsaín mRNA COVID-19 (núicléisíd-modhnaithe)"*, táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine agus lena n-aisghairtear Cinneadh C (2020) 9598 (final), a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 30 Samhain 2022;

— a ordú don pháirtí eile costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an achomharc, braitheann an t-achomharcóir ar dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear éagmais/neamhiomlán éifeachtúlacht agus sábháilteacht staidéar de shárú ar Rialacháin (CE) Uimh. 507/2006, ([2]) Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 agus Treoir 2001/83/CE ([3]), ar na Conarthaí agus ar reachtaíocht an Chomhphobail.

   Maíonn an t-iarratasóir, ina leith sin:

   — Éagmais/neamhiomlán staidéar. Níor comhlíonadh na hoibleagáidí a fhorchuirtear le deonú údaruithe coinníollacha agus níor cuireadh i gcrích riamh trialacha cliniciúla dhall randamacha faoi riail placebo i gcrích riamh. Luaitear go sainráite sna hiarscríbhinní a ghabhann leis na cinntí cur chun feidhme atá faoi achomharc nach bhfuil aon staidéir ann a mheastar a bheith riachtanach agus éigeantach i Rialachán Uimh. 726/2004 agus i Rialachán Uimh. 507/2006 agus i dTreoir 2001/83/CE chun críocha caighdeán AIC a dheonú. Tá támháin (ALC-0315, ALC-0159 agus SM-102) i leigheasanna údaraithe nach gceadaítear a n-úsáid ach amháin chun críocha taighde le toirmeasc sainráite ar úsáid an duine nó úsáid tréidliachta. Níor léiríodh nó nár tástáladh sábháilteacht na teicneolaíochta a úsáideadh agus ní dhearnadh staidéar ar a próifílí cógastocsaineolaíocha.

   — Mainneachtain an staidéar a chríochnú nó an tráthchlár bunaidh a thabhairt chun críche go luath. Le linn an dá bhliain sin, fuarthas amach nach raibh éifeachtúlacht steirilithe ag táirgí íocshláinte údaraithe ná go raibh siad in ann éifeachtaí tromchúiseacha an ghalair a laghdú. Ní féidir an tástáil seo a thairiscint a thuilleadh, ós rud é go bhfuil grúpaí placebo vacsaínithe, rud a chuireann deireadh leis na grúpaí rialaithe. Tá easpa sábháilteachta cógas údaraithe ann freisin, mar a léirítear le staidéir foilsithe iomadúla agus leis na sonraí faireachais cógas céanna, a bhaineann leis an méadú géar ar bhásmhaireacht i ngach tír san Aontas agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas ina raibh dianfheachtas vacsaínithe, mar a léirítear go sonrach agus a líomhnaítear san iarratas.

   — Éagmais aon iarratas ar thiontú ar son na cuideachtaí. Rinneadh na húdaruithe a thiontú ina gcaighdeáin ar bhonn na "*sonraí a tíolacadh*" amháin agus in éagmais *iarraidh shonrach ar* thiontú ó chuideachtaí cógaisíochta, i sárú soiléir ar an nós imeachta.

   — Mainneachtain tuairim iomlán ón gCoiste a fháil.

   — Mainneachtain fógra a thabhairt do na Ballstáit de shárú ar Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 726/2004.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an réamhchúraim.

   Éilítear i dtaca leis sin go sáraítear leis na cinntí cur chun feidhme atá faoi chonspóid prionsabal an réamhchúraim, mar a shainmhínítear i nDearbhú Rio de Janeiro 1992 agus a trasuíodh leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, rud atá infheidhme nuair a d'fhéadfadh éifeachtaí contúirteacha a bheith ag feiniméan, táirge nó próiseas agus nach féidir an riosca a chinneadh le cinnteacht leordhóthanach. Tugann cur i bhfeidhm na bprionsabal sin i réimse na nuálaíochta sláinte agus cógaisíochta le tuiscint, i gcás ina bhfuil éiginnteacht eolaíoch ann, as a d'fhéadfadh riosca tromchúiseach agus do-aisiompaithe a bheith ann gur gá go dtitfeadh an rogha idir an táirge sin a úsáid nó gan é a úsáid ar neamhúsáid, ós rud é nach mór tús áite a thabhairt do chosaint shláinte an duine aonair.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáide tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO 2004 L 136, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 507/2006 ón gCoimisiún an 29 Márta 2006 maidir le húdarú margaíochta coinníollach le haghaidh táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2006 L 92, lch. 6)

([3]) Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO 2001 L 311, lch. 67).

**Caingean arna tabhairt an 19 Nollaig 2022 – PT v an Coimisiún**

**(Cás T-788/22)**

(2023/C 63/77)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* PT (ionadaí S. Orlandi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

a dhearbhú agus breithiúnas a dhéanamh,

— a ordú don Choimisiún Eorpach an caipiteal nuashonraithe atá in ionannas lena cearta pinsin a d'aistrigh sí chuig Scéim Pinsin Institiúidí an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 11(2) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a aisíoc leis an iarratasóir,

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

**Saincheist dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist amháin.

Agraíonn an t-iarratasóir saibhriú éagórach, sa mhéid is gur aistrigh sí a cearta pinsin chuig Scéim Phinsin Institiúidí an Aontais Eorpaigh ("RPIUE"), rud a d'eascair "bónas" blianachtaí a aithnítear san RPIUE. Mar sin féin, níor thug an "bónas" seo aon mhéadú ar mhéid an phinsin a íocadh leis faoin gceathrú mír d'Airteagal 77 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (na "Rialacháin Foirne"), ríomh atá bunaithe go heisiach ar bhlianta seirbhíse (gan blianachtaí a aithnítear faoi aistriú cearta pinsin a áireamh).

Dá ndiúltófaí na cearta pinsin aistrithe a thabhairt ar ais, rud nach mbíonn aon éifeacht leis nuair a bhíonn feidhm ag an liúntas íosta cothabhála dá dtagraítear sa cheathrú mír d'Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne, dar leis an iarratasóir, bheadh saibhriú éagórach chun sochair don Aontas Eorpach.

---

**Caingean arna tabhairt an 1 Nollaig 2022 – Sberbank Europe v BCE**

**(Cás T-790/22)**

(2023/C 63/78)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Sberbank Europe AG (Vín, an Ostair) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Banc Ceannais Eorpach (BCE)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh BCE dár dáta an 21 Meán Fómhair 2022 trínar dhiúltaigh BCE d'iarratas an iarratasóra ar rochtain ar mheasúnú BCE ar chliseadh nó an dócha go gclisfear de bhun na rialacha lena rialaítear rochtain phoiblí ar dhoiciméid maidir le Sberbank Slovenia (Sberbank banka d.d);

— a ordú do BCE costais an iarratasóra a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh BCE cearta an iarratasóra trí mhainneachtain déileáil le hiarratas an iarratasóra i gcinneadh cuimsitheach amháin a chuireann san áireamh gach gné ábhartha dlí agus go háirithe gur thug BCE neamhaird ar fhorais áirithe rochtana, gur neodraigh sí go saorga forais áirithe rochtana, go ndearna sí léirmhíniú earráideach ar an gcóras rochtana poiblí ar bhealach a gcuireann srian le rochtain agus trédhearcacht in ionad iad a leathnú, gur theip uirthi gach córas rochtana a léiriú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach, gur theip uirthi ráiteas leordhóthanach ar chúiseanna a thabhairt, go ndearna sí earráid trí chinneadh ar leithligh a ghlacadh maidir le ceart féideartha rochtana de bhun Airteagal 22(2) SSMR ([1]) agus Airteagal 32(1) SSMFR, ([2]) go ndearna sí prionsabal na cosanta dlí éifeachtaí de bhun Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a eisiamh go hearráideach agus gur ghlac sí go hearráideach go raibh oibleagáid uirthi téacs mheasúnú FOLTF (ar chliseadh nó an dócha go gclisfear) neamhfholaithe a choinneáil siar.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear easpa bunús leordhóthanach ag an gcinneadh atá faoi chonspóid agus go bhfuil sé curtha ó bhail ag earráidí follasacha measúnaithe toisc nach bhfuil aon chúis inaitheanta ná aon mhíniú ann cén fáth go sonrach ar ghá na codanna folaithe de mheasúnú FOLTF a choinneáil siar.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur bhain BCE míthuiscint as agus gur chuir sí Airteagal 4(1)(c) de Chinneadh BCE um Rochtain Phoiblí, ([3]) Airteagal 27 SSMR, Airteagal 53 CRD IV ([4]) agus cinneadh *Baumeister* ón gCúirt Bhreithiúnais i bhfeidhm go mícheart. ([5])

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur bhain BCE míthuiscint as agus gur chuir sí Airteagal 4(2) de Chinneadh BCE um Rochtain Phoiblí i bhfeidhm go mícheart.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil an cinneadh faoi chonspóid lochtach ó thaobh nós imeachta de toisc gur theip ar BCE rochtain a dheonú ar an gcomhad de bhun Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta as ar tháinig an cinneadh atá faoi chonspóid.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa (IO L 287, lch. 63).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat le haghaidh comhair laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus údaráis inniúla náisiúnta agus leis na húdaráis náisiúnta ainmnithe (Rialachán maidir le Creat SAM) (IO L 141, lch. 1)).

([3]) Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Márta 2004 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE/2004/3) (2004/258/CE) (IO L 80, lch. 42).

([4]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus ar mhaoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, lch. 338).

([5]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 19 Meitheamh 2018 *Bundesanstalt für Finanzdienstleistungsaufsicht* v *Ewald Baumeister* (C-15/16, EU:C:2018:464).

**Caingean arna tabhairt an 26 Nollaig 2022 – Ordre néerlandais des avocats du barreau de Bruxelles agus páirtithe eile v an Chomhairle**

**(Cás T-797/22)**

(2023/C 63/79)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Ordre néerlandais des avocats du barreau de Bruxelles (an Bhruiséil, an Bheilg) agus deichniúr iarratasóirí eile (ionadaithe: P. de Bandt, T. Ghysels, J. Nowak, T. Bontinck agus A. Guillerme, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagal 1, (12) de Rialachán (AE) 2022/1904 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine agus Airteagal 1, (13) de Rialachán (AE) 2022/2474 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, a mhéid a mhalartaítear agus a leasaítear leo, míreanna 2 agus 4 go 12, agus míreanna 2 agus 4 go 11 d'Airteagal 5(n) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine faoi seach, a mhéid a bhaineann le seirbhísí comhairleoireachta dlí;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar na cearta bunúsacha chun an saol príobháideach a chosaint chomh maith le rochtain ar an gceartas, dá bhforáiltear, faoi seach, in Airteagail 7 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a mhéid a dhéantar treascairt ar cheart gach duine comhairle dlí a lorg óna dhlíodóir, chomh maith le prionsabal na rúndachta proifisiúnta agus prionsabal neamhspleáchais an dlíodóra.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta, a mhéid nach oiriúnach toirmeasc ginearálta ar sheirbhísí comhairleoireachta dlí chun na cuspóirí atá á saothrú ag an Aontas, i gcomhthéacs na coimhlinte idir an Rúis agus an Úcráin, a bhaint amach, agus téitear thar cuimse a bhfuil fíor-riachtanach leis chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, a mhéid nach mbeadh toirmeasc ginearálta ar sheirbhísí comhairleoireachta dlí soiléir ná cruinn agus nach gceadófaí intuarthacht dá laghad lena chur i bhfeidhm.

---

**Caingean arna tabhairt an 28 Nollaig 2022 – Ordre des avocats à la cour de Paris agus Couturier v an Chomhairle**

**(Cás T-798/22)**

(2023/C 63/80)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Ordre des avocats à la cour de Paris (Páras, an Fhrainc), Julie Couturier (Páras) (ionadaí: L. Donnedieu de Vabres, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil dlínse aici rialú a dhéanamh ar an gcaingean le haghaidh neamhniú seo sa mhéid is nach bhfuil a dlínse chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht teoranta ar dhóigh ar bith i gcás rialacháin arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 215 CFAE a thugann éifeacht do sheasaimh an Aontais arna ghlacadh i gcomhthéacs CBES,

— a dhearbhú go bhfuil a gcaingean inghlactha, faoi Airteagal 263, mír 4, CFAE,

— Airteagal 1(12) de Rialachán (AE) 2022/1904 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine agus Airteagal 1(13) de Rialachán (AE) 2022/2474 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine a chur ar neamhní, sa mhéid is go ndéantar mír 2 agus míreanna 4 go 12 a chur ina n-ionad agus a leasú leo faoi seach, chomh maith le mír 2 agus míreanna 4 go 11 d'Airteagal 5n de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, maidir le seirbhísí comhairleoireachta dlí, sa mhéid is go sáraítear le hAirteagal 5n arna leasú:

 — an oibleagáid cúiseanna a lua dá bhforáiltear in Airteagal 296 CFAE,

 — chomh maith le

 — pribhléid an dlíodóra, arna cosaint in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

 — an ceart chun "comhairle" ó dhlíodóir, arna chosaint i mír 2 d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

 gan urramú a dhéanamh ar ábhar bunriachtanach na gceart agus na saoirsí sin nó ar phrionsabal na comhréireachta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 52§ 1 den Chairt um Chearta Bunúsacha,

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, dá bhforáiltear in Airteagal 296 CFAE.

 — Maíonn na hiarratasóirí, ina leith sin, nach dtugann an Chomhairle aon mhíniú ar an gcúis atá leis an toirmeasc ginearálta ar sheirbhísí comhairle dlí neamhchonspóideacha a sholáthar. Is éard atá san aithris amháin a bhaineann leis an toirmeasc ginearálta sin (aithris 19 de Rialachán 2022/1904), i ndáiríre, ná sainmhíniú simplí ar na seirbhísí lena mbaineann, agus ní thugtar i gcás ar bith míniú "soiléir agus aonchiallach" ar "réasúnú an institiúid, údar an ghnímh", mar a éilíonn an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta. Ós rud é nach bhfuil aon mhíniú ann ar an gcúis atá leis an toirmeasc sin agus ar an gcaoi a bhféadfaí an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach, ní cheadaítear dá bhrí sin go mbeadh a fhios ag na hiarratasóirí na cúiseanna atá leis an mbeart a glacadh ná ag an gcúirt inniúil rialú a fheidhmiú.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phribhléid an dlíodóra.

 — De réir na n-iarratasóirí, bheadh sé d'oibleagáid ar dhlíodóir ar mian leis comhairle a thabhairt do dhuine dlítheanach nó d'eintiteas atá bunaithe sa Rúis, á mheas go dtiocfadh comhairle dlí den sórt sin faoi raon feidhme na maoluithe i mír 10 d'Airteagal 5n de Rialachán Uimh. 833/2014 arna leasú, údarú a fháil roimh ré ón údarás inniúil náisiúnta, agus dá bhrí sin, chun na críche sin, faisnéis a nochtadh dó, cé gur faoi rún daingean í de réir nádúr, ní hamháin ar an ábhar ach freisin ar an gcomhairliúchán a chaithfidh sé a dhéanamh agus ar a chliant ionchasach. Níl an cur isteach sin ar phribhléid an dlíodóra iomchuí chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach ná fíor-riachtanach don chuspóir sin.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun "comhairle" a fháil ó dhlíodóir.

 — De réir na n-iarratasóirí, trína cheart chun comhairle dlí arna soláthrú ag dlíodóir a bhaint de dhuine, cuirtear le hAirteagal 5n arna leasú de Rialachán Uimh. 833/2014 ar an duine a bheith curtha ar an eolas faoina chearta agus ó bheith in ann cinneadh a dhéanamh cás a thabhairt os comhair cúirte inniúla. Mar sin féin, ní mór an ceart chun comhairle a fháil a chosaint ó thaobh an leighis de i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt. Níl an sárú sin ar an gceart chun "comhairle" a fháil ó dhlíodóir iomchuí chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach, ná fíor-riachtanach don chuspóir sin.

**Caingean arna tabhairt an 30 Nollaig 2022 – TZ v an Chomhairle**

**(Cás T-803/22)**

(2023/C 63/81)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TZ (ionadaí: J. Janssen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— admháil agus seasamh leis na saincheisteanna ar neamhniú a ardaíodh san iarratas seo;

— Caibidil III de Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna ([1]) arda fuinnimh ("an Rialachán atá faoi chonspóid") a chur ar neamhní;

— mar mhalairt air sin, Airteagal 15 den Rialachán atá faoi chonspóid sa mhéid is go gceadaíonn sé tobhach chúlghabhálach de ranníocaíocht dlúthpháirtíochta thar thréimhse na bliana 2022 a neamhniú; agus

— a ordú don Chomhairle costais an nós imeachta seo a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur glacadh an Rialachán atá faoi chonspóid go mícheart ar bhonn Airteagal 122(1) CFAE agus gur cheart go nglacfadh an Chomhairle é, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, toisc go bhfuil na bearta fioscacha sa Rialachán atá faoi chonspóid.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sárú é an Rialachán atá faoi chonspóid ar an gceart chun maoine mar a chumhdaítear in Airteagal 1 den Chéad Phrótacal a ghabhann leis an ECHR agus in Airteagal 17 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, chomh maith le prionsabail dhlíthiúlachta agus deimhneachta dlíthiúla an Aontais Eorpaigh, sa mhéid is go a gceadaíonn an Rialachán atá faoi chonspóid cur i bhfeidhm cúlghabhálach.

([1]) IO 2022, L 261 I, lch. 1.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Nollaig 2022 — an Pholainn v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás T-830/22)**

(2023/C 63/82)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na Polainne (ionadaithe: B. Majczyna agus S. Żyrek, Gníomhairí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— na cinntí ón gCoimisiún Eorpach atá sna litreacha dar dátaí an 12 Deireadh Fómhair 2022 ([1]) agus an 23 Samhain 2022 ([2]) i ndáil leis na méideanna is infhaighte a fhritháireamh trí íocaíochtaí pionósacha laethúla arna bhforchur le hordú ó Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 27 Deireadh Fómhair 2021 (*an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-204/21 R, EU:C:2021:878) don tréimhse idir an 15 Iúil 2022 agus an 29 Lúnasa 2022 a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir go ndearnadh sárú ar Airteagail 101 agus 102 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 98, ([3]) ó tharla gur chuir an Coimisiún an nós imeachta um méideanna is infhaighte a aisghabháil trí fhritháireamh i bhfeidhm, d'ainneoin gur forchuireadh íocaíocht phionósach laethúil le hordú an 27 Deireadh Fómhair 2021 go dtí dáta comhlíonta an ordaithe ó Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 14 Iúil 2021 ([4]) agus nach raibh feidhm a thuilleadh ag na forálacha a ceanglaíodh go gcuirfí deireadh lena gcur i bhfeidhm leis an ordú sin an 15 Iúil 2022.

([1]) Litir ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2022, Tagairt: ARES(2022)7041596.

([2]) Litir ón gCoimisiún an 23 Samhain 2022, Tagairt: ARES(2022)8087579.

([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014 agus (AE) Uimh. 283/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1).

([4]) Ordú ó Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnas an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-204/21 R, EU:C:2021:593.

**Caingean arna tabhairt an 22 Nollaig 2022 – TO v EUAA**

**(Cás T-831/22)**

(2023/C 63/83)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TO (ionadaí: É. Boigelot, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean inghlactha agus go bhfuil údar maith leis agus dá réir sin;

— Cinneadh an [*faoi rún*] ([1]) lena gcuirtear conradh an iarratasóra ar ceal, faoin tagairt [*faoi rún*], arna ghlacadh ag [*faoi rún*], a tháinig i bhfeidhm ar an lá céanna agus ar tugadh fógra dó ina leith an [*faoi rún*];

— a ordú don chosantóir cúiteamh sealadach as damáiste ábhartha agus neamhábhartha trí chéile de EUR 45 000 faoi réir athrú le linn na n-imeachtaí;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagail 1d, 1e(2), 12, 12a, 17(1), 22a agus 25(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, is infheidhme de réir analaí maidir le baill foirne ar conradh de bhun Airteagail 10 agus 11 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, agus sárú ar Airteagail 8, 31(1), 41(1) agus 41(2)(a) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 10 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabail bhunúsacha agus ghinearálta dhlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear, go háirithe, prionsabal fheidhmiú éifeachtach chearta na cosanta, prionsabal an neamh-idirdhealaithe, prionsabal na rúndachta, prionsabal na comhréireachta agus prionsabal an dea-riaracháin.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an bprionsabal lena n-éilítear ar lucht an riaracháin cinneadh a dhéanamh ar fhorais atá inghlactha go dlíthiúil, is é sin le rá, atá ábhartha agus nach bhfuil curtha ó bhail trí earráidí follasacha measúnaithe, fíorais nó dlí, agus trí iomarca agus mí-úsáid cumhachta.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an dualgas cúraim agus go mbaintear an bonn de dhínit agus de chlú an iarratasóra.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh, *inter alia*, Airteagail 4, 5, 14, 16(2)(b) agus (e), 16(3), 17(1) (e) agus (g), 18 agus 19 de Rialachán (AE) 2018/1725 [3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE.

---

(1) Sonraí faoi rún folaithe.
(2) IO 2013 L 248, lch. 1.
(3) IO 2018 L295, lch. 39

---

**Caingean arna tabhairt an 9 Eanáir 2023 – UA v EUAA**

**(Cás T-3/23)**

(2023/C 63/84)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* UA (ionadaí: É. Boigelot, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean inghlactha agus bunús maith leis agus mar gheall air sin;

— Cinneadh Uimh. 99 dá dtagraítear (*faoi rún*) [1] arna ghlacadh ag Bord Bainistíochta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann an (*faoi rún*), arna chur in iúl trí phost an [faoi rún] ag rúnaíocht an Bhoird Bainistíochta, agus, a mhéid is gá, gach gníomh agus cinneadh ullmhúcháin agus/nó cur chun feidhme lena gcinn an Bord Bainistíochta "go n-ordófar do (*faoi rún*) an damáiste a d'fhulaing an Ghníomhaireacht mar thoradh ar mhí-iompar pearsanta tromchúiseach is bun lena dliteanas airgeadais pearsanta i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a chúiteamh. Cuirfear na bearta agus na socruithe lena gcuirfear an cúiteamh seo i bhfeidhm in iúl go leithleach chuig (*faoi rún*)" a chur ar neamhní;

— a ordú don chosantóir cúiteamh sealadach de EUR 25 000 a íoc mar chúiteamh ar an damáiste ábhartha agus neamhábhartha go léir, faoi réir leasuithe le linn na n-imeachtaí;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 22 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ("na Rialacháin Foirne") is infheidhme de réir analaí maidir le seirbhísigh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, go ndearnadh sárú ar na Treoirlínte maidir le hAirteagal 22 de na Rialacháin Foirne (freagracht airgeadais oifigeach) a chur i bhfeidhm agus go háirithe Airteagail 2.1, 2.3.2 agus 3.2 dóibh, go ndearnadh sárú ar chearta cosanta, go háirithe Airteagail 3, 4 agus 22 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne (ceart chun éisteachta) arna déanamh infheidhme le hAirteagal 22 de na Rialacháin Foirne, go ndearnadh sárú ar Airteagail 41(1) agus (2)(a), 48 agus 51(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe, easpa ábharthachta na bhfíricí líomhnaithe, ráiteas ar chúiseanna neamhleor, sárú ar an bprionsabal *non bis in idem*, sárú ar an dualgas cúraim i leith oifigigh, sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, an dea-riaracháin agus na comhréireachta, prionsabal na seirbhíse poiblí amháin agus na córa comhionainne, sárú ar an bprionsabal go gcaithfear doiciméid a fhorléiriú de réir a dtéarmaí iarbhír agus mí-úsáid cumhachtaí.

---

([1]) Sonraí rúnda fágtha ar lár.

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Eanáir 2023 – Illumina v an Coimisiún**

**(Cás T-5/23)**

(2023/C 63/85)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Illumina, Inc. (Wilmington, Delaware, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: D. Beard, F. González Dias, M. Siragusa agus T. Spolidoro, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh an Choimisiúin an 28 Deireadh Fómhair 2022 i gCás M.10938 – Illumina/GRAIL (an Cinneadh) a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún costais dlí an iarratasóra agus táillí agus speansais eile arna dtabhú i ndáil leis an iarraidh seo.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh earráid dlí leis an gCinneadh, agus go ndearnadh earráidí fíorais agus measúnaithe leis, ar theacht ar an tuairim leis gur comhlíonadh na coinníollacha chun bearta eatramhacha *ex* Airteagal 8(5)(c) de Rialachán Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais ([1]) a rialú (an Rialachán um Chumaisc).

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil an Cinneadh díréireach, go ndéantar earráidí fíorais agus measúnaithe leis, go mainnítear cúiseanna leordhóthanacha a shonrú leis, agus/nó go gcuirtear ó bhail é de dheasca easpa spreagtha, ar chinneadh leis go raibh na bearta eatramhacha riachtanach agus iomchuí chun críocha cuspóirí Airteagal 8(5)(c) den Rialachán um Chumaisc.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil forálacha an Chinnidh maidir le maoiniú díréireach mar go gcuirtear srian leo go héagórach ar chumas Illumina athbhreithniú a dhéanamh ar chomhréireacht iarratais maoinithe.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go ndéantar tarmligean neamhdhleathach leis an gCinneadh ar chumhachtaí fhorfheidhmithe an Choimisiúin le hiontaobhaí faireacháin agus go n-éilítear ar an iarratasóir leis na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí an iontaobhaí faireacháin a íoc.
5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear go n-eisiatar oibleagáidí conarthacha réamhbheitheach go díréireach ó eisceachtaí maidir le hoibleagáidí imfhálaithe leis an gCinneadh, agus go mainnítear cúiseanna leormhaithe a thabhairt don eisiamh sin.
6. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear go bhforchuirtear srianta iomarcacha, díréireacha agus nach dócha gur féidir a fhorfheidhmiú ar ghníomhaireachtaí na bPáirtithe le linn na tréimhse eatramhaigh leis an gCinneadh.

(1) IO 2004, L 24, lch. 1.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Smith & Nephew USD agus Smith & Nephew USD One v an Coimisiún**

**(Cás T-780/19)** (1)

(2023/C 63/86)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D’ordaigh Uachtarán an Dara Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

(1) IO C 45, 10.2.2020.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 19 Nollaig 2022 – Schwa-Medico v EUIPO – Med-El Elektromedizinische Geräte (STIWELL)**

**(Cás T-76/22)** (1)

(2023/C 63/87)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

D’ordaigh Uachtarán an Chéad Dlísheomra an cás a bhaint den chlár.

(1) IO C 148 an 4.4.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Nollaig 2022 – PV v Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh**

**(Cás T-443/22)** (1)

(2023/C 63/88)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

D’ordaigh Uachtarán an Deichiú Dlísheomra an cás a bhaint den chlár.

(1) IO C 380 an 3.10.2022.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA